
Carna

Cill Chiaráin

# Iorras Aithneach 2008



An Fóram do Phobal Iorras Aithneach

Luach €7




Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
**Co. na Gaillimhe**
Teil: (091) 503100
Facs: (091) 503101

Baile Mhic Íre,
Maigh Chromtha,
**Co. Chorcaí**
Teil: (026) 45366
Facs: (026) 45423

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
**Co. Dhún na nGall**
Teil: (074) 9560100
Facs: (074) 9560101

Páirc Ghnó an Daingin
An Daingean,
**Co. Chiarraí**
Teil: (066) 9150100
Facs: (066) 9150101


Áislann Bhéal an Mhuirthead,
Béal an Mhuirthead,
**Co. Mhaigh Eo**
Teil: (097) 81418
Facs: (097) 82179

e: eolas@udaras.ie | w: www.udaras.ie

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Údarás na Gaeltachta

# *Focal ón Eagarthóir*



**Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir, Iorras Aithneach 2008**

Bliain eile caite agus an Nollaig linn aríst. Bliain a thug an t-áthas agus brón chugainn – bliain a bhí go maith agus bliain a bhí go dona. Is beag rud atá níos brónaigh i bpobal ar bith ná dúnadh scoile agus tharla sin i 2008. Tá an doras dúinte agus glas curtha ar Scoil Mhuighrois. Tá an daonra óg laghdaithe go mór sa bpobal. Níl na jabanna ná na deiseanna saothraithe airgid ann. Caithfear díriú ar na ceisteanna móra sin san athbhliain aríst. Mar gan daonra láidir daoine óga agus jabanna a bheith ar fáil ní bheidh Gaeilge ná ceol ná aon bhlas eile ann amach anseo – ach bánú agus tuilleadh bánaithe. Ach, sin ceisteanna atá le tarraingt anuas in áit éicint eile.

Ach, má tá sruth an tsaoil ina n-aghaidh féin, ní shin le rá nach bhfuil miotal agus teacht aniar sa bpobal fós. Ba iontach a chruthaigh foirne peile an cheantair i mbliana fiú agus go raibh riar mhór de na himreoirí ba mhó cáil thar sáile. Ní raibh aon bharúil ag daoine do na foirne idirmheánacha agus sóisir de bharr na n-iarrantaí a bhí faighte acu ón imirce. Ach, caithfear a rá freisin go ndearna oifigigh chumann Charna/an Chaisil socruithe maithe i dtaobh traenáil na foirne. Nár laga Dia iad – thug siad misneach dúinn uilig le linn na bliana.

I bhfad ó bhaile i Meiriceá choinnigh muintir an phobail seo leis an traidisiún láidir polaitíochta a bhí ann le fada an lá. Toghadh Margaret Craven – Mairéad Ní Chonghaile as Leitir Ard ó dhúchas – ina Seanadóir i Stát Maine. Ba iontach an ghaisce a rinne sí. Toghadh Martin Walsh, arbh as Roisín na Mainíoch a athair, ina Fheisire Pairliminte aríst i Stát Mhassachusetts. Tá os cionn 10 mbliana caite anois aige sa bPairlimint agus is cara mór é le áit dhúchais a mhuintire.

Is údar bróid do mhuintir an phobail sa mbaile go bhfuil an chuid den phobal atá i Meiriceá ag baint na gcéimeanna sin amach – mar ní stopann teorainn an phobail seo ag droichead Bhun na hAbhann, ná ag droichead Inniúir. Tá pobal na háite seo scaipthe i bhfad agus i ngearr – daoine óga chomh fada ó bhaile leis an Astráil anois agus glúnta eile i Meiriceá agus i dtíortha eile. Tá a fhios againn go leightear irisleabhar "Iorras Aithneach" i measc mhuintir Charna agus Chill Chiaráin ar fud an domhain agus feictear dúinn go gcoinníonn leabhar "Iorras Aithneach" ceangal idir an pobal sa mbaile agus an pobal atá as baile, agus thar sáile.

Is iomaí sin cur síos agus plé atá le déanamh ar phobal Iorras Aithneach – agus gach a bhfuil in ann dó – anois. Tá cuid dó sin san Irisleabhar seo. Ach, thar aon bhlas eile, tá súil againn go mbeidh an chraic agaibh ar an irisleabhar seo, go ndúiseoidh sí cuimhní cinn, go mbainfidh sí gáire amach agus go mbainfear sult agus solamar aistí.

Guíonn muid Nollaig shona dhíbh uilig sa mbaile, ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Go mba fearr a bheidh sibh uilig an t-am seo aríst.


### Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a chabhraigh linn aríst i mbliana agus muid ag cur irisleabhar "Iorras Aithneach" i dtoll a chéile. Tá muid faoi chomaoin ag daoine a thugann pictiúir dúinn – iad siúd a tharraingíonn pictiúir i rith na bliana agus iad siúd a thugann sean-phictiúir dúinn. Is mór a chuireann sibh uilig le fiúntas an irisleabhair seo.

Ar ndóigh, ní bheadh an irisleabhar ann ach an oiread de uireasa na scribhneoirí agus chuireadar ábhar breá ar fáil aríst i mbliana.

Fiú agus go bhfuil cúrsaí na heacnamaíochta gaibhte in olcas le bliain níor loic an dream a thugann fógraí dúinn. Is maith an aghaidh orthu uilig go bhfaighidís tacaíocht agus gnó uainn uilig.

Rinne Áine Máire Ní Fhlatharta, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin agus Caitlín Nic Dhonnchadha obair mhór san oifig anseo i gCarna – bíonn go leor oibre le déanamh i gcaitheamh na bliana ar an irisleabhar.

Tá muid buíoch do Údarás na Gaeltachta as an oifig a chur ar fáil dúinn agus don eagraíocht FÁS as a dtacaíocht siúd.

Déanann Clódóirí Lurgan obair shlachtmhar agus obair bhreá ar an irisleabhar chuile bhliain agus sí Sorcha Ní Chonghaile an bhean a bhíonn ar an stiúir. Go mba fada buan sibh uilig.


### Coiste Irisleabhar "Iorras Aithneach 2008"

Áine Máire Ní Fhlatharta (An Aird Mhóir), Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin (Leitir Ard), Máirtín Ó Gríofa (Muigh Inis), Louis Mac an Iomaire (Ros Dúgáin), Micheál Ó Maoláin (An Aird Mhóir) agus Máirtín Ó Catháin (Gabhla).

## An Clúdach tosaigh

***Lár báire*** – Edel Ní Dhúbhda as Carna a bhí ina Bánríon ar Sheó Chloch na Rón i mbliana. Beidh sí san iomaíocht do Rós na Gaillimhe i 2009.

***Barr ar chlé – agus ag dul thimpeall de réir an chloig…***

**Seanadóir** – Margaret Craven…Mairéad Mhattie Sheáinín as Leitir Ard a toghadh ina Seanadóir Stáit i Maine i mbliana.

**Suíochán Céibhe** – Ó chlé: Sibeál Ní Fhlatharta (An Aird Mhóir), Kate Ní Chualáin (Carna) agus Adrienne Ní Chualáin (Ruisín na Mainíoch) ar Chéibh Chill Chiaráin.

**Ceannasaí póilíní** – Colm Lydon an tríú duine is airde céime anois sa Boston Police. Mac é le Cóilín Joe Choilm Liam as Roisín an Mainíoch agus Bríd an Ghabh (Nic Dhonnchadha) as Leitir Ard. Tá cónaí orthu i Walpole i Massachussetts.

**Cailíní Chill Chiaráin** – Sharon Ní Thuathail ar chlé agus Michelle Nic Dhonnacha agus Sophia Nic Dhonnacha an bhean bheag chun tosaigh.

**Debs:** Cillian de Búrca (Bantrach Ard) agus Niamh Ní Choirbín (an Aird Thiar. Ag Debs na Scoile Pobail i mbliana.

**Seasamh maith ag an rópa!** – Roibeárd Seoige (Bátrach Ard) ar chlé agus Máirtín Ó Clochartaigh (Aird Mhóir).

**Sydney sa bhFómhar** – Daoine thall agus daoine ar cuairt ansin. Ó chlé: Sarah Ní Dhonnchadha (Cill Chiaráin), Bairbre Ní Chonghaile (Bóthar an Chonvent), Aisling Ní Chualáin (Ruisín a' Chaladh), Rós Ní Fhéinnidh (Muigh Inis), Seosamh Ó Cathasaigh (Muigh Inis).

## Nioclás Ó Conchubhair Teo

**Homevalue**

# Leitirmóir, Co na Gaillimhe

**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

## Rogha agus Seirbhís den Scoth

*Quality Choice Service*

## Stór Nua Oscailte anois i gCasla

## Fón: 091-506111

## Faics: 091-506044

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach, Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & Srl*

# An Fóram Do Phobal Iorras Aithneach


**foram@eircom.net   Guthán: 095-32744**

### Coiste na gCathaoirleach

Tomás Ó Niadh, Máire Ní Uaithnín, Máirtín Ó Catháin, Ciarán Ó Maoláin.

### Na Baill

Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Máirtín Ó Gríofa, Máire Uí Chuinneáin, Micheál Breathnach, Susan Uí Chatháin, Deirdre Uí Chualáin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Roibeard P. Ó hÉilí, Ann Marie Ní Fhlatharta, Máire Uí Loideáin, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin, Gearóid Ó Cosgordha, Alison Ní Chadhain, Beartla Breathnach, Micheál Ó Maoláin, Cóilín Ó Cualáin, Máire Áine Ní Neachtain, Macdara Ó Cuaig, An tAthair Peadar Ó Conghaile, Alma Mhic Fhlannchadha, Seosamh Ó Cuirrín, Tomás Ó hIarnáin, Eibhlín Uí Mhaoláin, Máire Uí Bholguidhir, Rosario Ní Shuilleabháin, Siobhán Ní Mhaoilchiaráin, Dara Ó Flatharta, Louis Mac an Iomaire, Máire Uí Iarnáin, Brigid Keaney-Earl, Nóirín Nic an Iomaire, Seán Ó Cualáin.



# Europus Teoranta

## AN COMHLACHT TEANGA

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-572082 Faics: 091-572335 europus@indigo.ie

## Aistriúchán Béarla/Gaeilge

*Comhlacht gairmiúil aistriúcháin le haistritheoirí oilte den scoth*
*Ag soláthar táirgí teanga den scoth do chomhlachtaí rialtais*
*agus do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine aonair.*

- An scoth ó thaobh teanga agus seachadta
- Obair go dlúth leis an gcliant
- Deis ag an gcliant athruithe a dhéanamh le linn an phróisis aistriúcháin
- Meastacháin in aisce
- Aistriúchán in am agus sa leagan amach a éilítear
- Aistriúchán ar fáil go tapa
- Rúndacht agus cúirtéis i gcónaí

**Aistriúchán ar an bhfón - 1580 22 77 88**

*Scoth na Seirbhíse, Scoth an Aistriúcháin, Taithí na mBlianta*

**An tAistriúchán Gairmiúil - Aistriúchán Europus**

EUROPUS

# Fiche bliain ag leigheas i gCarna

## *Agallamh leis an Dr. Micheál Ó Cathasaigh*

**Tá scór blianta caite ag an Dr. Micheál Ó Cathasaigh ina dhochtúr ceantair i gCarna. Sna blianta sin tá cáil bainte amach ag an Dr. Ó Cathasaigh i bhfad agus i ngearr de bharr a chuid oibre mar dhochtúr…agus de bharr na hoibre atá déanta aige ar bhealaí go leor eile.**

**Labhair Máirtín Ó Catháin leis an Dr. Ó Cathasaigh faoina shaol, a shaothar agus na blianta atá caite aige ina dhochtúr i gCarna.**

### Dúchas talúna agus tuaithe

**Ó Catháin:** Cé as thú ó dhúchas?
**Dr. Ó C.:** Áit ar a dtugtar Faha Hill gar do Choill Mhic Thomáisín i gContae Phort Láirge – amuigh faoin tír.

**Ó Catháin:** Cá n-deachaigh tú chuig an mbunscoil?
**Dr. Ó C.:** Chuaigh mé chuig scoil Chlochar na Trócaire i gCoill Mhic Thomáisín i rang na naonán agus chuig Scoil Náisiúnta an tSráidbhaile ina dhiaidh sin.

**Ó Catháin:** Cén sort saol a bhí ann ag éirí aníos ar an bhfeilm?
**Dr. Ó C.:** Neart oibre! Bhíodh orainn a dhul ag rothaíocht 3 mhíle chuig cuid eile den fheilm…sin roimh a dhul chun na bunscoile ar maidin… agus na beithigh a bhleán. Bleán láimhe a bhí ann – ní raibh aon mheaisín againn. Bhéifea ag déanamh chuile chineál eile oibre ar an bhfeilm freisin – féar, beathú beithíoch, glanadh sciobóil srl. Ansin bíodh muid páirteach sa meitheal oibre freisin sa gceantar.

**Ó Catháin:** Inis dhom faoin "meitheal".
**Dr. Ó C.:** Bhí na comharsanaí uilig páirteach ann. Bhíodh muid ag tanaíochan turnapaí agus biatas agus obair mar sin. Ní raibh tarbh againne agus d'fháigheadh mo athair tarbh ar iasacht mar malartú ar chuid den obair a dhéanfadh muide.

**Ó Catháin:** Bh'shin obair chrua ar lads óga bunscoile?
**Dr. Ó C.:** Bhí – bhí sé crua ar na lámha agus ar na glúine. Bhí tú ar do ghlúine go leor den am. Ach, ar chúis éicint chuaigh scéala thart go raibh mo dheartháir Piaras agus mé féin go maith ag plé leis an obair seo agus thosaigh feilméaraí eile ag cur fios orainn. Théadh muid píosa maith ó bhaile ag obair…suas le



*Dr. Micheál Ó Cathasaigh sna chéad bhlianta aige i gCarna.*

12 míle ar na rothair, cúpla píosa aráin againn agus buidéal tae fuar. Chaith muid scaitheamh maith ar an obair sin agus muid ag dul chun na bunscoile.

## Scoil agus Staidéar

**Ó Catháin:** Cén uair a shocraigh tú gur mhaith leat a bheith in do dhochtúr?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, ar an gcéad iarraidh, bhí mo athair ag iarraidh go bhfanfainn ar an bhfeilm ag obair. Is cosúil gur shíl sé go raibh mé im oibrí maith feilme! Ach, bhí mise ag iarraidh coinneáil orm leis an oideachas. B'éigean dom cás láidir a dhéanamh faoi sin sul ar ghlac sé leis go bhféadfainn leanacht ar aghaidh leis an mheanscolaíocht.

**Ó Catháin:** Cá ndeachaigh tú chuig an mheanscoil?

**Dr. Ó C.:** Scoil na mBráithre Criostaí i nDún Garbhán. Tharla sé go raibh suim agam in ábhar ar nós eolaíocht, an cheimic agus an bhitheolaíocht. Ansin, is dóigh, a thosaigh mé ag cuimhniú go láidir ar obair leighis agus dhochtúrachta. Ach tharla sé nach raibh an bhitheolaíocht mar ábhar ag na Bráithre Críostaí agus shocraigh mé go ndéanann an t-ábhar sin i scoil Shiúracha na Trócaire i nDún Garbhán.

**Ó Catháin:** Cén chaoi ar éirigh leat?

**Dr. Ó C.:** Rinne mé an tÁrd Teistiméireacht an chéad bhliain a raibh córas na bpointní ann – sin 1976. Bhí 8 n-ábhar agam agus thriáil mé na páipéir scrúdaithe onóracha iontú uilig.

**Ó Catháin:** Agus ar éirigh leat onóracha i chuile ábhar acu?

**Dr. Ó C.:** Fuarthas.

**Ó Catháin:** Tháinig tú ag staidéar go Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Ar athrú mór a bhí ansin?

**Dr. Ó C.:** Athrú mór go cinnte. D'fhan mé i dteach beag lóistín thíos i Sráid an Mhuillin. Ba mhór an t-athrú é ón mbaile – istigh sa mbaile mór agus mé cleachtaithe le spás agus páirceanna amuigh faoin tuaith i bPort Láirge. Silim go raibh sé ar an athrú ba mhó a bhí le láimhsiú agam im mo shaol.

**Ó Catháin:** Céard faoin staidéar féin? Is dóigh go mbeadh formhór na macléinn leighis an uair sin bainteach le teaghlaigh a raibh dochtúirí



*Paddy Casey, athair an Dr. Ó Cathasaigh, agus é ar an bhfeilm i bPort Láirge anuraidh. Bhásaigh Paddy Casey i 2008.*

agus lucht leighis iontú. Ní raibh an buntáiste sin agatsa.

**Dr. Ó C.:** Ní raibh, ceart go leor. Bhí cineál imní orm nach raibh mé chomh maith leo, no nach raibh an oiread eolais agam agus a bhí acusan. Shocraigh mé go n-eireóinn as an spóirt an chéad dhá bhliain agus leag mé go láidir ar an staidéar. Théis tamaill thuig mé go raibh ag éirí liom.

**Ó Catháin:** D'éirigh go maith leat?

**Dr. Ó C.:** Bhuel…is dóigh go ndearna mé ceart go leor. Fuair mé Onóracha den Chéad Ghrád ag críochnú dom agus fuair mé an Bonn Ór i staidéar súl. Chuaigh mé ar aghaidh ansin le tuilleadh staidéir a dhéanamh i Londain agus sa mBreatain Bheag ina dhiaidh sin.

## Spóirt agus Cluichí

**Ó Catháin:** Spóirt – lua tú gur éirigh tú as an spóirt sna chéad bhlianta a raibh tú in Ollscoil na Gaillimhe. Ach, bhí tú gníomhach sa spóirt ag éirí aníos duit – sin sa mullach ar obair fheilme!

**Dr. Ó C.:** Bhí – bhí mé im mo chaiptín ar na foirne peile agus iománaíochta sa meánscoil ach bhí suim agam sna rásaí cós freisin. Shocraigh mé ansin go n-eireóinn as an bpeil agus as an iománaíocht agus go gcoinneóinn leis na rásaí cos. Bhí na Bráithre corraithe faoi sin! Ach silim gur thug siad maiteanas dom nuair a bhuaigh Scoil Dhún Garbhán – 4 againn – craobh na hÉireann sa rása tras-tíre. Bhí mé im mo chaiptín ar an bhfoireann agus tháinig mé san ochtú áit – agus na lads eile gar go maith dom. Bhí na poinntí againn agus craobh na tíre don scoil. Ina dhiaidh sin bhínn ar fhóirne éagsúla rásaí cos san Ollscoil i nGaillimh agus bhuaigh muid cúpla craobh náisiúnta.

**Ó Catháin:** Déanann tú go leor rothaíochta anois. Cáid ó chuaigh tú ina chion sin?

**Dr. Ó C.:** Tuairim 5 bhliana ó shin - bhuel ag plé leis dháiríre atá i gceist agam.

**Ó Catháin:** Déanann tú píosaí móra anois anseo in Éirinn agus thar lear. Cén fhaid mílte a dhéanfá?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, rinne mé féin agus Seán Ó Caodhna as Gabhla 100 míle thíos i bPort Láirge ansin le gairid.

**Ó Catháin:** Agus an n-déanfá é sin gan stró?

**Dr. Ó C.:** Dhéanfainn- bhuel ní bhéinn tuirseach ina dhiaidh.

## Ag teacht go Carna

**Ó Catháin:** Fágfaidh muid an chraobh agat ar an rothar! Anois, Carna agus jab an dochtúra. Cén uair a dtáinig tú anseo i dtosach?

**Dr. Ó C.:** Tháinig mé anseo go Carna don chéad uair ar an 20ú Meitheamh, 1988. Bhí an ceapachán mar dhochtúr i gCarna faighte agam agus bhí mé ag caitheamh súil ar an áit.

**Ó Catháin:** Céard a cheap tú don áit?

**Dr. Ó C.:** Bhí cleachtadh mhaith agam ar cheantracha tuaithe. Rugadh agus tógadh mé amuigh faoin tuaith. Ach, bhfachthas dom go raibh Carna scoite amach go mór ó bhailte móra agus ó chathracha. Shíl mé go raibh an ceantar buailte ar bhealaí go leor freisin.

**Ó Catháin:** Ní raibh tú i bhfad anseo no gur thosaigh tú an iarracht le othar-chárr phobail a lonnú san áit. Tuige?

**Dr. Ó C.:** Ba léir don go raibh daoine dá bhfágáil i bhfad ró-fhada i gcásanna práinne – agus coir Ospidéil ag teastáil uathú. Scaittí, bhíodh orm féin fanacht 3 no 4 d'uaireannta an chloig le daoine a bheadh gortaithe no tinn nuair a bhí seirbhís ospidéil ag teastáil uathú go gear. Caithfear a rá go bhfuair mé an-tacaíocht ón bpobal san iarracht sin; tá buíon Ord Mhalta agus an tOthar-chairr ag obair leo go deonach i gcónaí agus tá an-omós agus an-bhuíochas tuillte acu.

**Ó Catháin:** Ansin chur tú béim ar bhunú seirbhísí do dhaoine a bhí ag teannamh amach sna blianta agus do dhaoine a raibh an alzheimers ag goilliúint orthu. An raibh géarghá leis sin?

**Dr. Ó C.:** Bhí. Ní raibh aon áit acu le theacht le chéile, béilí a bheith acu agus a bheith i measc comhluadair. Silim go bhfuil an-leas deanta ag an t-seirbhís sin…agus tá sé ar bun istigh sa Teach Altranais anois.

**Ó Catháin:** An Teach Altranais – Teach Altranais Charna...an raibh sé deacair an jab sin a dhéanamh?

**Dr. Ó C.:** Bhí. B'éigean go leor eagraís Stáit a thabhart le chéile agus bhí sin deacair. Bhí sé deacair na socruithe uilig a dhéanamh faoin airgead agus an infheistíocht. Ach, d'oibrigh sé go maith. Tá sé oscailte le 5 bhliana anois.

**Ó Catháin:** An bhfuil mórán daoine ag obair ann anois.

**Dr. Ó C.:** 37 uilig idir lán-aimseartha agus páirt-aimseartha.

**Ó Catháin:** An dteastaíonn seirbhísí eile leighis agus sóisialta anseo?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, tá muid ag cuimhniú le fada ar 'Pharmacy'. Ach, tá ríalacha Stáit ann. Bíonn sé deacair ag dochtúirí agus ag lucht leighis a dhul ag plé le 'Pharmacy' dá bharr sin.

Feicfidh muid linn ach is mar sin atá an scéal faoi láthair.

## Teaghlach agus cuimhní cinn

**Ó Catháin:** Tá triúr chlann iníon agat féin agus do bhean, Sally. Cá bhfuil na cailíní anois?

**Dr. Ó C.:** Bhueil tá Ruth 24 agus tá sa mbliain dheireannach staidéir le bheith ina dochtúr leighis in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Tá Michelle 20 agus tá sí sa dara bliain staidéir leighis in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Tá Derval 14 agus tá sí sa Meanscoil.

**Ó Catháin:** Bhásaigh do athair, Paddy Casey, i mbliana, beannacht Dia lena anam. Cé na cuimhní cinn atá agat air?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, is dóigh gur fear níos fearr comhluadair agus siamsaíochta a bhí ann ná mise. Thaithníodh leis a dhul chuig teach an ósta scaittí agus píosaí móra cómhrá a dhéanamh ansin. Chuala mé go minic go raibh sé ina dhaimseoir maith tráth den t-saol freisin. Ach, oibrí don scoth a bhí ann freisin – feilméara maith…ó dhubh go dubh.

**Ó Catháin:** An bhfanann aon bhlas ar leith in do intinn faoi?

**Dr. Ó C.:** Is cuimhneach liom go maith im mo lad an-óg go gcuirfeadh mo mháthair mé chomh fada leis amuigh sna páirceanna le cúpla ceapaire agus buidéal tae coinnithe te thíos i stoca. Bhíodh sé ag treabhadh páirce a raibh 20 acra inti píosa ó bhaile leis an sean-chéachta agus dhá chapall. Bhíodh fáilte aige roimh an tae agus an sos ón obair. Fanann sin greannta ar m'intinn ar chúis éicint ….

## Carna – súil siar agus súil chun cinn

**Ó Catháin:** Ar ais go Carna agus go hiarthar Chonamara. Tháinig tú anseo scór blianta ó shin. Céard a cheapfá do chosáin an phobail seo sna blianta sin?

**Dr. Ó C.:** Is dona liom a rá go bhfuil cúrsaí gaibhte chun deire ar bhealaí go leor. Feictear dom go raibh an tréimhse is fearr ag an bpobal seo – sin ó tháinig mise – ag teannamh le deire na 1990aidí. Bhí roint jabanna ann agus bhí níos mo daoine óga ag fanacht thart, ach tá sin athruithe go mór anois.

**Ó Catháin:** Céard iad na hathruithe is measa anois?

**Dr. Ó C.:** Bhuel easpa oibre agus gan mórán daoine fanta san aois-ghrúpa idir 20 agus 35. Tá lag-mhisneach ar an bpobal thairis mar a bhíodh – is dóigh go luíonn sin lé reasún de bharr an chúlú eacnamaíochta agus sóisialta. Tá níos mo fadhbanna sóisialta ann anois freisin ná a bhí ann 20 bliain ó shin.

**Ó Catháin:** Fadhbanna sóisialta? Ar nós alcól….

**Dr. Ó C.:** Sea…alcól go cinnte…

**Ó Catháin:** Agus drugaí…

**Dr. Ó C.:** Agus drugaí freisin…

**Ó Catháin:** Tuige é seo meastú?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, tá daoine ag déanamh níos mo taistil anois…agus is dóigh go dtugann daoine dea-nósanna ar ais leo…sin agus droch nósanna as áiteacha thar lear.

**Ó Catháin:** An bhfuil aon bhaint ag na fadhbanna sóisialta leis an lag mhisneach agus an cúlú sa bpobal, meastú?

**Dr. Ó C.:** D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin.

**Ó Catháin:** Ach, ní cúlú uilig é, ar ndóigh?

**Dr. Ó C.:** Ní h'ea. Tá na tithe níos fearr agus níos feiceálaigh anois ná a bhí 20 bliain ó shin. Tá caighdeán níos fearr maireachtála – den chuid is mo – ag na daoine atá anseo. Rud eile, tá daoine ag déanamh níos mo taistil anois ná a bhí fiche bliain ó shin.

**Ó Catháin:** Cén leigheas atá ar an lagan atá ar an gceantar seo anois – idir lagan eacnamaíochta agus shóisialta?

**Dr. Ó C.:** Faraíor, ní fheicim bealach soiléir ar bith le theacht as as an gcúlú anseo – is deacair a theacht ar fhreagra ar an gceist sin. Tá go leor inár n-aghaidh. Ach, tá roint grúpai/coistí thart anseo ag déanamh a seacht míle dícheall agus tá an-mholadh ag dul dóibh.

**Ó Catháin:** Tá píosa maith de do shaol caite agat anois i nGaillimh agus anseo i gCarna. Dá mbeadh Gaillimh agus Port Láirge ag imirt iománaíochta amárach, cé leis a mbeifea ag tacú? Focal amháin!

**Dr. Ó C.:** Briseann an dúchas…adeir siad. Focal amháin…Port Láirge!

**Ó Catháin:** Tá fiche bliain caite agat anseo in do dhochtúr anois. An gcaithfidh tú fiche bliain eile anseo?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, ní féidir liom a bheith cinnte faoin gcósán ata amach romhainn. Is dóigh go bhféadfadh athrú a bheith ar an saol againn mar theaghlach nuair a bheidh na cailíní réitithe le cúrsaí scoile. Nuair a tháinig muid anseo i 1988 bhí sé socruithe againn 10 mbliana a chaitheadh i gCarna. Anois, tá scór blianta caite againn anseo. Cuirfidh mé ar an gcaoi seo é – níl aon phlean agam faoi láthair le n-athrú as seo ná le n-eirí as dualgaisí dochtúrachta i gCarna. Thairis sin, cá bhfios beo.

# Bean as Carna ina Stiúrthóir ar Chlár Tarrthála sa nGaeltacht!

**Tá Catherine Sheridan-Uí Choirbín ceaptha ag Croí, an charthanacht croí áitiúil agus Fondúireacht Cairdeolaíochta Iarthar na hÉireann mar Stiúrthóir Tionscadail do 'Thionscadal Sábhála Croí'. Is clár de chuid na carthanachta é seo atá dírithe ar an ráta bás in Iarthar na hÉireann maidir le stad cairdiach a tharlaíonn taobh amuigh d'ospidéil a ardú.**

Is as Carna i gConamara i Catherine, ach tá cónaí uirthi anois ar an bhFairche, Co. na Gaillimhe. Bí sí ina haltra foirne in Aonad Leanaí Naomh Bernadette in Ospidéal na hOllscoile Gaillimh sular tháinig sí ag obair le Croí ó FSS an Iarthair. Tá sí ag obair le 'Tionscadal Sábhála Croí 'mar Theagascóir i dTacaíocht Bheatha Bhunúsach agus Sábhálaí Croí AED áit a bhfuil ról ceannais aici i mbunú scéimeanna Dífhibrilithe Rochtain Phoiblí agus Phobail agus ag cur oiliúna ar an bpobal in úsáid AED'anna. Mar chainteoir dúchais, tá suim faoi leith ag Catherine i scéimeanna dífhibrilithe a chur ar bun i gceantair thuaithe, go háirithe ceantair ghaeltachta, áit a mbeidh sí in ann oiliúint a chur ar an bpobal trí mheán na gaeilge

Is mar seo a labhair Neil Johnson POF Croí agus é ag cur fáilte roimh an gceapachán "Táimid fíorshásta go bhfuil Catherine ag obair linn ar an tionscadal seo atá thar a bheith tábhachtach d'Iarthar na hÉireann. Tá oiliúint curtha ar dhaoine in os cionn 200 láithreán faoin 'Tionscadail Sábhála Croí' cheana féin agus os cionn 1,000 duine den phobail cáilithe le AED'anna a úsáid anois. Léiríodh



*Catherine Sheridan (Uí Choirbín)*


tábhacht an tionscadal seo i nGaillimh le gairid nuair a d'éirigh le baill dheonacha ón bpobal leas a bhaint as dífhibrileoir agus beatha beirt dhaoine a shabháil nuair a stad a gcroí. Sábháladh beatha cúigear eile nuair a cuireadh cóir athbheochana an 'Heimlich Manouvre' ortha agus iad á dtachtadh, teicníc a mhúintear mar chuid de 'chlár oiliúna Croí". Deir sé chomh maith, "Tá sé mar aidhm ag an tionscadail seo úsáid leathan dífhibrileoirí a chur chun cinn agus oiliúint CPR agus luathdhífhibrilithe a chur ar líon mór daoine sa phobal. Tá an Clár faoi stiúir na Rannóige Cairdeolaíochta in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus tá fáil ar phacáiste iomlán cuimsitheach do ghrúpaí pobail a bhfuil suim acu scéimeanna dífhibrileora a bhunú ina gceantar. Ní ar mhaithe le brabús a dhéanamh atá an Clár Croí agus is é an cuspóir atá leis ná laghdú suntasach a dhéanamh ar an líon na ndaoine a fhaigheann bás nó a bhfágtar máchail orthu mar gheall ar stad cardiach tobann".

Faoi stiúir Catherine Sheridan, tá Croí ag díriú isteach ar cheantair thuaithe agus ghaeltachta, ceantair a d'fhéadfadh a bheith achar fada ó na Seirbhísí Éigeandála. Chomh maith leis sin, tá Catherine ag iarraidh scoileanna, réamhscoileanna, saoráidí crèche agus grúpaí máithreacha agus leanaí a spreagadh le theacht chun cinn le hoiliúint CPR a fháil agus machnamh a dhéanamh freisin ar oiliúint AED.

Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait faoin gclár 'Tionscadal Sábhála Croí' nó má tá suim agat Clár AED a bhunú i do phobal féin, déan teagmháil le Catherine Sheridan ag 091-769866.

MRI CARNA

Martin Ryan Institute, Carna
Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna



**Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:**

- **Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.**
- **Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.**
- **Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.**
- **Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.**

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

# Bainiseacha



Eilís Ní Dhúbhda as Carna agus Séamus Ó Cinnéide ....i Séipéal an Chriathraigh...21-6-2008.



Fergal Cooke as Cill Chiaráin agus Valerie Dujardin..i nGailimh.....8-8-2008



Sally Nic an Iomaire as Roisin na Mainioch agus Francis Keane as an Droim….. a phós ar an 28ú Meitheamh 2008 i Seipeal Charna.

# Mná Iorras Aithneach



Ó chlé – Bridge Moylan (An Áird Mhóir), Celia Moylan (an Áird Mhóir) agus Helen Ní Mhaoilchiaráin (Patchín Sheáin ) as Roisín na Mainíoch.



Ó chlé - Máire Mhaidhc Tomoney (Ceannabháin) as an Áird Thoir, Agnes Mylotte (an dochtúr) as Carna agus Kate Mhaidhc Tomoney. An 15ú Lúnusa 1949.



Helen Mulkerrins (Roisín na Mainíoch (ar chlé) agus Bridgie Moylan as an Áird Mhóir .



Nóra Cloherty as Carna – bh'shin matháir Joan Mann í g Carna.

# Arizona Fadó



Seosaimh Ó Domhnaill as Leitir Camus, Caiseal agus Máire Ní Mhaoilchiaráin Máire Tommy as Caladh bhFuinnse. Phós siad in Arizona agus chaith siad a saol ann. Féach ar an "style" agus an gúnna breá ag clúdach an urláir uilig.

# Mo mhíle Slán le Éire Bhocht.......



**Nan Bheartla Rua (Ní Ghuairim) as Leitir Ard agus í ar bord loinge ar a bealach go Meiriceá sna 1930aidí – í ar an aistir fhada, uaigneach trasna an Atlantaigh. Bhí sí ar dhuine de na mílte as Conamara a chuaigh ar an imirce san aimsir a caitheadh.**

# Sna Státaí Fadó



Stiofán Mhaidhce Thadhg (Ó Cualáin) as Leitir Ard agus a bheirt iníon – ar chlé Mary agus ar dheis Nóra. Thart ar 1920 i mBoston. Cónaíonn Mary (Dowd) agus Nóra (Forde) i Meircea i gcónaí.



Annie Phádragín Mhacaigh ar chlé (R.I.P.) agus a deirfiúr, Catherine



Páraic Dhiarmuid Ó hUaithnín as an Más agus a dheirfiúr Bidín. Sna 1920aidí i Meiricea.

# Daonra an Phobail

## *An claonadh le 17 bliain*

***(Cuirtear san áirimh daoine óga atá i gColáiste srl ach a thagann abhaile mórán chuile dheireadh seachtaine sa gcomhaireamh a dhéanann muid ar an daonra. Ní hionann é agus Daonáireamh an Stáit.)***

| **BAILE** | **1990** | **2007** | **2008** |
|---|---|---|---|
| Doire Iorrais | 78 | 68 | 76 |
| Coill Sáile agus Ros Dugáin | 103 | 99 | 96 |
| Loch Con Aortha | 90 | 75 | 68 |
| Cill Chiaráin (sráidbhaile) | 149 | 128 | 173 |
| Áill na Brún/Bántrach Ard | 78 | 101 | 115 |
| An Aird Mhóir | 152 | 206 | 210 |
| Caladh bhFuinnse | 86 | 97 | 92 |
| Ruisín na Mainíoch | 113 | 107 | 98 |
| **Muigh Inis** | | | |
| Cartúr | 41 | 35 | 43 |
| Feithearnach | 76 | 52 | 55 |
| Meáll Rua | 40 | 37 | 34 |
| Ruisín an Chalaidh | 4 | 8 | 8 |
| An Crumpán | 45 | 50 | 44 |
| **Carna:** Ó Tigh Jackie Dowd go dtí Óstán Charna | 117 | 148 | 164 |
| Leitir Deiscirt | 37 | 32 | 38 |
| Coillín | 49 | 30 | 40 |
| An Aird Thoir | 60 | 47 | 47 |
| An Aird Thiar | 69 | 47 | 44 |
| An Más | 41 | 20 | 15 |
| Leath Mhás | 4 | 3 | 4 |
| Duibhither | 66 | 59 | 64 |
| Muighros - soir chomh fada leis an scoil | 85 | 79 | 72 |
| Leitir Ard, Damhros -agus siar go Scoil Mhuighrois…. | 123 | 89 | 89 |
| Glinnsge | 64 | 61 | 61 |
| Caladh an Chnoic | 7 | 7 | 6 |
| Gabhla | 41 | 30 | 20 |
| **Iomlán** | **1818** | **1715** | **1782** |

## An Líon gasúr sna Bunscoileanna

### *An claonadh le 18 bliain*

| **Scoil** | **1990** | **1999** | **2004** | **2008** |
|---|---|---|---|---|
| Muighros | 38 | 13 | 7 | 0 |
| Muigh Inis | 33 | 26 | 11 | 16 |
| Carna | 78 | 54 | 50 | 40 |
| An Aird Thiar | 61 | 35 | 32 | 33 |
| Cill Chiaráin | 73 | 59 | 21 | 27 |
| An Aird Mhóir | 50 | 66 | 50 | 53 |
| **Iomlán** | **333** | **263** | **171** | **169** |

**Tá na figiúirí sin sách simplí. Tá laghdú 50% ar an líon gasúir bunscoile sa bpobal le 18 bliain.**


Seán Ó Cathasaigh

*Graibhéal Clocha*
*agus Clocha Tógála*



An Gleann Mór
Cill Chiaráin, Conamara
Co. na Gaillimhe
Fón 095 33579
Mobile 087 2714648

# Bainseacha




Aine Ní Chonghaile as an Aird Thoir agus Tom Lyons...i Séipéal Charna...11-8-2007



Michelle McTavish as Carna agus David Kelly as an Sraithe Salach...i Séipéal Charna...3-1-2008



Bairbre Loftus as Doire Iorrais agus Gabriel O Cualáin as an Meall Rua ...Séipéal Chill Chiaráin...2007



Warren Healy as Carna agus a bhean Ellen ar ócáid a bpósadh i mí Feabhra 2008.



Colm O Dúbháin as Caladh Fhínse agus Keelan Titley as Baile Átha Cliath..i Séipéal Charna..15-8-2008.

# Debs 2008




DEBS 2008...ó chlé: Sarah Ní Churaoin as Caladh an Chnoic, Fíona Ní Chualáin as Duibhithír, Maggie Ní Dhonabháin as an Meall Rua, Katie Ní Churaoin as Caladh an Chnoic agus Róisín Ní Éinniú as an Aird Thoir.



DEBS 2008....ó chlé: Tomás Mac Donnchadha as Cill Chiaráin, P.J. Dundas as Coill Sáile, B.M. Ó Cathasaigh as an Más, John Paul Ó Conghaile as Bóthar an Chlochair, Cillian de Búrca as an mBantrach Árd, Seán Ó Catháin as Glinsce, Seán Ó Coirbín as Duibhithir agus Pádraig Ó Loideáin as Duibhithir.

# Debs 2008



Ó chlé – Seán Ó Coirbín as Duibhithir,, Micheál Breathnach as Aill na Brún agus Pádraig Ó Maoilchiaráin as Muigh Inis.



Cárr mór agus oíche mhór ar shráid Charna!

# Debs 2008



Cillian De Búrca as an mBantrach Ard agus Niamh Ní Choirbín as an Aird Thiar.



Katie Ní Cheannabháin as Cill Chiaráin agus Seán Ó Catháin as Glinsce.



Tomás Mac Donnchadha as Cill Chiaráin agus Christina Ní Mhainnín as Ros Muc.



Edel Ní Dhúbhda as Carna agus Seán O Coirbín as Duibhithir.

Debs! Debs! Debs!



Eanna O Fallúin as Gabhla agus Sarah Ní Churraoin sa bpictiúr ar chlé.... agus trasna ....Micheál Seán Ó Máille agus Katie Ní Churraoin





Deirfiúracha – Fíona Ní Chualáin (ar chlé) agus Tríona Ní Chualáin as Duibhithir.



Deirfiúracha – Maggie Ní Dhonabháin (ar chlé) réitithe le haghaidh na DEBS agus Christine Ní Dhonabháin a tháinig i gcuideachta a deirfíre go sráid Charna.

# Bainseacha




Una Ní Fhlatharta as an Aird Mhóir agus Joe Leahy as Baile na hAbhann, Caislean Nua, Luimneach a phós sna Seychelles ar Oileán Praslin. 17-10-2008



Val O Ghuairim as Roisin na Mainioch agus Colette Reynolds, Sligeach. Pósadh , Baile an Tobair ar an 20-09-2008



Gary Sullivan as Loch Con Aortha agus Eithne Madden as Mionloch, Gaillimh. 30-09-2008



Niamh Ní Nidh as Muighros agus Steve Iles a phós i Séipeal Mhuire Carna. 27-09-2008

# Chéad Chomaoineach 2008



Scoil na hAirde Móire – chun tosaigh ó chlé: Elana Ní Dhonncha, Orla Ní Dhuinshléibhe, Aoife Ní Choistealbha, Róisín Nic Dhonncha, Catherine Ní Mhaoilchiaráin, Catherine Ní Chlochartaigh, Gráinne Ní Fhlatharta.
Ar gcúl – Johnny Óg Ó Conghaile (muinteoir), Tomás Ó hAllmhúráin, Aongus Mac Donncha, Declan Mahon agus an tAthair Séamus Mac Dúill.



Scoil Charna – Chun tosaigh ó chlé: Macdara Ó Coileáin, Dónal Ó Maoilchiaráin, Aoife Ní Ghuairim.
Ar gcúl ó chlé: Elaine Ní Chuaig, Eóin Mac Giolla Phádraig agus Rebecca Ní Mhadaoin. Treasa uí Chuaig ar gcúl.



Scoil na hAirde Thiar – Liam Ó Criodháin (ar chlé) agus Fionn de Brún. An muinteoir Bríd Ní Mhaoilchiaráin ( Breathnach) leo.



Scoil Mhuigh Inse. Aoife Ní Loideáin agus Máirtín Ó Cualáin agus an muinteoir, Micheál Ó Cuirrín.



Scoil Chill Chiaráin. Chun tosaigh ó chlé: Eóin Ó Tuathail, Merissa Ní Neasa agus Kevin Ó Ceallaigh.
Ar gcúl ó chlé: Máirín Ní Chonghaile (Príomh Oide), an tAthair Ó Dúill agus Elizabeth Whelan.

# Clocha Míle

Clocha Míle




Dr. O Cathasaigh agus a theaghlach i San Francisco...O chlé: Michelle Ní Chathasaigh, Derval Ní Chathasaigh, Sally bean uí Chathasaigh, Ruth Ní Chathasaigh agus an Dr. Micheál Ó Cathasaigh. Fiche bliain ó shin a tháinig an Dr. Ó Cathasaigh go Carna. Tá agallamh againn leis an Dr. Ó Cathasaigh ag tosnú ar an gcéad leathanach eile.



An Sagart Pobail, an tAthair Peadar Ó Conghaile – tá 30 bliain caite aige ina Shagart i mbliana.



Dúnadh Scoil Náisiúnta Mhuighrois i mí Meitheamh seo caite. Seo í an múinteoir deireadh a bhí ann – Eithne Ní Loideáin agus iníon a deirfíre Máire Ní Chualáin lei ag an ócáid nuair a dúnadh an scoil.



An Seanadóir Margaret Craven – seanadóir i Stát Maine i Meiriceá…Mairéad Mhattie Sheáinin (Ní Chonghaile) as Leitir Ard ó dhúchas. Toghadh í ar an 4ú Samhain agus sí an t-aon nduine í rugadh in Éirinn atá ina Seanadóir Stáit i Meiriceá.



Martina Ní Fhlátharta as an mBantrach Árd, Fuair sí duais €300 i gcomórtas Liteartha Oireachtas na Gaelige faoi 21 as scéal a scríobh sí.

# An Zetland

## *Pub oscailte aríst – lorg na staire ann*




*Seosamh Ó Cuaig*

**Tá pub an Zetland oscailte aríst. Nach breá an rud é. Cuid de stair an Chaisil – agus an taobh seo tíre uilig - é an áit sin le fada an lá.**

Is maith is cuimhneach liom an chéad lá riamh ar tugadh isteach mé féin ann. Ní raibh mé ach imo ghasúr agus bhí mé curtha siar go Doire Saileach ag mo mháthair chuig a deirfiúr Bid Tom Uí Ghaora agus chuig a fear céile Josie King – Josie Johnny Shéain Thomáis. Ní raibh Gaeilge ar bith ag Josie agus níorbh fhiú trácht ar an dá fhocal Béarla a bhí agamsa. D'fhág sin gur áit sách strainséartha a bhí ann dhom.



**Johnny O' Loughlin**

Ní fear óil a bhí in Josie King ach ar chúis eicínt thug sé isteach sa Zetland mé an lá seo. Cé bheadh istigh romhainn ann ach Máirtín Seoige. "Á, mo chol cúigirín," a dúirt sé, agus é ag cur fáilte agus fiche romham i nglan-Ghaeilge.

Rug sé ar láimh orm. Fear leathláimhe a bhí ann agus bhí spreac aisteach sa láimh sin. Cuimhním fós ar an bhfáisceadh a thug sé do mo láimhín bhog óg.

Níorbh fhada go raibh an buidéal lemonade amach ar m'aghaidh. Bheadh agus seacht mbuidéal dá n-ólfainn iad.

Pionta pórtair a bhí sé féin a ól, ar ndóigh. Ach bhí dhá phionta eile agus iad lán ar an mbord aige freisin.

"An mbeadh a oiread ómóis do Johnny Geoghegan, meastú?" d'fhiafraigh sé díom agus rinne sé meangadh gáirí.

Níl a fhios agam ar thuig mé an cheist an uair sin ach tá a fhios agam anois gurbh fhearr do Mháirtín bocht mura mbeadh a leath oiread ómóis dhó – chomh fada agus a bhain sé le cúrsaí óil de ar chuma ar bith.

As Lord Lieutenant Shasana a hainmníodh an Zetland, ar ndóigh. Fear é sin a bhíodh ag teacht ar saoire san áit a bhí ag Johnny O' Loughlin ag an am.

B'iontach an mac é Johnny O'Loughlin é féin. Justice of the Peace a bhí ann. Is dóichí gur mar gheall ar chomh láidir agus a bhí sé isteach leis na boic mhóra a tugadh an job sin dhó. Ach má bhí an sodar i ndiaidh na n-uasal féin ann deirtear narbh é ba mheasa leis na daoine bochta ach oiread. Duine de mhuintir na háite a bhí ann féin.

Bhí siopa láidir aige agus ba mhinic a thugadh sé mála fataí nó sláimín mine buí do dhaoine aimsir ocrais. Cheannaíodh sé muca agus uibheacha uathu freisin.

Tá cuntas in áit amháin gur dhúirt sé féin uair, "what I buy I put on one side of the books and what I give out I put on the other; but the devil of the whole

of it is that things go out of the store and I disremember who I gave them to and have no account of them."

Ach bhí beagán den lútáil os comhar na n-uasal ag teastáil óna leithéid i gcónaí lena chuid ceannais a choinneáil. Ní raibh lá ar bith is mó a ndearna sé é sin ná an lá a dtáinig Rí Shasana, Edward VII, don Sraith Salach sa mbliain 1903. Seo cuntas a scríobh fear a bhí i láthair:

"The motor swung round Lough Inagh road, turning into the straight for Recess, when we suddenly found ourselves in the midst of an amazing mob of horsemen: farm–horses, cart-horses, ponies, donkeys of all ages and descriptions, mounted by men and boys in rags and tatters, black coats, flannells or home-made stuffs. Some had saddles, others none, some had reins, some straw ropes.

They were all waiting on the high ground up the mountainside to see the arrival of the cars, and the moment the cars came into sight they were off down the mountainside like an avalanche, yelling, cheering, laughing, knocking each other over and leaping over the ditch on to the road with a speed that sent most of them over the road on to the bog on the other side. The guard of honour of O'Loughlin's Royal Connemara Mixed Cavalry formed a cordon round the hotel to secure the Royal party from intruders during lunch. Afterwards his Majesty commanded Mr. O'Loughlin to be presented to him who, in his capacity as Commander of the Forces, made a most profound obeisance.

The utterances of monarchs on momentous occasions usually find a place in history and the notable remark of King Edward the Seventh to the Queen, which just reached the gratified ears of Mr. O' Loughlin, to wit. " That of all the courtiers he ever had standing around him not one of them ever made him such an elegant bow as Mr. Johnny O' Loughlin," it is hoped will duly be recorded in the annals of the Irish nation.

Ba shin é 1903, an bhliain chéanna a dtáinig Pádraic Mac Piarais go Ros Muc den chéad uair.

Bhí saol eile ar an mbealach ach sin scéal eile.

Bhí báid seoil ag Johnny O' Loughlin freisin. Tá cáil ceann acu beo in amhrán i gcónaí. An "Cashel Star" a bhí uirthi. Bhí file ina cónaí ar an Oileán Gorm, Nuala Ní Uaithnín. D'fheicfeadh sí bád Johnny ag goil síos agus aníos an cuan. Rinne sí amhrán fúithi. Seo leagan de a thóg Éamon Ó Conghaile óna athair Beairtle Beag sa mbliain 1952.

## Bád an Chaisil

Ar an gCaiseal tá an bád pléisiúir is bréaichte bith sna réigiúin
Agus molamuid a' sway lena máistir,
Sé scoth na bhfear ar fónamh é
Agus cén t-iontas é bheith ina ghiúistís
Agus nach iomaí fear tá súil lena phardún .
Níor chaith sí ach naoi nóiméad ó d'fhága sí Cill Rónáin
Nó gur ghlan sí siar na cuanta 'gus Ceann Mása
Ach cáil a 'bád in Éirinn
A rinne an oiread spréachadh
Agus cuiriomuid Rí an Domhnaigh dhá sábháilt.

Grá mo chroíse an "Cashel Star"
Agus molaim léi an barr
Mar thug sí an geall léithi
Ó bháid bhreátha na tíre
Chuaigh sí amach go Malbay
Agus thug sí léithi geall as
Agus thrash-eáil sí báid bhreátha Rinn Mhaoile.
Dá bhfeicfeadh sibh í an lá siúd
A' tíocht isteach ó Árainn
Agus bhí power uirthi chomh láidir
Le power stímir
An fharraige bhí sí cháitheadh
Na léigí ó dheas d'Árainn
Is go bplúchfadh sí na buláin a
Bhí i Maínis

Nuair a fheicfeas muid a goil síos í
Thrí Chuan na Beirtrí Buí
Beidh bratachaí a'ainn roimpi 's
Tinte cnámha.
Ní fhágfaidh muid craobh caorthainn
Sa gCoill atá i bhFuaigh na Críche
Nach mbeidh crochta ag báid na tíre déanamh "joy" di.
Nár laga Rí na hAoine an fear
Maith a chuir dhá déanamh í
Mar fós ariamh ní fhacamar
A mháistir.
Tá daoine anois dhá smaoiniú
'gus ní magadh liomsa é ínseacht
Gurb aingeal é chum Críost
Istigh i bParrthas.

Nach é an feall nach raibh sí
Déanta an bhliain a raibh an
Drochshaol ann
Agus a liachtaí fear maith choinnodh
Sí ó bhás fháil
Mar níl fear ná bean ó Inbhear
Nach dtabharfadh sí *relief* dhó
Choinneódh sí togha bia leo agus
Anlann.

# Báid Ghael Linn 1958

50 bliain ó shin a tugadh báid Ghael Linn go Carna. Ocht dtroigh agus fiche ar fhaid a bhí na báid seo agus cheannaigh 5 iascaire iad ar £400 an ceann. Scéim speisialta a bhí ann a raibh tacaíocht Ghael Linn aige. B'iad Máirtín Ó Caonaigh as Leitir Árd, Seán Jeaic Mac Donnchadha as an Áird Thiar, Seán Ó Ceoinín as Leitir Árd, Pádraig Mac Donnchadha as an Áird Thiar agus Seosamh Ó Conghaile as an Aird Thiar a cheannaigh na báid. Seo cuntas páipéar nuachta agus pictiúir den aistir anuas ó Kilkeel i gContae an Dúin go Carna.

## Kilkeel man recalls his journey of a lifetime

By BILL QUINN

CONVOY



Bill Quinn (centre), with an islander and Jimmy Rickard (right), Gael Linn representative on Lough Derg.

REPAIRS



Journeying down Lough Derg towards Ardnacrusha

## in the days gone by

e Connacht Tribune from twenty-five, fifty and seventy-five years ago

**1958**

### Lobster boats

The five Carna lobster boats which set out from Dublin on Wednesday via the Grand Canal arrived in Carna on Monday after an uneventful journey. The boats, manned by Carna fishermen, arrived off the Shannon Estuary on Sunday morning and were met there by the Galway trawler, Ros na Riogh, skipper, Mr Pat Jennings, Long Walk, who escorted the lobster boats across to Aran on Sunday evening and to Carna on Monday.

The boats, Ciaran, Feichan, MacDuagh, MacDara and Caillin, named after local Saints, were formerly lifeboats on the steamship, Lairdshill.

They were renovated and fitted with engines by Gael-Linn who sold them to Carna fishermen under a special hire purchase scheme – pay as you fish. They are the first of a fleet planned by Gael-Linn in their effort to develop the Gaeltacht areas.

The crew of each boat will consist of three men. The boats are equipped for escallop and lobster fishing and will also have small trawls. The craft, 28 feet long, were sold to the fishermen for £400 each in comparison with £600 or £700 each on the open market.

Fishermen who take these boats will sell their catches to the new Gael-Linn deep freeze and vegetable factory which has been built in Carna. The company will market fish and also quick-frozen vegetables on the home and export market.



# Tigh Mheaic

*Le ceol agus craic chuile dheireadh seachtaine*
*Beatha ar fáil chuile lá i gcaitheamh an lae*
*~Gáirdin Beorach~*








**Fón: 09532730**

**Ríomhphost: tighmheaic@gmail.com** **www.bebo.com/TighMheaic**

# Beirtreacha Oistrí

## – 140 bliain ó shin

*Seosamh ó Cuaig*

**Níl a fhios agam ar chuala aonduine de léitheoirí na hirise seo riamh go raibh beirtreach oistrí in aice le Maínis. Níor chuala mise a leithide a bheith ann gur casadh an litir seo liom.**

**Rusheen, Carna, Co Galway,**
**Nov. 23rd 1868**

BED NO. 26 – MWEENISH BAY

Sir, - I beg to acknowledge the receipt of your letter of 9th November instant, and in reply beg to offer the following statement:-

In 1861-62 I had two large hooker loads of young oysters laid down on part of the beds assigned to me, and for the following three or four years I was gratified to see the result of my chore and attention rewarded by a plentiful supply of fine oysters, but unfortunately towards the end of 1864 I was taken severely ill, which obliged me to leave my home for eighteen months. On my return again I made it my first chore to examine the beds again, and then, to my great surprise and vexation , I found the best part of them entirely stripped and the only information I could get was that the oysters had all died. When I pointed out that even the shells were not forthcoming the reply I received was we know nothing about them. I thought I left a trustworthy man –my late steward – in charge, but this is "Connemara."

I have the honour to be, sir, your most obedient servant.

W. Forbes.

Ba é seo an Forbes a raibh "An Teach Mór "aige atá le hais na háite a bhfuil Scoil Phobail Mhic Dara. Ba é a thug áit do Shiúracha na Trócaire i Roisín na Mainiach an chéad lá riamh.

Freaga a bhí i litir Forbes ar "circular" a tháinig as Bleá Cliath chuig daoine timpeall an chósta a raibh ceadúnais acu ar bheirtreacha oistrí. Seo é an "circular".

Office of Public Works, 1868.

Sir, - "With reference to the Oyster licence granted to you I am directed by the Board to request that you will furnish them with a statement of the steps taken to cultivate the Oyster grounds appropriated to you. I am also to remind you of the length of time that has elapsed since the granting of the licence and to call your attention to the 10th Section of the 29th and 30th Vic., cop.97, a copy of which is sent herewith, which gives the Board authority to rescind a licence where the bed is not properly cultivated."

D'fhiafraigh mé d'fhear as Roisín na Mainiach an bhfaca sé oistrí san áit sin riamh. Dúirt sé nach bhfaca. "An bhfuil tú a cheapadh gurb iad muintir Roisín na Mainiach a ghoid na hoistrí ón Major Forbes?" a d'fhiafraigh sé díom. "Nach tú atá cinnte", a dúirt sé liom "gur chuir Forbes amach na hoistrí beaga chor ar bith. Nach bhféadfadh sé gurb é an chaoi ar dhúirt sé é sin sa litir leis an gceadúnas a choinneáil agus gurb é féin a lig na beirtreacha de léig le cion faillí?"

An-phointe. Tá daoine meabhracha i gConamara i gcónaí!



*Dónal Mac Mathúna agus mná tigh as ceantar Charna agus Chill Chiaráin ina chuideachta ag dinnéar i dTeach Ghlinsce i 2007. Bhásaigh Dónal, arbh as Contae an Chláir dó, ina fhear óg i mbliana. Sé a bhí ag reachtáil Coláiste Sheosamh i gCarna agus i gCill Chiaráin le fada an lá.*

# Tigh Mhic Dhonnchadha

**Cill Chiaráin**

## Ollmhargadh

Siopa Búistéara
Nuachtáin



Siopa Grósaera
Gas agus Gual

## Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollag ar ár gcuid custaiméaraí ar fad.*

# Ná bac leis an *jargon*

## *– tá an ceantar seo ag dul le fána*

*le Máirtín Ó Catháin*
**Eagarthóir** ***Iorras Aithneach 2008***

**Go dona. Sin é am chaoi a bhfuil cúrsaí oibre agus eacnamaíochta sa bpobal seo. Ní fiú – agus ní ceart – a bheith ag dul anonn agus análl faoi. Ní rud é a** tharla **leis an gcúlú eacnamaíochta is deireannai seo – an "recession" – ach an oiread. Tá an cúlú ag tárlú le fada an lá. Tá an scéal sách soiléir.**

Tá muid ar imeall thiar an réigiúin is mo atá faoi mhí-bhuntáiste in Éirinn. Is mo go mór dul chun cinn a rinneadh in oirthear na tíre nuair a bhí an Tiogar Céilteach ag imeacht sna cosa in airde ná a rinneadh i réigiún an iarthair. Ach, tagadh muid níos gaire do bhaile. 'Speáinann an staidéir a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe cúpla bliain ó shin go bhfuil an chuid seo de Chonamara – nuair a chaithfidh tú Doire an Fhia agus an Teach Dóite siar – ar an áit is measa sa gcontae atá buailte. Tá ráta dí-fhostaíochta chomh hard le 30% in áiteacha ann. Sa mullach ar sin, tá an teacht isteach íseal i gcomórtas leis na háiteacha a bhfuil borradh futhú sa gcontae.

Tá muid sa gceantar CLÁR. Tá muid ansin mar gur chaill muid níos mo ná leath an daonra idir 1926 agus 1996. Sin é an tomhais a bhí leagtha síos le CLÁR. Ach, níor stop an cúlú i 1996. Tá trí thoghroinn, no District Electoral Divisions, sa bpobal seo (An Cnoc Buí, Abhainn Ghaibhla agus Scainnimh) agus 'speaineann torthaí an Daonáirimh, no an "Census" ó 1996 i leith go bhfuil an líon daoine ag ísliú i gcónaí.

1996 ……………1907
2002 ……………1820
2006 ……………1730

Thárla an cúlú seo agus daonra na tire thré chéile ag méadú.

Níl ach leath an líon gasúr sna bunscoileanna anseo anois agus a bhí ann i 1990. Dúnadh scoil Mhuighrois uilig i mbliana. Tá postanna muinteoireachta caillte sa bpobal freisin. Tá Pobalscoil Mhic Dara titithe ó 210 go dtí 150. Tá an baol ann go ngabhfaidh sí síos chomh híseal le 100 dalta - no faoina bhun sin - sna blianta amach romhainn. Fágfaidh sin an scoil i mbaol muinteoirí agus ábhair a chailleadh. Chomh maith leis an laghdú daonra tá an coibhneas sa daonra ag dul i dtreo na haoise.

Sé an t-údar is mo atá leis seo uilig ná nach bhfuil na jabanna agus na deiseanna oibre sa bpobal – imíonn go leor de na daoine óga agus is beag duine atá teannamh isteach san áit.

### Iarracht mhór déanta ag an bpobal

Mar a dúirt muid – is leor dhá fhocal le míniú a thabhairt ar chúrsaí oibre agus eacnamaíochta thart anseo: "go dona". Bunaithe ar na figiúirí daonra agus scoile atá againn is leor focal amháin le fáisnéis a thabhairt ar ghach a bhfuil in ann don phobal muna dtiocfaidh athrú mór ar an saol. An focal sin? "Bás".

Ceart go leor, is dóigh, go bhfuil meascán casta focla – no "jargon" – ann a dhéanfadh maolú ar an bhfoclaíocht sin. Go deimhin, is minic é an "jargon" sin cloistithe againn. Sampla dó seo: "tá féidireachtaí sna todhchaí"!! Tá muis!! Is dóigh go bhfeileann an "jargon" sin do pholaiteoirí agus do státsheirbhísigh scaittí, ach ní mór dúinne súil a chaitheadh ar an saol mar atá sé sa bpobal seo dháiríre. Tá a gcion féin déanta ag an bpobal, beagbeann ar an gcúlú. Go deimhin, tá na rudaí is suntasaigh agus is luachmhaire atá déanta sa bpobal le roint blianta spreagtha ag an bpobal féin…agus ag eagraíochtaí pobail anseo. Is leor cúpla sampla a lua:

- An t-othar chárr pobail;
- An Teach Altranais – an áit is mó a thugann fostaíocht sa gceantar;
- An scéim uisce;
- Na scéimeanna séarachais;
- Scéimeanna tithe;
- Feachtas ar mhaithe le bunú Áras Shorcha Ní Ghuairim;
- Feachtas láidir bóithre – bóithre sa gceantar agus an bóthar nua go Gaillimh;
- Forbairt páirc uile-aimsire ag an gCumann Luthchleas Gael;

- Páirtíocht idir CLCG agus eagraíochtaí eile le áiseanna luthchleasaíochta agus caitheamh aimsire a chur ar fáil.
- Bunú seirbhís báid tárrthála.
- Foillsiú an irisleabhair seo le beagnach scór blianta.

Níl ansin ach cuid dó – agus is mór an lear é sin i bpobal atá áirithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe féin ar cheann de na háiteacha is mo atá faoi mhí-bhuntáiste sa gcontae. Tá sé ráite ag Údarás na Gaeltachta go bhfuil áird dá thabhairt go práinneach ar chás Iorras Aithneach. Ach, tá an pictiúir mar a chéile i gcónaí – sin go dona.

## Bealaí nua agus súil eile

Tá iarrachtaí móra déanta ag an bpobal agus coinneofar leis sin. Ach, teastaíonn beart níos bríomhaire ón Stát. Ina dhiaidh sin féin, sé an port oifigiúil – an "jargon" – ná go bhfuil Iorras Aithneach agus áiteacha mar é ina gcrann taca don Ghaeilge agus do chroí agus d'anam na tíre! Má sea, shilfeá go mbeadh níos mo airde ag an Stát orthu.

Tá moltaí curtha chun cinn ag Fóram Iorras Aithneach faoi bheartanna a chuideodh le slánú na háite:

- Bóthar nua den chéad scoth isteach go Gaillimh;
- Deontas Gaeltachta €20,000 le teach nua a thógáil sa gceantar CLÁR.
- Feachtas le daoine a thabhairt chun cónaithe sa gceantar CLÁR.

Tá an réasún atá leis na moltaí seo simplí go maith:
Tá chuile chosúlacht ar an saol gur thart ar chathair na Gaillimhe a bheidh jabanna. Bhéifí ag súil go mbeadh daoine inann taisteal isteach agus amach dá mbeadh bóthar maith ann ar chosán díreach go Gaillimh – sin agus cur fúthu sa bpobal seo.

Ó thaobh deontas títhíochta na Gaeltachta de, bhéifí ag súil go dtabharfadh an deontas breise sna ceantracha CLÁR Gaeltachta uggach do dhaoine tithe a thógáil, no a cheannacht anseo, seachas a bheith ag lonnú níos gaire don bhaile mór. Bheadh na gnáth ríalacha a bhaineann le deontais na Roinne ag baint leis na deontais seo.

Maidir le daoine a thabhairt chun cónaithe anseo is fiú go mór breathnú go géar ar sin. Tá roint fianaise ann cheanna féin go bhfuil fonn ar ríar daoine atá ag teannamh roint amach sna blianta cur futhú in áiteacha mar seo. D'fhéadfadh sé scaittí gur as tíortha thar lear a thiocfaidis – b'fhéidir nach b'é an oiread sin é ach bheadh tábhacht mhór le beagán daoine breise thart anseo. B'fhéidir gur fusa go mór daoine sna haois-ghrúpaí níos sine a thabhairt anseo ná daoine óga – daoine a bheadh éirithe as an obair agus ag iarraidh ciúiníis agus suaimhneas, mar shampla. Rinne an tAire Gaeltachta agus Tuaithe, Éamon Ó Cuív moladh spéisiúil le gairid. Dúirt sé gur cheart go dtabharfaí cead pleanála do dhuine/teaghlach ar bith a bheadh ag iarraidh a theacht chun cónaithe go buan i gceantar tuaithe sa réigiún CLÁR i gConamara. Mar sa deire thiar tháll muna bhfuil daoine ann – daoine ag caitheamh an t-saoil ann agus ag caitheamh airgid ann – ní bheidh pobal ná áiseanna pobail ann. Ní bheidh Gaeilge, béarla no Swahili ann. Agus má leanann cúrsaí ar aghaidh mar atá siad is léir do chuile dhuine… beagbeann ar an "jargon" agus na hóráidí oifigiúla faoi "fhéidireachtaí sna todhchaí" … gur sa treo sin atá muid ag dul sa bpobal seo, agus go sciobtha freisin.

An dtabharfadh na moltaí Fhóram Iorras Aithneach jabanna dúinn? Ní dóigh go dtabharfadh siad ríar mhór oibre dúinn go háitiúil ach chuirfeadh siad leis an n-gníomhaíocht eacnamaíochta – "economic activity" – agus b'fhéidir gur teideal níos fearr é sin ar an rud atá ag tastáil. Dá mbeadh tuilleadh gníomhaíoicht eacnamaíochta againn, ba fusa tuilleadh gníomhaíocht shóisialta a chur ar fáil. Muna mbeidh sin ann, tabharfaidh tuilleadh daoine droim láimhe don áit – agus caithfidh siad sin a dhéanamh. De réir a chéile beidh an lion daoine óga ag dul i laghad agus beidh an céadatán daoine atá ag dul in aois ag méadú. Le himeacht aimsire ní bheidh i gcuid de na tithe ach tithe saoire ag daoine a thiocfaidh ar ais anois agus arís. Agus beidh torthaí eile ar an tanaíochan sin ar an bpobal. Cá bhfágadh sin an Ghaeilge?

An dtabharfar aird ar mholtaí mar atá curtha chun cinn ag Fóram Iorras Aithneach? Bhuel, is maith an scéalaí í an aimsir – scéalaí i bhfad níos fearr ná an "jargon".

**Adhmad Teo.**

Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS • CÓFRAÍ**

***Troscán de chineálacha eile***
***Togha na hoibre***

**Fón : 091-572290**

# Bliain Dhubh ar bhealaí - 2008




Dódh Stáisiún na nGardaí i gCarna ar an 11ú Deireadh Fómhair i mbliana. Bhí sé ina scéala mór agus bhí na Gardaí fós ag fiosrú agus muid ag priondáil an irisleabhair seo. Briseadh na fuinneoga sa Stáisiún cúpla mí roimhe sin.




Monarcha Soilse Charna…nó Carna Lighting. Dúnadh an mhonarcha i mbliana théis dó a bheith ag obair le 30 bliain. Chaill seisear jabanna.




Scoil Náisiúnta Mhuighros – dúnadh uilig í i mí Meitheamh cheal daltaí sa gceantar. Bhí scoil ansin le 112 bliain.




Chur Udarás na Gaeltachta deireadh le comhlacht Thaighde Mara Teo sa bhFómhar. Dúradar nach raibh gá leis feasta. Bhí an oifig i gCarna agus cúpla duine ag obair ann.




Chuir Seirbhís na gCúirteanna deireadh le Cúirt Charna. Bhíodh Cúirt i gCarna le 150 bliain. Bhí an ceann deireannach ann ar an 2ú Nollaig 2008

# Clinic Tréadliachta an Iarthair

Bóthar na Gaillimhe, An Clochán

Tel. 095 22209 Fax 095 22235

Cúiseanna Éigeandala: 087 917 9248

Ar Oscailt:

Luan - Aoine 9.30 – 5.30

Dé Sathairn 10 – 12.30

Seirbhís Tréidliachta Iomlán:

do Ainmhithe Feilm agus do Pheataí

# Fuinneog Scoile agus obair Earraigh

*- Louis Mac an Iomaire*



**Nuair a bhí mise ag dul ar scoil roinnt blianta ó shin ba aimsir an-ghnóthach a bhí san Earrach. Obair an Earraigh sna 1950aidí, an cineál oibre agus an bealach a mbíodh daoine ina chion – is dóigh nach bhfeicfidh muid go deo aríst í.**

Bhíodh na fir ag réiteach na talún le h'aghaidh fataí agus coirce agus torthaí a chur. Ba í an fheamainn an príomh leasú talún, agus faoi Fhéile Bríde bhí chuile theallach ag baint fheamainne agus dá tabhart go caladh. Cuid acu – bhíodh báid iomartha lochtaithe acu agus cuid eile ag tarraingt chlimíní i dtír. Bhíodh asal agus cléibh acu ag tarraingt na feamainne ar na garrantaí. Cuid eile don chlann ag scaradh na feamainne le haghaidh fataí no torthaí. Feamainn a théigheadh amach ar na garantaí féir freisin.

San am sin bhíodh na báid amuigh ag muirínteacht ar chuan Chill Chiaráin. Bhí an cuan dubh le chuile chineál bád – gleoiteogaí, pucáin, báid iomartha agus currachaí. Bhí scil iontach ag teastáil don obair seo agus bhí scoth na mbádóirí i bun na h'oibre seo. Na báid seoil le coinneáil ar na marcanna agus na seolta le faire, an dredge le cur i bhfarraige le tarraingt ar bhank na muiríní. Le spreac a tugtaí an dredge aníos ó íochtar na farraige, é lán le muiríní, sliogáin, feamainn, salachar agus clocha. Bhí fir láidre ag teastáil don obair seo agus go deimhin, bhí siad ann go fairsing. Nuair a thagadh an dredge thar bord isteach bhí na muiríní beaga le cur ar ais i bhfarraige, na muiríní móra le cur ar leath taobh agus an chuid eile le glanadh sul a gcuirfí an dredge thar bord arís.



Ba mhar a chéile dos na currachaí agus na báid iomartha é. Ba é an maide rámha an t-inneal a bhí acu siúd. An dredge a chaitheamh amach agus breith ar na maidí rámha agus leagan ort ag tarraingt an dredge nó go mbeadh an mála lán.

## Fuinneog na scoile agus fuinneog mo chuimhne

Uaireanta theigheadh an dredge i bhfostú i gcloch nó i strapa ar íochtar na farraige agus ba obair mhór é a thabhairt isteach.

Nuair a bhíodh rabharta mór ann bhíodh na currachaí nó na báid iomartha abálta dul isteach ar an tanaí agus bradóg a úsáid.

Is iomaí droch lá a bhí acu ar an gcuan. Le sneachta, sioc, gala, fuacht agus báisteach. An uair sin, ní raibh éadach báistí no wellingtons le fáil. Iad ag saothrú greim a mbéil sna coinníollacha sin, báite go craiceann agus, go minic, gan acu ach buidéal tae fuar le na mbéil a fhliucheadh.

Bhíodh muide sa scoil ag faire amach orthu. Bhí fhios againn chuile bhád, na daoine a bhí dá seoladh agus ag iomradh agus chuile ghasúr ag déanamh gaisce as a dhream féin agus ag rá go mba iad ab fhearr. Is iomaí uair a bhain an máistir fad as na clause againn. Muide ag faire ar na báid in áit áird a thabhairt ar na ceachtanna.

Nuair a bhíodh sé ina Mhárta bhíodh sé in am na fataí a chur. Bhíodh na daoine ag iarraidh leath na bhfataí a bheith sa talamh roimh Lá Fhéile Pádraig. Bhí an fheamainn lofa faoi seo. Bhí sciolláin le gearradh. Sé ceann an tí a dhéanfadh an obair seo go minic. Ghearrtí píosaí do fhata a mbeadh dhá shúil ar agus na píosaí a bhí fágtha tugtaí logáin orthu. Ní chuirtí amú iad seo – ghlantaí an craiceann dóibh agus síos leo sa bpota mór leo le haghaidh an dinnéir. Nuair a bhí siad bruite dhéantaí bruitín díobh, chuirfí oiniúin isteach leo agus ba bhreá, blasta an béilí iad.

Nuair a bhíodh fataí curtha ba álainn an radharc é an garraí. Na hiomaireachaí chomh díreach agus go sílfeá gur ríomhaire a leag amach iad. Bhí na daoine an-deis-láimheach agus mheas acu air a gcuid oibre. Bhíodh na torthaí dá gcur san am céanna leis na fataí.

## Saol nádúrtha *– an bhfuil ceacht le foghlaim againn?*

Go minic is i dtús an Aibreáin a chuirtí an coirce nó eorna no seagal. Spréití an garraí a raibh na fataí ann an bhliain roimhe agus chraití an síol – agus síol féir – isteach san am céanna. Píce a úsáidtí ag clúdach an ghrán. Bhíodh cúpla bó no tréad beag caorach ag chuile theallach. Bhí cearca, lachain agus géabha i mbeagnach chuile theach. Bhó molt nó dhó le marú cúpla uair sa mbliain. Bhí duine ar chuile bhaile a bhí ábalta an molt nó an chaora a mharú agus í a ghlanadh agus a réiteach le haghaidh an bhoird. Ní raibh tada ag dul amú. “Black pudding” don fhuil agus aol a chur ar an gcraiceann, é a thriomú san scioból agus “rug” a bheith agat.

Bhí na cearca le haghaidh na n-uibheacha agus an rud céanna leis na lachain. Bhíodh an-tóir ar na géabha sa ngeimhreadh ag dteam imirt chártaí. Is iomaí gé bhreá a cuireadh sa bpota théis oíche imeartha.

San am sin ní teilifís a bhí i gcoirnéal an tí ach mála plúir. D’fhuintí an plúr agus sí bean an tí a bhíodh i gceannas ar seo. Bhácáiltí an cáca sa mbácús os cionn na tine agus cúpla splainc dhearg ar chlúdach an bhácúis.

Bhíodh fáilte mhór acu roimhe nuair a bhíod laoí ag an mbó. Mar bhíodh bainne le haghaidh an tae acu agus le n-ól. Ní raibh aon bhaine le fáil ins na siopaí an t-am sin. Chuirtí barr an bhainne ar leath taobh agus nuair a bhíodh a ndóthain acu, isteach sa gcuinneóg leis agus dhéanfaí maistire. Bhí láimh ar an gcuinneóg agus chuirtí timpeall an láimh seo no go dtagadh an t-im air. Is iomaí uair a bhíinn féig ag faire air mo mháthair ag tógáil an im úr as an gcuinneóg. Dhéantaí meall dó agus chuirtí salann ar agus theigheadh sé isteach i mias agus clúdach ar. Bainne géar a bhíodh fágtha sa gcuinneóg. Ba bhlas an deoch é! Bhí an t-im agus an t-arán baile i chuile theach. Is dóigh liom nar bhlaise mé ariamh do thada chomh deas le píosa do cháca bácúis te bruite amach as an mbácús agus im baile ar.

Níl anseo ach cúpla smaoineamh ó shaol atá fágtha ina n-diaidh againn. Ní raibh “fridge” ná “freezer” acu. Meastú an mbeidh muid chomh maith go brách lenár sinsear? Ní raibh uisce ná teas acu ach an tine. Tá saol difriúil anois againn. An mairfeadh muid mar a mhair an dream romhainn dá mbeadh muid ina n-áit?

Tá muid ag éisteacht leis an bhfocal “organic” chuile lá anois. Ach ba bheatha “organic” uilig a bhí ann san aimsir a caitheadh. Mhair daoine ar bhia farraige, cladaigh agus talún.

An bhfuil ceacht le foghlaim againn?

# Bainis




Bairbre Nic an Ríogh as Muighros agus Seosamh Ó Maoilchiaráin as Leitir Ard a phós i Séipéal Charna ar an 3ú Bealtaine 2008.

# Deartháracha Peile



Louis Mac an Iomaire ar chlé agus Páraic Mac an Iomaire – deartháracha as Ros Dúgáin agus togha peileadóirí ar fhóirne Charna ar feadh scaitheamh mór blianta. Tógadh an pictiúr seo sa gClochán í 1968 – dhá scór bliain ó shin.

# Fir Charna



**Ar Chlé: Micheál Ó Béartha (Mikie Berry) as Charna agus Cóilín Taimím. (Coilín de Búrca ) as Roisín na Mainíoch.**

# Bhí an t-am sin ann……




San Galtymore Ballroom i Londain tráth den t-saol. Ó chlé - Sean Ó Conghaile as Ros Dugain, Páraic Ó Ceanneabháin as Cill Chiaráin, Josie Joeen an Bhreathnaigh as Cill Chiaráin agus Michael Joeen.



I dtús na seascaidí. Ó chlé: Cóilín Joeen Guairim as Ruisín an Chaladh, Páraic Ó Conghaile (Paddy Pháraic Sheáin Dhiarmuid) as an gCoillín agus níl ainm an fir ar dheis againn.... agus gasúir le Cóilín Johney Sheáin Liam as Leitir Ard a bhí sa mbaile as Corby i Sanana ar cuairt.



Ag obair i mbialann sa Great Southern i nGaillimh sna blianta siar – Peige Ní Chualáin as Muigh Inis ar chlé agus Máire Phat Mhóir (Nic Dhonnchadha).

# Oileán Mhic Dara san aimsir a caitheadh













# Ag Comóradh i 2008



Ag ceiliúradh 10 mbliana Aras Shorcha Ní Ghuairim i mí na Samhna – Áine Ní Chuaig as Áill na Brún agus Marcus Ó Conaire as an Spidéal.



Ag ceiliúradh 10 mbliana Aras Shorcha Ní Ghuairim i mí Dheireadh Fómhair: ó chlé – Seosamh Ó Cuaig (Áill na Brún), Peadar Ó Ceannabháin (Bantrach Árd ) agus Micheál Ó Cuaig (Áill na Brún). 'Sé Peadar Ó Ceannabháin a thug an píosa cainnte faoi fhilí Iorras Aithneach san 19ú Aois.



Tabhair dom mo shluasaid! An Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig ar láthair an fhoirgnimh nua ar an Eastáit Tionscail i mí Feabhra.



Ag an gceiliúradh 10 mbliana. O chlé: Máirín Uí Chathasaigh (An Aird Mhóir), Josie Sheáin Jeaic (Carna) agus Peadar Mac an Iomaire, Príomh Fheidhmeannach in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.



Ag oscailt Ionad Oidhreachta na nEireannach i Portland, Maine i mí Dheireadh Fómhair. Ó chlé: Vincent Ó Cadhain as Gabhla, Margaret Fishcher as Boston agus an tAire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D. Chuaigh cuimse daoine as Conamara go Portland sna blianta a caitheadh.

# Báthadh Josie Joe Nóra

*le Máirtín Bairéad*

**I gceantar Dhubh Ithir, Mhuiorais agus Leitir Ard tá cuimhne an-mhaith ag go leor daoine ar an mbáthadh tragóideach seo. I mBealtaine na bliana 1946 a** tharla **sé. Cuimhním féin ar an lá. Am lóin a bhí ann i Scoil Mhuiorais. Lá dorcha gránna a bhí ann – gaoithe aniar aneas agus múiríleacha.**



***Fraoch Oileán***

D'Fhág Josie Joe Nóra (Mac Donnchadha) agus Máirtín Mhicil (Ó Loideáin) Portach Mhuiorais i bpúcán le dhul ag plé le muiríní i gCuan na Beirtrí Buí. Bhí fear ag teacht an lá sin ag ceannacht na muiríní. Ní raibh an bheirt ach píosa suas ó Fhraoch Oileán nuair a tháinig droch mhúr, chuaigh an ghaoithe ó thuaidh agus neartaigh sí. Luí an bád go tobann, líon sé le uisce agus chuaigh sí síos. Is cosúil nach raibh aon chlár aimsire uirthí. Chuaigh Máirtín ar mhaide rámha ach chuaigh Josie síos agus níor tháinig sé aníos. Ceaptar gur b'é an scanradh a mharaigh é mar nach raibh aon uisce sna scamhóga.

Bhí Seán Cheoinín ag baint fheamainne nuair a chonaic sé an bád ag dul síos. Fuair sé Dudley Guairim agus Pat Larry (Mac Donnchadha) agus rinne siad ar an áit. I gcurrach a bhí an triúr ag iomra. Thóg siad Máirtín den mhaide rámha ach thuig siad go raibh Josie báite. An rud aisteach faoi ná gur báthadh an fear a raibh snámh aige agus gur tháinig an fear nach raibh in ndon snámh slán.

Níltear cinnte céard a thárla. Dúirt bean amháin a chonaic an bád ag dul síos go bhfaca sí bád eile lena taobh. Dúradh gur thriáil siad an jib a bhaint anuas, go ndeachaigh an láinéar i bhfostú leath bealaigh, gur líon an seol le gaoithe agus gur tharraing sé ceann an bháid síos. Tá rud amháin cinnte – nuair a tugadh an bád aníos bhí snaidhm daingean ar scód an tseoil mhóir. Is dóigh gur luí an bád sul a raibh deis acu an seol a scaoileadh amach. Dúirt fear as Damhros a chonaic an bád ag

seoladh amach go raibh sé ag iompar go leor seoil ach bhíodh go leor ballasta 'sna báid agus iad ag dreideáil.

Meán lae Dé Máirt a tharla an báthadh. An Domhnach roimhe sin chuaigh triúr fear as Cill Rónáin amach i gcurrach. Shéid gála agus bhíodar ar iarraidh go meánlae Dé Máirt nuair a tháinig siad i dtír ar chósta Chontae an Chláir. Díreach agus daoine ag ceiliúradh go raibh fir Árann slán, sábháilte tháinig an droch scéala go raibh fear óg as Muioras báite.

Thosaigh an cuartú an chéad lá eile. Fritheadh an bád an lá ina dhiaidh ach ní raibh an corp intí. Fritheadh an corp an Domhnach ina dhiaidh sin. Ní raibh tumadóirí ar fáil leis an obair sin a dhéanamh san am. Téid, ancairí agus dubháin a bhíodh acu. Nuair a chonaic siad na báid uilig ag titim isteach taobh le currach amháin thuig siad go raibh deire leis an gcuardach. Isteach chuig Céibh an Chorradáin a tugadh an corp. Chuala mé gur gheall máthair Josie nach gcaoinfeadh sí níos mo dá bhfaighfí an corp. Cuimhním ar an mbean uasal sin lá na sochraide. Níor chaoin sí deoir.

Mhair Máirtín Mhicil blianta fada ina dhaidh sin, ag iascach agus ag gliomadóireacht. Tugadh an pucán ar chárr capaill go Mhioras. Ní dheachaigh sí ar farraige aríst go deo ina dhiadh sin.



*Máirtín Bairéad – scríbhneoir an phíosa seo.*


# ANNE DOWD

## *Gruagaire Charna*

**Mná, páistí agus fir**

*Seirbhís ghairmiúil den chéad scoth*

**Glaoigh ar 095-32277**

# Conghaileach Fhínse

## – *file i Meiriceá*

**Seo litir ó fhear d'arbh ainm Patrick Connolly i Massachussetts. Scríobhann sé filíocht. Tá pictiúr dó san Irisleabhar. B'fhéidir go mbeadh a fhios ag duine éicint cerbh iad a mhuintir.**

68 Arrowhead Dr.
PLYMouth
MASS 02360
1-508-830-1147

My Name is PATRICK Connolly SR.
I was Born at New Docks GALway City
may 18 - 1932, my Grandfater Patrick Connolly
was Born 1850 on Feenish Island in
Connemara Co. Galway died 1930 at Long Walk
Galway Docks. He moved into Galway as
a young man and married the daughter of a
Portuguese's Sea Captain Julia DiAgnew of
LISBon Portugal. They had three daughters
and three sons. my Dad Michael Connolly was
a Trawler skipper in Galway and Marine Engineer
my Dad was the only qualified Marine Engineer
to work on Lindbergh's Plane october 1934
when it landed in Galway Bay with engine
trouble. my Grandfather & Grandmother
are Buried in Forthill Cemetery in
the Dock area. opposite the Grave
of 500 Spanish Sailors murdered by
the English that came ashore in
Connemara from the Spanish Armada.
I retired now from the Merchant
Marine and Commercial Fishing and
spend my time on the Trawler Yacht
KELTIC Dawn which I own and Skipper.
Patrick J Connolly
Pádraic Ó Conghaile

# An Breathnach a mhicó!

**Séamus Walsh**

**– Comhairleoir Contae**

**– Údarás na Gaeltachta.**



**Bainfidh Séamus Breathnach cor as na húdaráis ar mhaithe le muintir Chonamara.**

**Tá cónaí orm sa nGleann in Uachtar Árd.**
**Teileafón….091-552726**

**Glaoigh no teara chugam – beidh fáilte romhat.**

**Mo chuid den Nollaig oraibh uilig.**

# Cosantóirí Charna i 1978

*Seán Ó Cualáin ag caint le*
*Marcus Ó Maoilchiaráin agus Seosamh Mac Con Iomaire (Joe Josie)*

**I 1978 ar pháirc fliuch i nGleann Cholm Cille rinne foireann Chárna éacht nár saraíodh anseo ó shoin, sé sin gur bhuach siad an Comórtas Náisiúnta ag Comórtas Peile na Gaeltachta. Fiú go ndeachaigh foireann Chárna An Chaisil i bhfoisceacht cúpla nóiméad don gaisce céanna i 1995 san Fháirchí agus gur bhuaigh Cárna Caiseal an craobh áitiúil i ngrád na sinsir i 2004, mairfidh an bua i '78 i gcuimhne phobal Iorras Aithneach. Labhair mé le beirt a d'imir an ar an bfhoireann sin, Seosamh Mac Con Iomaire (Joe Josie) as Ros Dugáin a bhí ina lán chulaí agus Marcus Ó Maolchiaráin as Bántrach Ard a bhí taobh leis, sa líne céanna sa gcoirneál. Labhair Seán Ó Cualáin – fear na teilifíse leis an mbeirt úd a d'imir go cróga do Charna 30 bliain ó shoin.**

**SÓC (Seán Ó Cualáin)** *Cen áit ar bhuach sibh an Comórtas Áitiúil?*

**MM (Marcus Ó Maoilchiaráin)** Rud atá athraithe thar mar a bhí ná nach raibh deireadh seachtaine ar bith ann don comórtas áitiúil mar atá anois ann. Bhuail muid Leitir Móir sa gcluiche leathcheannais, cluiche crua. Is cuimhneach liom gur ar an gCeathrú Rua a bhí an cluiche ceannais agus gurbh iad na Breathnaigh a bhuail muid. Bhí go leor ag ceapadh gurbh iad na Breathnaigh a bhuachadh, bhí foireann an-mhaith acú freisin. I ndáiríre is beag a bhi idir Cárna, Leitir Mór agus na Breathnaigh ag an ám.

**SÓC:** *Cen chaoi a ndeacha an réiteach ina dhiadh sin?*

**JJ (Joe Josie)** Píosa ina dhiadh sin bhí cruinniú sa lounge bheag a bhí sa óstán, Páraic Ó Cosgartha a bhí ann ag an ám, bhí an seomra lán agus bhí an corridoor taobh amuigh lán freisin, chuile dhuine ag iarraidh dhul suas agus idea's ag chuile dhuine faoi céard a cheart a dheanamh. Ba é an tóstán an base a bhí againn na blianta sin.

**MM:** Bhí ar an gcumann roinnt airgead a bhailiú, Bhí damhsachaí thart ar an mbaile, cruinniú an tairgead agus ní raibh aon cháill do imreoirí tada a íoc. Ba í an bhlian sin an chéad bhliain ag Cárna dhul chomh fada leis an gcomórtas náisiúnta. Ba í 1977 an chéad bhliain comórtas sóisir a bheaidh ann agus chomh fada le mo bharuil ba iad an Fháirchí a bhuach i '77 é. Rud nua a bhí ann dhúinne, ní raibh muid i ndáiríre ag cuimhniú é a bhuachadh.

**SÓC:** *Cen sórt foireann a bhí agaibh an bhlian sin?*

**MM:** An bhlian sin tháining cúpla imreoir arais againn, tháining Johnny Phateen arais as Meiriceá agus tháinig Johnny Lydon agus Gearóid Phat Jim as Bleá Cliath. Chur sé sin go mór leis an bhfoireann freisin.

**JJ:** Bhuach muid an bhlian sin é mar bhí muid crua, ní raibh aon duine ar an bfhoireann ag gabhail ag seasamh siar, bhí backs crua againn agus lár páirce mhaith, Johnny Lydon, Johnny Phateen agus Peadar Cloherty, fir mhóra, sin é an cineál peil a bhí ann ag an ám. Tá an cluiche athraithe go mór ó shoin, níor deanadh an leath an oiread ritheacht an tám sin agus atá dhá sheanamh anois.

**SÓC:** *Agus an réiteach deanta, céard faoin turas suas?*

**JJ:** Turas sách fada a bhí ann, maidin de hAoine chuaigh muid suas, lá breá Samhradh a bhí ann, stop muid i Sligeach ar an mbealach suas agus tá mé ag ceapadh gur stop muid i Killybegs freisin. Ba é Noel Phat Mór a thug suas muid, chuaigh muid don bhóthar gar do Gleann Cholm Cille, bhí siad ag obair ar an mbothar shuas ann. Bhí sé dubh dorcha, chaith muid an bus a fhágáil ansin agus siúl go dtí an áit a raibh muid ag fanacht. Bhí cúpla deoch againn an oíche sin, ach as sin gearradh amach an ól as sin.

**SÓC:** *Cen chaoi a ndeachaigh na cluichí?*

**MM:** Sa gcéad cluiche ar an Satharn bhuail muid Gleann Fhinne le aon phaointe amháin, bhí an cluiche sin crua, bhí an páirc níos cruaichte!! Tá mé ag ceapadh gur in aghaidh Gleann Colm Cille, an foireann baile a bhí muid ar an Domhnach. Ní raibh an cluiche sin chomh crua le cluiche an tSatharn.

**JJ:** An chéad liathróid isteach sa gcluiche sin in aghaidh Gleann Fhinne, chur siad liathróid fada agus árd isteach ag an full-forward, lig mé leis mar cheap mé nach bfhaigheadh sé í agus go raibh sé gaibhte ro-luath. An chéad rud eile rug sé go hárd uirthi, chas sé agus phlandáil sé ar bharr na h'eangaigh í, paointe bhreá. Dúirt mé liom féin má dheanann sé é seo arís ormsa beidh mé feiceáil an sideline sula i bfhad. An chéad liathróid eile a tháining isteach thug mé rap breá crua ach fairáilte isteach sna heasnachaí dhó, choinnigh mé ciúin as sin é.

**SÓC:** *Bhí sibh sa gcluiche ceannais, b'ócáid mhór a bhí innti.*

**MM:** Ba ea, bhí an-mhisneach sa bfhoireann ag láidriú le chuile chluiche. In aghaidh Naomh Micheál, Baile na Sceilige a bhi muid. Ar an Luan, bhí sé ina screachadh báistí, bhí slua breá tagthaí aníos oiche de Domhnaigh, arnú bhi na cluichí ar Raidió na Gaeltachta ag an ám, bhí roinnt iascairí a bhí ag obair as Killybegs ag an ám agus iad féin tagthaí aníos freisin, Paddy Dundass as Coill Sáile agus clann Dara Beag as an Áird Mhóir. Maidir leis an gcluiche ní cuimhneach liom gur cluiche deacair a bhí ann, bhí muid níos fearr ná iad, d'imir muid go maith an lá sin. Is cuimhneach liom go bhfuair Johhny Phateen penalty

**1** **Paddy Ó Catháin**
**2** **Marcus Ó Maoilchiaráin**
**3** **Seosamh Mac Con Iomaire**
**4** **Seán Ó Conghaile (C)**
**5** **Maitiú Ó Coirbín**
**6** **Gearóid Ó Ceannabháin**
**7** **Peadar Ó hIarnáin**
**8** **Seán Ó Loideáin**
**9** **Peadar Ó Clochartaigh**
**10** **Gearóid Ó hIarnáin**
**11** **Seán Ó Maoilchiaráin**
**12** **Brendán Ó Cadhain**
**13** **Páráic Ó Coirbín**
**14** **Micheál Ó Cuaig**
**15** **Páraic Mac Con Iomaire**

**Fir Ionaid:** Stiofán de Búrca, Máirtín Berry, Máirtín Mac Craith, Liam Ó Críodhán, Seán Seosaimh Seoige, Roibeáird Ó hÉilí, Seán Mac Donnchadha, Peadar Ó Ceannabháin, Seosamh Mac Donnchadha, Colm Ó Ceannabháin.

**JJ:** Théis an chluiche chuaigh muid suas ag an Óstán, bhí spraoi maith théis an cluiche sin, ba iontach a bheith ann ag ceilliuradh le daoine ón mbaile. Tá mé ag ceapadh go bhfuil pictiúr go fhoireann Chárna fós ar an mballa thuas ann. Dfhág muid ag dó no an trí ar maidin. Bhí aicsean mór ag iarraidh chuile dhuine a chur an mbus, níl fios agam cé a chur na málaí i ndeireadh an bhus ach bhí siad ann nuair a landáil muid sa mbaile. Bus socair go maith a bhí innti ar an mbealach anuas agus muid ag iarraidh beagán codladh a fháil. Cuimhneach liom go maith agus muid i Maam Cross, bheadh sé seo leathuair taréis a seacht ar maidin, Páraic Tom Phatch agus Máirtín Ó Donnell as Coill Sáile ag fanacht linn, bhí Páraic ar an mbosca ceol agus é ag casadh chomh h'árd agus a bhí sé inann….. Ní dheanfadh mé dearmad go brách air.

**MM:** Thiar Tí Mheaic ansin tosaidh ag líonadh an cupán arís, ní raibh sé i bhfad go raibh an áit é féin líonta. Roinnt seachtainní ina sin bhí ócáid Tí Mheaic, áit ar bronnadh na boinn.

**SÓC:** *Cen chaoi ar éirigh leis an bfhoireann ina dhiadh sin?*

**MM:** Théis an bua thuas ag an gComórtas, bhí chuile foireann i ngrád na sóisir ag faire orainn, is cuimneach liom gur tháining Salthill go Cárna do chluiche sraithe roinnt seachtainni théis dhuinn theacht abhaile. Bhí slua mhór ag faire orainn, bhuail siad muid, ba é Brian O'Donnell a bhí ina imireoir condae ag an am a rinne an scrios.

**JJ:** Ba shin é deireadh don foireann sin i ndáiríre, thosaigh lads ag fágáil na háite, agus bhí an fhoireann scaipthe taobh istigh do 4 bliana. Seacht mbliana ina dhiadh sin ní raibh foireann ar bith ann.


# T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera • Crua-Earraí, Éadach •
• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

# Bainiseacha



Bernadette Ní Chualáin as Muighros agus Maurice Flynn as Cill Dara - Séipéal Charna 6-6-2008.



Emer Ní Chualáin as an gCrumpán agus Conor Foley as Cill Mhantáin – Seipéal Charna 26-9-2008.

# Lá'l Pádraig
# Scéalta Tráthúla


















# Móin agus Tóin!

## Lá'l Pádraig ar an Aird Mhóir












# Ag Imirt go Ghaillimh

# Niall Coyne

**Is mór an onóir do Chumann Charna/an Chaisil go bhfuil imreoir dá gcuid ag imirt ar fhoireann sinsir peile na Gaillimhe. Bhí Niall Ó Cadhain as Gabhla ag imirt seasta do Ghaillimh i mbliana sa tSraith Chomórtas agus i gCraobh na hÉireann no go bhfuair Ciarraí an ceann is fearr orthú i gcluiche ceathrú ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh.**




Sammon extends perfect record as Tribesmen land first trophy of the season at Pearse Stadium



the Connacht championship.
Niall Coyne from Carna-Cashel was also a powerful performer in the centre of the Galway defence and looks a real prospect but the big danger overall is that if Galway are being dominated by a handful of brilliant players they may sometimes lack the level of hard sloggers that is currently included in the present Galway football team. However, Liam Sammon's skill as a coach could also be a critical factor in the destination of Galway football.



67

**EugeneMcGee**



eugenemcg@hotmail.com


# Tribal style wins the day over Lilies' new-found substance



Niall Coyne ar chlé sa bpictiúr seo – a dheartháir Conor (fear lár páirce Charna/an Chaisil) ar dheis agus a n-athair, Breandán i lár báire.

# SÚIL I DTREO NA BHFLATHAS

## PÁTRÚN LÁ 'L MHIC DARA 2008







Séiplíneach Chill Chiaráin, Séamus Mac Dúill.

Sagart Pobail Charna – Peadar Ó Conghaile.





Pádraig Phat Phatch.



Nóirín Mhic an Iomaire agus a mac, Kevin as an Aird Mhóir.

Glaoch ó Dhia – ó chlé: Martina Ní Fhlatharta, Sal Óg Ní Chualáin, Kate Ní Chualáin, Máire Ní Chlochartaigh, Kathleen Mhary Mháirtín Sheáin Bheartlín agus Marty Ó Flatharta agus a mhac, Dara.



Padraig Ó Coirbín ar Chéibh an Mhása agus é ag réiteach báid le dhul chuig an Oileán.



Mór-sheisear Sagart ag ceiliúradh an Aifrinn bheannaithe ar Oileán Mhic Dara ar an 16ú Iúil i mbliana.

# Spóirt talúna – Féile Mhic Dara... Iúil 2008




Foireann Tígh Mheaic a bhuaigh Craobh na mBan... Ar gcúl – ó chlé: Margaret Ní Dhomhnaill, Helen uí Éinniú, Máire Ní Éinniú, Treasa uí Ghaora agus Elsie Ní Chríodháin. Chun tosaigh: Máire Ní Mhaoilchiaráin agus Clíodhna agus Orla Ní Chualáin.




Foireann Theach Ghlinsce a bhuaigh Craobh na bhfear...Ar gcúl – ó chlé: Séamus ó Clochartaigh, Ciarán ó Tuathail, Beartla Ó hIcí (Leitir Móir) agus Ciarán Mac an Iomaire. Chun tosaigh: Hubert Mac Craith, ?, ?, Seán Seoige.



Tarraingt mhór! Robert Seoige as an mBantrach Árd ag tarraingt ar fhoireann Óstán Chuan Charna.




Bridie Mhic Giolla Phádraig as an gCoillín agus a comhghleacaíthe.



Ciarán Ó Cillín – an buaiteoir sa rása 100 slat faoi 16 bliain.

Foireann theach Ghlinsce ag coinneáil a n-greim go daingean.





Céibh an Mhása - Lá'l Mhic Dara - am eicint sna "sixties". Tá Joe Chathail (Ó hUaithnín) as an Más agus a bhean Bríd gar do íochtar na céibhe...tá Mary Petone (Mary Pháraic Sheáin Dhiarmuid) as an gCoillín ann sa 'trowser suit" bán – beirt ghasúr lei as Meiricea Máirín agus Seán agus tá muid a'cheaptha gur b'í Máire uí Chualáin as Duibhithir an bhean a bhfuil an seaicéad gorm uirthí. Fágfaidh muid an chuid eile agaibh féin.




Bhronn Coiste na nIomróirí ar chósta thiar na hEireann gradam ar Danny O Flatharta as an Aird Mhóir – tá cónaí air i Texas anois – ag ócáid ar an gCeathrú Rua i mí Mheán Fómhair. 'Sé Danny a bhunaigh an ceangal idir na currachaí i gConamara agus an Fhéile Cheilteach i New Orleans.

# Triathlon



Art  Mac Manusa as Baile Átha Cliath – muinteoir scoile –buaiteoir na bhfear.



Gearóidín Nic Táibhis as Carna agus cara lei ag an Triatholn



Elena Maslova as St Petersburg sa Rúis atá ag obair mar chomhairleoir díolacháin  maoine i mBaile Átha Cliath – buaiteoir na mban

## 2008




Micheál Ó Clochartaigh as Leitir Ard sásta théis an cúrsa uilig a chríochnú.



An Garda Máirtín Ó Gríofa ag stiúradh tráchta, rothaithe agus coisíthe ar an Triathlon.




Gearóid Ó hÉilí as Carna théis an Triathlon a chríochnú.



Beirt 'designers' as Manhattan i Nua Eabhrach ag an Triathlon – Abby Moriarty (ar chlé) agus Audrey O'Doherty. Bhí cara leo páirteach sa Triathlon.



Ella Ní Clochartaigh as Leitir Ard i gcuideachta a hathair mór Pádraig.  Tá sí ag fancht fresin go  go gcríochnódh a hathair Michael an Triathlon i gCill Chiaráin.

# Caiple



Pat Gannon as Caladh Fhínse – áit mbíodh togha na gcapall.



Joe Pheadair O Guairim as Ruisín na Mainíoch – fear a raibh caipple maithe aige.



Pól O Flatharta as an mBantrach Ard agus searrach na bhFlathartach "Bantrach Storm Boy" a bhuaigh príomh dhuais na searrach ag Seo an Tigh Dhóite i mbliana. Tá Réamon Ó Flatharta agus máthair an tsearraigh "Beauty" sa bpictiúr freisin.



"Myra Joe" ag léimneacht ag Seó an Chlocháin – le Pádraig Ó Caonaigh (Pádraig John Mhicil) as Gabhla.



"Calowfeenish Ashling" dá 'speáint ag Micheál Ó Caonaigh (Mickey John Mhicil) as Gabhla – agus Luimneach anois – ag Seó an Chlocháin 2008. Seo í máthair "Gowla Lad".



"Myra Joe" agus é ar a shuaimhneas ag Seo an Chlocháin – capaillín Phádraig John Mhicil.

# Ar fud an domhain.



An Cennasaí Cúnta ar phóilíní chathair Bhoston, Colm Lydon agus a athair, Cóilín Lydon as Ruisín na Mainíoch i gCarna.



Susan Uí Chatháin agus an tOllamh Michael Connolly ag ceiliúradh St Dominic i Maine.




Risteárd Mac Donnchadha as Cill Chiaráin ar cuairt i Viet Nam i mbliana – in éineacht le grúpa lucht gnó.



Sorcha de Brúch, Rúnaí an Aire Eamon O Cuív agus Maureen Coyne – bean Oileán Iarthach i Maine.




Leac i gcuimhne ar an nGorta Mór i mBoston. An tAire Éamon Ó Cuív ag léiriú omóis i mbliana.



Nóirín O'Brien (Ní Chionnaith) as Leitir Ard ag ceiliúradh Margaret Craven.



Aine Bean Uí Chuív agus an Seanadóir Margaret Craven.

# Ceiliúradh an tSeanadóra i dTeach Ghlinsce – 12ú Samhain, 2008.

D'eagraigh a compánaigh scoile ócáid don Seanadóir Craven. Tá scoil Ghlinsce dúnta le fada…ach maireann na cuimhní cinn. Oíche stairiúil idir chompánaigh scoile agus comharsanaigh.



Sa rang céanna i Scoil Ghlinsce tráth den tsaol – An Seanadoir Craven agus Bairbre Ní Chathain.



Cuimhní scoile? An Seanadóir agus Jarlaith Cunningham as Glinsce.



O chlé: Eileen Noonan-Connolly, Joe McDonagh agus Ann Dowd.



Máire Aine Uí Mhaoilchiaráin (ar chlé) agus an Seanadóir.



Pádraig Seoige agus Kate Bean Uí Chathasaigh.




Beartla O Cathasaigh agus Hannah Seoige – bean Phádraig Seoige.



O chlé – Johney an Ghréasaí, a dheirfiúr Carmel Uí Chatháin, Bairbre Ní Chatháin agus Marty Ó Cionnaith – Bobby Leen (Ní Chionnaith) chun tosaigh.



Máire T. Uí Chuinneagáin (ar chlé) agus Mary Kinnane.



Noel O Conghaile (mac dearthára leis an Seanadóir) agus a mháthair, Nancy.

# Seanadóir as Leitir Ard

Toghadh Margaret Craven- Mairéad Mhattie Sheáinín (Ní Chonghaile) as Leitir Ard ina Seanadóir Stáit i Maine ar an 4ú Samhain, 2008. Éacht mhór a bhí ann. Is dóigh nach bhfuil aon Éireannach eile chomh hard sin sa bpolaitíocht i Meiriceá.



An toghchán buaite – Seanadóir nua i Stát Maine i Meiriceá..Mairéad Mhattie Sheáinín.






In éineacht leis an Aire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív ag athoscailt Séipéal na nÉireannach - Séipéal Naomh Dominic i Portland, Maine i mí Dheireadh Fómhair. Bhí cuimse daoine as Conamara i Portland fadó.



In éineacht leis an Seanadóir John Kerry as Massachusetts nuair a thug sé cuairt ar theach Mairéid níos túisce i mbliana.



Muintir agus sliocht mhuintir Charna ag athoscailt Séipéal Naomh Dominic i Portland. Chun tosaigh ó chlé: An tOllamh Michael Connolly as Portland (as Caladh bhFuinnse agus Maoinis a mhuintir), Vincent Coyne (Gabhla), An Seanadóir Margaret Craven – Mairéad Mhattie Sheáinín (Leitir Ard), agus Máirín Coyne-Norris (a muintir as an Oileán Iarthach). Chun tosaigh, ó chlé: Jimmy Mhattie Sheáinín (Leitir Ard ), David Ó Conghaile – mac le Jimmy – agus Maitias Ó Conghaile…mac le Eddie Mhattie Sheáinín, nach maireann.



Naonra Charna 2008. O chlé- Kerina N í Chathasaigh, Cathal ó Cadhain, Katie Ní Shúilleabháin, Mark ó Conaire-Ó Conghaile, Ciara Ní Dhuinnsléibhe, Seán Ó Cathasaigh, Méabh Ní Chualáin, Oisín Mac Giolla Phádraig, Tharuki Kumarastinghe.



Banna Ceoil ógánaigh Charna. O chlé: Aisoling Ní Cheannabháin, Prionsias O hIarnáin, Rónán Ó Ceannabháin, Labhrás Ó hIarnáin, Conal Ó Flatharta, Breandán Ó hIarnáin agus Rónán Ó Flatharta.



Na Seoige as an Sraithe Salach – col ceatharacha an tSeanadóra Margaret Craven



Naonra Chill Chiaráin 2008. Chun tosaigh ó chlé. Aidan Burke Connolly, Jake Ó Conghaile, Mac Dara Ó Coistealbha agus Mac Dara Ó Maoláin.
Ar cúl ó chlé– Shauna Ní laoí agus Rachel Ní Iarnáin: Stiúirtheoirí: Ar chlé Muiread Uí Laoi agus ar taobh deise Bairbre Mhic Dhonncha.

# Caiple – Cúplaí - Caitíní



Ceann eile de scoth chaipilíní na gCaonaigh as Gabhla. Seo é "Gowla Lad" – ag Caitlín (iníon Thomáis) a bhí sé seo.



Carna Dun – An stail cháiliúil a bhí ag John Mylotte as Carna agus a rugadh i 1948.. Cheannaigh Cumann Chaipilíní Chonamara "Carna Dun" agus bhí na céadta caipilíní den scoth dá bharr ar fud Chonamara agus an domhain.



Cleas an chaitín! Caitíní Ann Marie Ní Fhlatharta as an Aird Mhóir. "Roxy" chun tosaigh agus "Indy", an caitín donn.



An-dream le caipple iad Caonaigh Ghabhla ariamh análl. Tomás Ó Caonaigh anseo – Tomás John Mhicil agus "Monston Pat" ag teaspántas ag Rás Chúrsa na Gaillimhe cupla bliain ó shin.



Cúpla eile i Leitir Ard – bó le muintir Mhaoilchiaráin as Leitir Ard anseo agus a a cuid laoidíní.



Cúramaí troma ar an mbó seo i Muigh Inis agus ar a húinéra, Johnny Ó Clochartaigh – cúpla!

# Bainiseacha



Róisín Ní Dhonnchadha as an Aird Thiar agus Seán Greally as Gaillimh – Séipéal Charna....8-8-2008.



Una Ní Chonaire as an gCoillín agus Jamie Ó Tuama as Co na Mídhe...an pósadh i gContae na Mídhe 30-6-2008.



Karen Ní Mhadaoín as Cill Chiaráin agus Tomás Ó Máille as Doire Fhearta, an Cheathrua Rua a phós i gCill Chiaráin ar an 3ú Bealtaine, 2008.-



Eamonn Ó Cualáin as Loch Con Aortha agus Gearóidín Ní Chadhain as Tír na Cille an Mám Phós siad i séipéal Coill Mhiolcain an Mám ar an 17ú Deireadh Fómhair 2008

# Anseo agus Ansiúd 2008



Páidreoireacht ag Féile Mhic Dara – Úna uí Chualáin agus cuid den slua.




Ag Seo Chaipilíní Chonamara sa gClochán. Ó chlé – Máire uí Chadhain (Gabhla), Áine uí Dhúbhda (Carna), Seosamh Ó Cuaig (Aill na Brún), Edel Ní Dhúbhda (Carna), Eva Coneys (Leitir Fraic) agus Thomas Frank Seoige (Aill na Brún).



**An slua ag Féile Mhic Dara**



Nóra uí Shúilleabháin as Loch Con Aortha agus a h' iníon Katie ag Féile Mhic Dara.



Cór Charna – ó chlé: Joe John Mac an Iomaire, Johney Sheáin Jeaci, Nóirín uí Shúilleabháin, Pádraig Phat Phatch Ó Ceannabháin, Róisín Ní Dhonnchadha agus Máirín uí Dhúbhda

# Athaireacha agus Iníonacha



Réamon O Flatharta (Réamon Dara Beag) as an Áird Mhóir agus a iníon Niamh – bliain go leith.



Máirtín O Maoilchiaráin (Máirtín Phádraig an Chaiptín) as Leitir Ard agus a iníon Rebecca – beagnach 3 bliana.




Micheál O Clochartaigh as Leitir Ard agus a iníon Ella – bliain d'aois.



Ciarán Mac an Iomaire as Leitir Ard agus a iníon Leah – 2 bliain d'aois.

# Paidir – Scéal – Amhrán agus Bainis




Grúpa i Lourdes san aimsir a caitheadh – sa líne cúil tá Joan Mann as Carna ar dheis uilig agus ar a taobh clé tá Bairbre McKiernan as an gCoillín.



Johney Sheáin Jeaic théis dó amhrán a chasadh Tí Phlunkett i Leitir Mór – Joe Rainey agus Dara Kelly ag glacadh buíochais leis.



Portland, Maine i Meiriceá – Dan Forde(ar chlé), gar mhac le John Forde, fear na scannán agus Patrick Connolly a mba as Fínis a athair mór. File agus scríbhneoir é Connolly i Meiriceá. Tá litir uaidh ar leathanach 37.



Nóra Bean Uí Mhéalóid as Carna – Nóra Mann.



Lá Bainse i 1970 – O chle: Dudley Guairim, Julie Guairim, Penelope Uí Ghuairim, Máire Uí Mhaoilchiaráin agus Betty Mhic Dhonnchadha – muintir Leitir Ard.

# Dochtúir - Lucht Cabhrach - Cócaire - Banríon agus Taoiseach!








Ciarán Mac Donnchadha as Cill Chiaráin ag beathú an phobail ag Geallta Bád Chill Chiaráin i mbliana. ⬆

An Gárda Máirtín ó Gríofa (ar chle), an Taoiseach, Brian Cowen i lár báire agus Susan uí Chatháin ag Óstán Mannin Bay i mBaile Conaola i mí Lúnusa ⬇

Stiofán Ó Cuirrín (ar chlé) agus Micheál Ó Maoláin as an Áird Mhóir ar dualgas le Ord Mhálta Charna ag Seo an Chaisil i mí Lúnusa. ⬆

An Dr Gerard Hooke – duine de dhochtúirí Charna ...agus máirnéalach mór...agus a bhean Amanda ar Chéibh Chill Chiaráin ag na Geallta Bád. ⬇

Edel Dowd agus a athair Joe Dowd as Carna- ba í Edel an Bhanríon ag Seo Chloch na Rón i mbliana.





# Siar/Aniar



Peileadóirí ban Charna atá ag imirt do fhoireann Ghráinne Mhaol. Ó chlé – Máire Ní Chlochartaigh, Bríd Ní Dhonnchada agus Gearóidín Nic Táibhís.



Pictiúr a tógadh scaithín blianta ó shin. Ó chlé – Michael Mháire an Ghabh, Béab Sheáin Antoine (uí Chualáin) agus Béab bean uí Uaithnín).



Susan uí Chatháin ag na rásaí báid seoil i gCill Chiaráin i mbliana.



Eilís Nic Giolla Phádraig ag tabhairt an buidéilín bainne dá dearthair, Micheál Francis.



Ciarán Ó Tuathail, an "fear slándála" ar sheomra feistis Charna agus na lads gaibhte chun páirce.



Gárda an ea? Pádraig Chóilín Ó Cualáin as an gCrumpán agus Tomás Ó Caonaigh as Leitir Árd – lá n-deachaigh siad ar cuairt chuig Paddy Phádraigh Sheáin Dhiarmuid nuair a bhí sé i Luimneach.

# Páidreacha agus Polaitíocht

















1. **Aifreann Thobar Mhuire i Ruisín na Mainíoch. An tAthair Peadar Ó Conghaile an ceiliúraí.**
2. **Tom Anthony Coyne agus Bertie Ahern – gradam ó Fhianna Fáil.**
3. **Máire Uí Thuathail as Cill Chiaráin ar chlé i gcuideachta teaghlaigh a dtugann sí cúnamh dóibh i Medugorje.**
4. **Bríd Bean Uí Bhéartha as Carna ar dheis agus Bairbre Uí Ghuairim as Ruisín na Mainíoch ag Tobar Muire.**
5. **Ag Tobar Mhuire- ó chlé: Máire Uí Neachtain, Julia Hernon, Margaret Bhreathnach (nach maireann) agus Bríd Uí Dhubháin as Ruisín na Mainíoch.**

# As Carna chuig an Opera House





D'imigh go leor daoine as an gceantar chun na hAstráile i 2008…seo grúpa acu le titim na hoíche i Sydney i mí Mheán Fómhair.



Taobh amuigh den Opera House i Sydney. Ó chlé: Séamus Ó Catháin (Gabhla), Seosamh Ó Guairim (Leitir Ard), Beartla Ó Cathasaigh (Más), Seosamh Ó Cathasaigh (Muigh Inis), Séamus Ó Mealóid (Carna), Oscar Ó Cualáin (Crumpán) agus Cóilín Ó Conghaile (Bóthar an Chonvent).



Sydney - ó chlé: Oscar Ó Cualáin, Séamus Ó Catháin agus Seosamh Ó Cathasaigh as Muigh Inis.



Bairbre Ní Ghaora as an gCrumpán a bhuaigh duais náisiúnta as obair ealaíona agus aitheantas do Scoil Phobail Charna. An t-ealaíontóir Guggi ag bronnadh na duaise uirthi.



Féile Mhic Dara cúpla bliain ó shin. Ó chlé – Máirtín Ó Cuirrín (Muighros), Coleman Feeney (Leitir Deiscirt), John Feeney (Ruisín na Mainíoch), Mikie Mhichael Dick (An Aird Thoir agus Boston), Máire Uí Ghuairim (Leitir Ard), Seán Ó Guairim (Leitir Ard) agus Paddy Fitzpatrick (Rinn Mhaoile).



Emma Ní Thuathail as Cill Chiaráin ag ócáid an Chomhneartaithe i gCill Chiaráin.

# Droch Bhlian agus Bliain Mhaith



An tAire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta Éamon Ó Cuív (ar chlé) agus Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta Pádraig Ó hAoláin ag iompú an fhóid ar shuíomh an Aonaid nua Gnó ar an Eastáit Tionscail....3-2-2008.



Westdoc...rud a tharraing caint i mbliana. Seo é Westdoc ar dualgas i gCill Chiaráin an chéad lá a dtáinig sé. Fuair cailín lagar ag an Triathlon i gCill Chiaráin....19-7-2008.




Sáirsint nua i gCarna: An Sáirsint Tomás Ó Coinceanainn (ar chlé) an chéad lá aige ar dualgas i gCarna in éineacht leis an nGarda Máirtín Ó Gríofa....31-5-2008.



Torann ag Féile Mhic Dara. Ag déanamh scannáin a bhí an dream seo ach ní maith a taithnigh sé le go leor daoine gur chur an torann as an héileacaptar seo as don tsearmanas ar an Oileán ar an 16ú Iúil.




Tá na caoirigh le díbirt adeir an comhartha seo – an feachtas in aghaidh Conradh Liospóin...



Buille tubaisteach – fhoirgnimh ag an ionad taighde mara "An Lab", Muigh Inis dóite go talamh ....16-8-2008.



**Dúnadh Scoil Mhuighrois i mí an Mheithimh.**
Ní raibh ach triúr fanta ann. Seo h'iad an triúr acu ag damhsa ag an ócáid nuair a dúnadh an scoil.
Ó chlé: Eoin Mac Donnchadha, Tomás Ó Conaire agus Dara Ó Cuinneáin.

# Ag Cuimhniú ar Cheathrar peileadóirí.



Coilín Johnny Sheáin Tom -Ó Cualáin
R.I.P. ⬆

Bhásaigh Cóilín Johney Sheáin Tom í mBoston í mí Feaabhra 2008. Tugadh abhaile a chorp agus léigheadh Aifreann na Sochraide í Séipéal Charna.

Mar seo a labhair an tAthair Éamon Ó Conghaile (Eddie Bheartla) ag an Aifreann:



Joe Joe an tSaoir –
Mac an Rí
R.I.P. ⬆

"Tá cuimhne mhaith agam ar Chóilín agus é ina fhear óg. Bhíodh ceathrar againn ag dul anonn agus análl ar fud Chonamara agus muid le cumann anseo agus ansiúd ag imirt peile. Bhí Cóilín cupla bliain níos óige ná mise. Ach, bhí muid uilig óg go maith. Bhí Máirtín Bhiddy as Muigh Inis linn agus bhí Joe Joe an tSaoir as an Áird Thoir linn. Chaith muid scaitheamh ag imirt leis Na Piarsaigh, scaithimh eile leis na Caillíní agus mar sin. Ní raibh foireann ag Carna san am.

Ba mhaith an saothraí é Cóilín ar pháirc na himeartha; bhí sé chomh luath leis an n-gaoithe.
Tá a cuimhne agam trathnóna sa gClochán gur dhúirt duine eicint againn go mba geall leis na fánaithe muid ag dul ó háit go háit. "Is measa ná sin muide", adeir Cóilín. "Tá campa ag an bhfánaí ach níl an méid sin féin againne."
Ar ndóigh, le himeacht na mblianta, tosaíodh cumann maith bhidir anseo i gCarna ach bhí an ceathrar againn scaipithe anois agus análl faoin am sin. Tá an scaipeadh níos mó fós anois.
D'imigh Máirtín Bhiddy uainn ar shlí na fírinne roint blianta ó shin agus d'imigh Joe Joe an tSaoir é féin. Tá Cóilín Johney imithe anois. Níl fanta ach duine amháin as an gceathrar peileadóir fáin sin anois....
....agus tá imní ag teacht ormsa".

Máirtín Bhiddy – Ó hUaithnín
R.I.P. ⬇



Eddie Bheartla –
Eamon Ó Conghaile
an Sagart a labhair ag an tsochraid. ⬇





# Foireann Charna 1968



Foireann Charna a d'imir in aghaidh an Chlocháin í 1968. Taobh thiar – ó chlé: Cóilín Ó Gaora (Carna), Séamus Ó Maoilchiaráin (Roisín na Mainíoch), Risteárd Ó hEidhin (Cill Chiaráin), Peadar Ó Ceannabháin (Cill Chiaráin), Páraic Ó Maoilchiaráin (Caladh Mhainse), Seán Ó hUaithnín (Muigh Inis), Seosamh Mac Donnchadha (An Áird Thiar), Páraic Ó Coirbín (an Áird Thiar), Máirtín Ó hIarnáin (Roisín na Mainíoch).
Chun tosaigh: Stiofán Ó Caonaigh (Gabhla), Stiofán de Búrca (Carna), Donncha Ó Tuama (Corcaigh agus Carna), Louis Mac an Iomaire (Ros Dúgáin), Páraic Mac an Iomaire (Ros Dúgáin), Seosamh Ó Loideáin (Muighros), an tAthair Tomás Ó Mainnín (Cill Chiaráin – agus as Mainistir Chnoc Muidhe ó dhúchas).

# I seirbhís na hÉireann agus Mheirceá.



Pádraig Dhiarmuid Ó hUaithnín as an Más – saighdiúr in Arm Mheiricea san aimsir a caitheadh. Fear abálta mar is léir ón seasamh atá faoi – bhí sé go maith ag crochad meachain



Boston "Cop" – Máirtín de Búrca a bhí sna póilíní i mBoston.



Marcus ó Cuirrín as Carna, saighdiúr in Arm Mheiricea agus é théis filleadh as Viet Nam.

## Trí Ghluín Saighdiúrí







Trí ghlúin de mhuintir Mhic an Iomaire as Fínis agus Ros Dugáin (d'atharaigh siad amach ar amn mór thír) in Arm Mheiricea agus na hÉireann. ó chlé: Seán Mháirtín Choilm Mac an Iomaire in Arm Mheiricea i 1917 – a mhac Louis Mac an Iomaire i gceannas ar dhiorma den FCA i nGaillimh sna 1970óidí – agus mac le Louis ...Keelan...san FCA faoi láthair.

# Na" Good Old Days"



Josie Moylan as an Aird Mhóir agus a bhean, Betty as Tuar Mhic Éadaigh i Sasana tráth den tsaol.



Willie Moylan (athair Josie Moylan) agus a bhean Sally (Sally Nic an Iomaire as Seanach Domhnaill) san aimsir a caitheadh.



John Pheadair Shíoduach agus cúramaí mhic a dhearthára air!



Marion Clocherty as Carna agus a fear, Alfred Mann an lá ar phós siad. Bh'shin iad athair agus máthair Joan agus Nora Mann (uí Mhéalóid)



Tom Mhacaigh Mac an Iomaire as an gCoillín – 1958.




Ó chlé – Molly Phádraigín Mhacaigh, a máthair – Máire, Ciarán Phádraigín, Pádraigín Mhacaigh, Nonie uí Choisdealbha, Annie Phádraigín agus Liam Ó Coisdealbha. Bhíodh an Coisdealbhach ag cruinniú seanchais agus ní raibh áit ní bhfear ná imeasc chloinne Mhic an Iomaire sa gCoillín.

# Na Laetha A Bhí



Banna Céilí Naomh Ciarán – an Dr Michael, Pádraig Ó Flatharta, Pádraig Tom Taimín, Pádraig Phat Phatch agus a dheartáir, Tommy.



Ó chlé – Peter Thomas Mhicil (Ó Conghaile) as Coill Sáile, Josie Tom Mháirtín Nídh as Caladh Fhinse agus Nioclás Jim Ó Curraoin as Cill Chiaráin....factory na feamainne.



Máirtín Bheartla Chonaire as Muighros (ar chlé) agus Seán Sheáin Mhicil as Muigh Inis.



Pádraig Fheichín Ó Ceannabháin as an Aird Thoir agus Boston – 1970.



Beartla Rua Ó Guairim as Leitir Ard (ar dheis) ag tabhairt scéalta do fhear béaloidis.



Bairéadach agus Ó Maoilchiaráin – as Muigh Inis agus Ruisín na Mainíoch. Bhféidir go mbeadh eolas níos fear ag duine eicint.

# Teach Ceann Tuí agus Cuimhní Cinn



Ba iomai sin teach mar seo a bhí sa bpobal seo san aimsir a caitheadh. Níl a fhios again cé acu teach é seo ach sé Pádraig Ó Cosgordha atá i lár báire sa bpictiúr thuas. Tá Michael Pheadar Bhreathnaigh as an Leath Mhás ann freisin - an fear ar dheis do Phádraig. Fágfaidh muid agaibh é – bhféidir go mbeadh cuid agaibh inann meabhair níos fear a fháil ar na pictiúir seo.



An aithníonn aon nduine agaibh an bhean?



Ó dheis – Nan Son (bean Pheadair Shíoduach), Peadar Shíoduach ar dheis agus sé Joe Pheadair Shíoduach (Ó Guairim) mac leo atá i lár báire.

# Togha na bhfear

## *Lucht spóirt an phobail seo 100 bliain ó shin*


*Seosamh Ó Cuaig*

**Trathnóna Dé Sathairn, an 30ú lá de mhí Eanáir, 1909, bhí troid mhór idirnáisiúnta ag dornálaí de bhunadh an pharóiste seo san Empire Palace i mBleá Cliath. An tseachtain chéanna bhí fear as Dumhaigh Ithir i gcomórtas mór idirnáisiúnta caraíochta i Londain. Seacht mí roimhe sin bhuaigh mac le bean as Aill na Brún bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha i Londain. Cé déarfadh nach raibh mianach lúthchleasaíochta sa bpobal seo ag an am!**

Sé Seaimpín Pheaidí Phaitseach, ar ndóigh, a bhí ag caraíocht i Londain – fear chomh maith agus a bhí sa domhan lena linn. Scríobh mé roinnt faoi san irisleabhar seo cheana agus tá tuilleadh eolais fáighte agam ó shin. Tá sé i gceist agam an t-eolas sin a chur i láthair an phobail as seo go ceann cupla mí.

An fear a bhuaigh an bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha ba mac deirfíre é le Tommy Cooke as Aill na Brún. Sin le rá gur col cúigear a bheadh ann le fear an phosta anseo i gCill Chiaráin, Con Hynes, agus lena dheirfiúr, Christine Bean Uí Mháille, Doire Iorrais. Patrick Brennan an t-ainm a bhí air. Múinteoir scoile as taobh thoir de Ghaillimh a bhí ina athair. Chaith seisean scaitheamh ag múineadh ar an Aird Mhóir agus tamall eile i Ros Muc. Go deimhin, is i nGlinn Chatha a rugadh an páistín a raibh sé i ndán dó an bonn Oilimpeach a bhuachan.

Chuaigh siad go Ceanada nuair a bhí Patrick ina pháiste agus go luath ina shaol thosaigh sé ag cur suime sa gcluiche a dtugtar lacrosse ar. I 1908 ba é Patrick a bhí ina chaiptín ar fhoireann lacrosse Cheanada nuair a bhuaigh siad an cluiche ceannais sna Cluichí Oilimpeacha i Londain.




*Bartley Connolly – an dornálaí as Carna agus Maine.*

## Bartley Connolly
### *– dornálaí den scoth*

Maidir leis an dornálaí a throid i mBleá Cliath, Bartley Connolly an t-ainm a bhí air siúd. Mac dearthára a bhí ann le Joe Conaola sa Más agus le Bridget Walsh, Bríd Sheáin Bhreathnaigh, Roisín na Mainiach. D'fhágfadh sin go mbeadh Paddy Ó Conaola atá sa Más faoi láthair ina chol cúigear aige. Tá neart gaolta anseo leis ar thaobh a mháthar freisin – Bríd Bn Uí Dhubháin i Roisín na Mainiach agys Béib Bn Uí Chadhain i Loch Con Aortha ar bheirt acu. Dúirt Béib liom go raibh sí ag caint leis uair amháin.

I Maine i Meiricea a bhí cónaí ar Bhartley Connolly ach chaith sé tamall sa bparóiste seo agus é ina ghasúr. Go deimhin chuaigh sé ag an scoil tamall san Aird. De réir eolais a chuir Denise Savage as Chicago ar fáil – ba é an dornálaí a seanathair – rugadh é i St Paul i Minnesota sa mbliain 1884. Patrick Connolly agus Bridget Walsh as paróiste Charna a bhí ar a thuismitheoirí, a dúirt sí. I Ramsey i Minnesota a phós siad ar an gcéad lá de Nollaig 1880.

Tháinig siad abhaile don Mhás nuair a bhí Bartley ina ghasúr scoile ach thug siad an bealach anonn aríst orthu féin taobh istigh de bheagán blianta – go Portland, Maine an iarraidh seo.

## Ag foghlaim ceirde ag Gorham's Corner

Luath go maith ina shaol thosaigh Bartley Connolly ag dornálaíocht. In áit ar a dtugtar Gorham's Corner a bhí siad ina gcónaí agus ba mhinic babhtaí smísteála ar an tsráid ansin. Bhí ábhar maith eile dornálaí, "Kid" Donahue, ag éirí aníos ar an gcoirnéal céanna agus bhíodh sé féin agus Connolly i lár na pléatála i gcónaí.

An-dornálaí go deo a bhí i mBartley Connolly sa deireadh. Bhuaigh sé craobh Mhaine i dtrí mheáchan – marcmheáchan, éadrom-mheáchan agus meán-mheáchan. Ní raibh craobh marchmheáchain an domhain i bhfad buachta ag Joe Walcott nuair a tháinig sé go Portland. Throid Connolly é agus throid sé go maith é. Thug sé a dhóthain le déanamh freisin do Bhilly Papke, a raibh craobh meán-mheáchain an domhain aige tamall gearr roimhe sin.

Chuaigh Bartley Connolly ar thrí thuras dornálaíochta don Eoraip idir 1908 agus 1910 in éineacht le dornálaithe eile as Meiriceá. Bhí seaimpín trom-mheáchain an domhain, Jack Johnson, in éineacht leo ar cheann de na turais.

Cyclone Warren a bhí ar an bhfear a throid Bartley Connolly i mBleá Cliath i 1909. Fear dubh a bhí ann – togha dornálaí é féin. An samhraidh seo caite bhí mé féin agus mo bhean chéile, Treasa, sa mBritish Newspaper Library i Londain ag déanamh beagán taighde ar chúrsaí den tsórt seo. Thug muid faoi deara gur cuireadh sreangscéal as Bleá Cliath go Portland, Maine, chomh luath agus a bhuaigh Connolly an troid agus gur foilsíodh i bpáipéir thall é ar an bpointe. Casadh cuntas ar an troid linn freisin i bpáipéar Sasanach a dtugtaí an "Sporting Life" ar. Mar seo a scríobhadh:

## Contest at Dublin
### *Bart Connolly beats Cyclone Warren*

The star turn was a twenty round go between Bart Connolly (America) and Cyclone Billy Warren (Australia). With Warren commencing operations by clipping Connolly on the jaw, the contest looked like being of very short duration. The punch shook up the American, and the call of time came as a grateful respite. From the second round, the battle became a very vicious affair, the pair rushing and hitting while in holds, and the referee's time was fully occupied in parting the pair by man force. These tactics were continued up to the eighth round, at which point Connolly, who was better trained, drove home telling head and body punches. At times he came in for some stiff counters, but after half way it became evident Warren's course was run, and receiving heavy body punches in the eleventh meeting he came up very tired for the twelfth. Connolly at once waded in, and playing for the jaw sent the Australian down with a right and a left for 8 seconds, and on rising crossed the right, and ended a contest in which there was much feeling. The rounds were of two minute duration."

Seirbhísí Priontála /
Bailchríoch Gairmiúil/
Seirbhís dearadh ar fáil

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

t: 091 593 251 / 593 157
f: 091 593 159
m: 087 135 0019

# Marú i nGabhla

*Seosamh Ó Cuaig*

**Le gairid a casadh an píosa seo liom. Níl aon eolas agam thairis sin. B'féidir go bhfuil tuilleadh eolais ag duine eicínt eile.**

**BALLINA CHRONICLE**
**Ballina, Mayo, Ireland**
**Wednesday, March 27, 1850**
**ASSIZES INTELLIGENCE**
**GALWAY**

## MURDER IN CONNEMARA

Daniel Flaherty, a person of proper appearance, was placed at the bar, charged with the wilful murder of Patrick King (Murk.) at Goula, on the 3d of April, 1849, by pressing his hands round the neck of deceased, and so choking him; and in a second count for pressing his knees upon his breast until he was dead, and then casting him into a stream of water. The prisoner pleaded not guilty, and was defended by Mr. Concannon. Mr. Close, Q.C., stated the case for the Crown. – It appears that on Palm Sunday, last year, the deceased was living at service with a person named King; was sent by him a distance of eight or nine miles to his brother for the loan of £2; the road which he had to take crossed a desolate mountainous district of Connemara, near Kilkerrin bay, the population of which is very scattered; he reached his destination towards night and slept there; the prisoner, who was a sort of vagrant, came also to the same house, where he was known, and he too spent the night; next morning the money was given to the boy in the form of a £2 bank note, which was sowed [sic] up in his waistcoat pocket; the prisoner was cognizant of this, being present when the money was given;

the boy desired that the prisoner should accompany him home, as they lived in the same locality, but the people of the house not wishing it he went away alone; the prisoner left the house about twenty minutes afterwards,!

stating his intention of going in another direction; the shortest road which the boy could take home, being by the head of Kilkerrin bay, which, at high tide, was flooded and impassable; another and a much longer route lay across the mountain, and this the boy took on his return; accordingly, if the prisoner followed him, he would have arrived at the mountain of Goula before him, and it will appear from the evidence that he was seen crossing the country in the course of the day followed not long after by the boy. They then struck off the road into a lonely part of the country, and there some days afterwards the boy was found dead, lying in a stream, his face downwards, and marks of violence on his person – the waistcoat in which his money had been put was gone. On the same evening the prisoner called at a small shop in the country, and having purchased some food, offered a £2 bank note as payment, which, however, he got back next day. The waistcoat of the deceased was also seen upon his person the same night. The prisoner after this wandered through the country as far as Westport, and here he presented the note which could not be traded further.

A number of witnesses were examined, and as no proof of the murder could be given, the prisoner was acquitted.

# Siopa Dowd

Esso

**Carna**

**Conamara**

**Fón /facs: 095-32882**

Cártaí Mháirín

# Ó Dubhda, Tógalaí

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad.*

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY



# Éamon Ó Cuív, T.D.

**Oifig Dáilcheantair**
**Teach Uí Chiaruáin**
**Sráid Thobar an Iarla**
**Gaillimhe**

**Teil: (091) 562846**
**Facs (091) 562844**
**Ríomhphost: mnithuairisg@pobail.ie**

# *Arramara Teo.*

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404/33417

**Facs**

095 33494

e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**

## FÓRAM IORRAS AITHNEACH

# Uisce an rud is mó…ach go leor eile

**Tá scéim mhór uisce Chill Chiaráin /Charna/ an Chaisil ar an obair is mó a thug Fóram Iorras Aithneach chun críche in imeacht na mblianta. Troideadh feachtas ar feadh 15 bliain le súil agus go bhfaighfí an scéim seo. Troid in aghaidh na taoille a bhí ann. Sa deireadh tháinig Bobby Molloy i gcabhair orainn agus rinneadh an obair.**

Tá píosaí eile dá gcur as an scéim:

- Doire Saileach ar an gCaiseal;
- Ceannúir ar an gCaiseal;
- Leitir Ard agus Béal Chara;
- Siar go Cloch na Rón.
- Soir go sealadach go crosbhóthar an Ghoirt Mhóir.




Ní bheadh an deis - ná an córas ceart uisce ann – le cuid ar bith de na hoibreacha breise seo a dhéanamh munach gur dearnadh an scéim mhór. Chosain an scéim uilig os cionn €20m – an infheistíocht is mó ag an Stát in aon scéim amháin ariamh sa taobh seo tíre.

Tá Fóram Iorras Aithneach ag troid feachtais anois leis an tríú loch a cheangal le foinse uisce na scéime. Theastódh sé seo ó tharla an soláthar a bheith curtha siar go Cloch na Rón.

Tá obair go leor eile ar na bacáin freisin anois:

- Féachaint leis na scéimeanna séarachais do Charna agus do Chill Chiaráin a fháil tosnaithe – tá siad geallta ón mbliain 2002.
- Leabharlann don cheantar – tá caint ann le fada go dtiocfaidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus an Chomhairle Contae i dteannta a chéile le Leabharlann phoiblí a thosnú. Tá muid ag coinneáil leis sin.
- Tá ionadaithe againn ar an gcoiste atá ag iarraidh go ndéanfaí forbairt gar don pháirc i gCarna – Gym, Halla agus Seomraí Feistis nua.
- Feachtas seasta ar mhaithe le bóithre níos fearr sa gceantar agus bóthar nua go Gaillimh.
- Bhí láimh mhór againn freisin sna sa dá scéim tithe Comhairle Contae i gCarna – rud a dhéanfaidh go leor leasa do theaghlaigh agus do dhaoine a raibh tithe ag teastáil uathu.
- ….AGUS GO LEOR EILE.

Conradh na Gaeilge

**Ranganna Gaeilge do dhaoine óga & daoine fásta**
**Teastas Eorpach na Gaeilge ar fáil anois**

**Seachtain na Gaeilge 3 - 17 Márta 2009**

**Campaí Samhraidh Gaeilge**

**Ceardlanna, Seoltaí & Taispeántais Chultúrtha**

**Seirbhisí Oifige**

**"Sú na Maidne" Galway Bay FM 96.8FM**
**Gach maidin Shathairn ón 8.00-9.00r.n**

**Seirbhís Áistriúcháin**

**Féilte áitiúla & imeachtaí Sóisíalta**

Gach eolas ar fáil ó Árus na nGael, 45 Sráid Doiminic, Gaillimh
Guthán: 091 567824 Facs:091 563699
conradh@bradan.iol.ie www.cnag.ie


# Club Árus na nGael




45 Sráid Doiminic, Gaillimh.
(091) 567824

## Imeachtaí an Chlub:


**Dé Luain**
**Rince ar an Sean-Nós le Pádraic Ó hOibicín**

**Dé Céadaoin**
**Oíche do Fhoghlaimeoirí Gaeilge**



**Déardaoin**
**Oíche na Micléinn & Club Leabhar Gaeilge**

**Dé hAoine**
***Oa2:*** **Club Ceoil Domhanda le d.janna éagsúla**




**Dé Sathairn**
**Seisiún Ceoil Traidisiúnta den scoth!**

Sásaigh an tart san áit cheart

# Tráthnóna aoibhinn i gcuideachta Mháire Uí Cheoinín

*le Ken Nilsen*

*(Ollamh le Léann Ceilteach in Ollscoil Naomh Proinsias Xavier, Antigonish, Nova Scotia, Ceanada)*

**In earrach na bliana 2005 chaith mé** cúpla **mí i gConamara agus ag Institiúid an Léinn Éireannaigh ag an Ollscoil i nGaillimh, a' déanamh taighde ar cheist na himirce as Conamara go Meiriceá agus Ceanada. Lá amháin in Aibreán 2005, thug mé marcaíocht siar go Muigh-Inis do chara liom, Yolanta Kruk as Montreal, a bhí ag dul a' caitheamh** cúpla **lá thiar tigh Mháire Uí Chathasaigh. Thug mé Yolanta ann agus chaith mé tamall beag Tigh Mháire Uí Chathasaigh ag comhrá agus a' labhairt ar an obair a bhí ar siúl agam. Dúirt Máire gur rugadh a máthair i mBoston agus go raibh cuimhne mhaith ag a máthair fós ar an turas a rinne sí in éindigh lena tuismitheoirí anall as Boston go hÉirinn sna naoi déag tríochaidí.**

Le scéal fada a dhéanamh gearr, chuaigh mé ar cuairt chuig a máthair, Máire Uí Cheoinín i Leitir Ard agus chuir an bhean uasal sin fáilte chroíúil romham. Chaith mé timpeall's uair a' chloig ag caint is ag comhrá le Bean Uí Cheoinín. Ar ndóigh, bhí rogha agus togha na Gaeilge aici. Seo thíos an chéad leath den chomhrá a bhí againn an lá breá earraigh úd.

Cúpla mí ina dhiaidh sin bhí mé i mBoston agus chuala mé gur bhásaigh Máire Uí Cheoinín. Beannacht dílis Dé lena hanam.

## Muintir Mháire

**KN: Go mbeannaí Dia dhuit.**
**MC:** Dia's Muire dhuit.

**KN: Cén t-ainm atá ort?**
**MC:** Máire Ní Cheoinín m'ainm pósta agus Máire Ní Dhioráin a bhí orm roimh pósadh, Dirrane i mBéarla.

**KN: Agus t'athair agus do mháthair?**
**MC:** B'as Leitir Ard mo mháthair agus b'as Árainn m'athair. Nóra Ní Ghuairim a bhí ar mo mháthair agus Pádraic Ó Dioráin a bhí ar m'athair.

**KN: Agus t'athair b'as Árainn é.**
**MC:** Ba ea, ba ea.

**KN: Cén áit in Árainn?**
**MC:** Creig a' Chéirín thugaidís ar an áit ar as é, ach b'as Conamara a mháthair, as Ros Muc, Bairbre Ní Chonaire a bhí uirthi. Chonaic mé í. Cailleadh a fear céile . Ní raibh m'athair ach seacht mbliana nuair a cailleadh a athair agus nuair a d'fhásadar suas d'athraigh sí amach go Conamara í fhéin.

**KN: Cé hé an fear a phós sí in Árainn?**
**MC:** Seán Ó Dioráin a bhí air

**KN: Ar chuala tú riamh cén t-ainm a bhí ar athair Sheáin Uí Dhioráin?**



*Mháire Uí Cheoinín as Leitir Ard*

**MC:** Níor chualas ach chuala mé an t-ainm a bhí ar a mháthair, go mba Sara Cooke a bhí uirthi, as Conamara.

**KN: Agus ar thaobh Bhairbre cé chomh fada is is féidir leat a dhul siar?**
**MC:** Well, thugaidís Bairbre Rucaird uirthi agus níl fhios agam, chuala mé duine a' rá go mba leasainm a bhí in Rucard, gur Máirtín a bhí air agus de mhuintir Nee a bhí a máthair.

**KN: Agus ní anseo a rugadh thú fhéin.**

## A Saol i mBoston

**MC:** Ó, ní hea, ach thall i mBoston. Rugadh mé in áit a dtugann siad Sixth Street air, hundred and one, Sixth Street, South Boston.

**KN: Agus a' gcuimhníonn tú air?**
**MC:** Chomh maith leis an lá inniu!

**KN: Cén sort áit a bhí ann?**
**MC:** Well, is cuimhneach liom go raibh treasna díreach ón áit a raibh mé i mo chónaí, bhí teach a' phobail, an áit ar baistíodh mé. Agus bhí mé thall ansin ocht mbliana ó shin agus ní raibh ann ach na ballaí , bhí an fothrach ansin agus bhí brón orm nach raibh ceamara agam lena pheictiúr a thóigeál. Is dúirt mé leo a dhul suas an tsráid is siar timpeall sa gcoirnéal is go dtiocfaidís ar Bhaxter Street agus tháinig. Agus bhí an kindergarten tamall suas, bhí mé ag an gkindergarten.

**KN: Cén uair a chuaigh t'athair is do mháthair ann i dtosach?**
**MC:** Chuaigh mo mháthair go Meiriocá i naoi déag ceathair déag. An tríochú lá de mhí Meithimh, naoi déag ceathair déag a d'fhága sí Queenstown. Ach níl fhios agam cén t-am ar fhága m'athair. Chomh fada agus thuigim phós sé i naoi déag fiche is a trí agus ní raibh sé ach dhá bhliain go leith i Meiriocá nuair a phós sé. Casadh ar a chéile thall iad.

**KN: Cé mhéad gasúr a bhí acu thall?**
**MC:** Well, cailleadh na buachaillí beaga ar fad. Níor mhair mac ar bith do mo mháthair. Tá ceathrar acu curtha thall i gCalvary. Agus rugadh mise agus deirfiúr eile liom atá i Ros Comáin i mBoston. Ní raibh sí sin ach dhá bhliain nuair a tháinig sí as Meiriocá in éineacht liomsa. Rugadh an deirfiúr is óige anseo i gConamara.

**KN: An gcuimhníonn tú ar a' gcomharsanacht i South Boston?**
**MC:** Ó, cuimhním. Bhí muid inar gcónaí i dteach m'aintín agus bhíodar ag dul a' fáil teach nua ach bhí an saol go dona. Bhí an Depression an-dona i Meiriocá naoi déag tríocha is a dó agus dúirt m'athair go dtiocfadh sé go hÉirinn agus cheannaigh siad áit thoir i Muighros. (Tá sé díolta anois, faríor ag mo dhreifiúr.) Bhí teach an-deas ann agus sin é chaoi raibh sé anois.

**KN: I South Boston ansin, ar chuala tú aon fhocal Gaeilge?**
**MC:** Níor labhair m'athair is mo mháthair aon fhocal ach Gaeilge agus bhí beagán Gaeilge agam a' tíocht as Meiriocá. Mar ní móide go raibh mé in ann í labhairt go maith ach ní dhéarfá tada nach mbeadh fhios a'm. Bhí tuiscint mhaith a'm uirthi. Bhí, bhí.

**KN: Raibh Gaeilge ag aon duine eile i mBoston?**
**MC:** Bhí sí ag m'aint agus agena fear céile a bhí thíos an staighre ina gcónaí, bhí. Ó, bhí neart, bhíodh muintir Chonamara [a' labhairt] Gaeilge le chéile nuair a castaí ar a chéile iad, labhraíodh, labhraíodh.

**KN: Meas tú a raibh aon duine a' déanamh suas amhráin?**
**MC:** Ah, níor chuala mé é sin. Níor chuala mé é sin.

**KN: Tá fhios 'am go raibh amhrán amháin déanta faoi South Boston.**
**MC:** Ó, is dóichí go raibh, níor chuala mise é sin.

**KN: Nuair a bhí t'athair is do mháthair ann, raibh seandaoiní ann as Éirinn?**
**MC:** Well, is dóichí go raibh ach nach mbeadh mo chuimhne-sa chomh maith ag aois chúig bhliana.

**KN: Cé thug do mháthair amach?**
**MC:** Sin rud nach bhfuil mé in ann a rá leat. Níor chuala mé riamh é. Bhí deirfiúrachaí léithe amuigh roimpi.

**KN: Raibh?**
**MC:** Ó, bhí, bhí.

**KN: Ar fhanadar ann?**
**MC:** Ó, d'fhan.

**KN: Cé hiad?**
**MC:** Bhí Máire pósta in East Boston ag fear de Chloinn 'ic an Iomaire as Bun na hAbhann. Agus an bhean sin a raibh muid inar gcónaí léithe, bhí sí pósta ag fear as Roisín na Mainthiach. Agus bhí uncail liom ann agus bhí sé pósta ag bean as Leitir Mealláin. Agus bhí uncail eile liom pósta le bean as an Aird. Ach tháinig aintín amháin abhaile agus cailleadh í sin anseo in Éirinn. Bhí sí caillte nuair a tháinig mise go hÉirinn.

**KN: Agus raibh aon duine ag t'athair thall?**
**MC:** Bhí beirt dhreifiúr.

**KN: Cé rabhadar?**
**MC:** Ó, bhíodar i mBoston.

**KN: Ar phósadar ann?**
**MC:** Ó, phós, phós bean acu fear de na Mullins as Árainn.

**KN: An gcuimníonn tú gur chuala tú amhrán Gaeilge nó aon rud mar sin ar chor ar bith ann?**
**MC:** Is cuimhneach liom go dtáinig fear isteach agus melodeon aige agus go raibh sé a' casadh ceoil. Is cuimhneach liom é sin.

**KN: Níl fhios agat cé hé sin?**
**MC:** A, níl fhios agam cé hé sin.

**KN: Nó am bhfaca tú riamh a' damhsa iad?**
**MC:** Ní fhacas, ní fhaca.

**KN: Nó a raibh paidreachaí, b'fhéidir, i nGaeilge?**
**MC:** Ó, bhí na paidreachaí i nGaeilge ag mo mháthair agus ag m'athair, bhí.

## An Turas Anall 1932

**KN: Agus cuimhníonn tú ansin nuair a tháinig sibh anall?**
**MC:** Cuimhním an lá ar fhága mé Meiriocá agus ar an taxi ag dul amach go dtí an bád. Cobble Pier a bhí ar an áit. Agus cuimhním uirthi a' tíocht trasna an Atlantic.

**KN: Cén sort turas a bhí agaibh?**
**MC:** Is cuimhneach liom lá amháin gur coinníodh faoi deic muid ag farraigí arda agus d'fheicinn an fharraige ag dul suas ar na fuinneogaí agus chuala mé m'athair a' rá gur ag na Banks of Newfoundland a bhí muid. Agus cuimhním ar an liner, Britannic a bhí uirthi. Agus ba é an aistear deireannach aici go Gaillimh é, déarfainn. Tháinig sí go Cóbh i dtosach. Agus as Cóbh isteach go Cuan na Gaillimhe agus chuaigh sí ar ancaire. Chuaigh an tender amach agus thug sé isteach go dtí an dug muid. Cuimhním go maith air. Agus bhí uncail liom thiar in Inis Ní pósta. Níl fhios agam cé chaoi ndeachaigh muid go dtí an station, ach bhí traein an uair sin ag dul ó Ghaillimh don Chlochán, agus tháinig mé ar an traein sin go Baile na hInse. Agus tháinig mé ar charr ansin isteach go hInis Ní, tá cuimhne 'am air chomh maith leis an lá inniu.

**KN: Ar thaitnigh sé leat nuair a tháinig tú anseo?**
**MC:** Bhreathaigh sé gur domhan nua dhomsa uilig a bhí ann an t-am sin. Cheap mé go raibh chuile shórt.

**KN: Bhí do sheanmháthair beo fós.**
**MC:** Bhí i Ros Muc, ach bhí mo sheanmháthair i Leitir Ard agus m'athair mór caillte. Bhíodar sin caillte.

**KN: An bhfaca tú an tseanmháthair sin go minic?**
**MC:** Chonaic mé go minic í. Thagadh sí anoir chugainn. Thagadh sí anoir ar an mbus. Ní thagadh an bus sin an uair sin ach go Carna. Agus shiúileadh sí anoir é agus d'fhanadh sí cúpla oíche againn, d'fhanadh.

**KN: Cé chaoi raibh sí gléasta?**
**MC:** Seál dubh agus cóta dearg, an créatúr.

**KN: Cé chaoi raibh na fir gléasta?**
**MC:** Muise, ní raibh siad gléasta mar tá siad anois. Bhí an saol go dona an t-am sin. Éadaí bréidín glas agus báiníní bána agus rudaí mar sin. Éadach agus stocaí mar iad seo anois a bhíodh orthu.

**KN: An bhfaca tú an obair sin atá tú fhéin a dhéanamh…(i.e. cniotáil)?**
**MC:** A, chonaic, chonaic mé mo mháthair dhá dhéanamh ach sa scoil a d'fhoghlaim mise len é dhéanamh, sa scoil. Níl tada mar sin anois ann.

## Imirce as Conamara go Ceanada agus Meiriocá

**KN: Bhí daoine ag imeacht as an áit seo, ar chuala tú faoi chupla duine a chuaigh go Ceanada?**
**MC:** Well, chuala mé caint ar sheanfhear ach tá sé caillte, fear a bhíodh i gCeanada agus d'éalaigh sé isteach go Meiriocá mar nós nach bhfuair sé bealach eile. Tá sé curtha caillte anois le blianta agus bhí a bhean agus a chlann anseo. Chuaigh sé anonn a' saothrú airgid le haghaidh cúnamh a thabhairt dóibh.

**KN: Cé hé sin?**
**MC:** Seán Ó Cualáin a bhí air, chuala mé go ndeachaigh sé bealach Cheanada go Meiriocá. Johnny Sheáin Liam a thugaidís air. Chuala mé caint air sin.

**KN: Agus chuaigh sé go Ceanada.**
**MC:** Chuaigh.

**KN: Agus rinne sé a bhealach…**
**MC:** isteach go Boston.
**KN:** Céard a bhí sé a dhéanamh ansin?
**MC:** Ag obair ansin ach níl fhios agam cén obair a bhí air.

**KN: Agus tháinig sé abhaile ansin.**
**MC:** Tháinig sé abhaile ansin, tháinig, an créatúr.

**KN: Agus d'fhan sé.**
**MC:** Ó, d'fhan sé sa mbaile.

**KN: Mar cuide de na daoine a chuaigh isteach do na Stáit rugadh orthu.**
**MC:** Ó, rugadh ar chuid acu, rugadh.

**KN: Ar chuala tú sin?**
**MC:** Chuala mé caint air ach níl fhios agam aon duine acu.

**KN: Agus cuireadh abhaile ansin iad.**
**MC:** Cuireadh, tharla sé sin.

**KN: Is cuireadh cuid acu i bpríosún.**
**MC:** Ó, cuireadh an t-am sin, cuireadh.

**KN: Is dóichí go raibh daoine ag imeacht go Meiriocá freisin.**
**MC:** Ó, bhí, bhí. Ní raibh an dlí ann mar tá anois ann, an bhfuil fhios 'ad. Bhí sé éasca dul go Meiriocá an t-am sin ach níl anois.

**KN: Cé mhéad duine a d'imigh as an áit seo is a chuaigh anonn?**
**MC:** A, muise, chuaigh go leor acu, chuaigh go leor acu agus d'imíodar agus ní fhacadar a máthair ná a n-athair ariamh níos mó. Ach anois anseo inniu agus in Éirinn amárach, tá sé sin amhla. Agus nuair a cailltí duine in Éirinn, b'fhéidir go mbeadh sé mí nó dhá mhí go mbeadh scéal acu air. Bhí sé sin amhla. Ní raibh fón, ní raibh leictreachas, ní raibh tada. Bhí an saol crua. Bhí an saol crua i naoi déag tríocha's a dó, ní raibh an dole fhéin ann an t-am sin. Déarfainn gur i naoi déag tríocha's a ceathair a tháinig sé sin.

**KN: A raibh beagán airgid agaibh nuair a tháinig sibh abhaile?**
**MC:** A, bhí. Cheannaigh m'athair teach breá agus trí scóir acraí talún. A, bhí.

**KN: Sin é an t-airgead a bhí déanta aige..**
**MC:** Déanta acu i Meiriocá, aige fhéin is ag mo mháthair.

**KN: Ar oibrigh do mháthair thall?**
**MC:** Ó, d'oibrigh, bhí mo mháthair ocht mbliana déag ar fad i Meiriocá.

**KN: A raibh sí ag obair cuide den am?**
**MC:** Bhí sí ag obair nó gur phós sí.

**KN: A bhfuil fhios a'd céard a bhí sí a dhéanamh?**
**MC:** Obair tí, obair tí.

**KN: A raibh aon scéalta aici faoi sin?**
**MC:** Ní raibh, chuala mé go raibh sí ag obair ag dhá Albanach.

## Turas ar ais go Boston

**MC:** Bhí mé thall ansin naoi mbliana ó shin is chuaigh mé síos go Boston. Bhí mé ag bainis agus chuaigh mé fhéin agus m'iníon agus a fear céile, d'fhan muid ag motel. Ach ar maidin chuaigh mé amach le haghaidh bricfásta. Dúirt m'iníon "Fanfaidh mise sa leaba," deir sí, "ach tugaí tae chugam." Agus bhí muid inar suí ag boirdín beag anseo agus bhí beirt trasna uainn. Bhí mé fhéin agus fear m'iníne, b'as Carna é, caint Gaeilge bhí muid agus labhair an fear anall trasna uainn agus d'fhiafraigh sé cé mb'as muid. D'airigh sé ag caint Gaeilge mé. Is dúirt muid gur as Gaillimh. Is d'fhiafraigh sé, "Cén áit i nGaillimh?" Agus dúirt muid, "Carna." Dúirt an bhean go mb'as Carna a hathair agus nuair a chuaigh an seanchas ar bun, bhí fhios a'm cé hí fhéin. Dúirt an fear go mb'as Árainn a athair agus a mháthair. Chuir mé ceist air cén t-ainm a bhí ar a athair agus dúirt sé liom gur Mullen.

Agus dúirt sé liom, "Cailleadh Maggie Dirrane," (chuala tú caint uirthi a bhí sa bhfilm, ba colceathar do m'athair í). "Cailleadh Maggie Dirrane," adeir sé.

"Níor cailleadh," a dúirt mise.

"Ó cailleadh," a deir sé, "an tseachtain seo caite."

"Ba colceathar," dúirt mé, "do m'athair í."

"Agus Dirrane," a deir sé "a bhí ar mo mháthair."

"Ach," adúirt mise, "cén chéad ainm a bhí ar do mháthair?"

"Delia Dirrane."

"Nach shin í m'aint," a deirimse. "Nach shin í m'aint," a deirimse.

Chraith sé lámh liom. "Is mé do cholceathar," adeir sé.

Istigh i mBoston tharla sé sin!

*(Foilseofar an dara leath den chomhrá sa gcéad eagrán eile d'Iorras Aithneach).*


# Paddy Keane

## *Ó Catháin Teoranta*

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

## Gabhla

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276

# "A town without young men"

*Seosamh Ó Cuaig*

**I mí Lúnasa 1954 thug tuairisceoir as an "Irish Times" cuairt ar Charna agus scríobh sé píosa faoin áit agus faoina daoine. Alt sách duairc a bhí ann: "CARNA – A TOWN WITHOUT YOUNG MEN" an teideal a cuireadh air sa bpáipéar.**

Ba é Mack Moylette an chéad duine a dtug sé cuairt air. "He might be described as the resort's leading citizen," a dúirt sé. Mhínigh sé gur fear tí ósta, siopadóir, feilméara agus iascaire a bhí i Mack agus go raibh sé ag luí le réasún gurb é a bheadh ina Chomhairleoir ag an gceantar ar Chomharle Contae na Gaillimhe.

Ní raibh Mack sásta chor ar bith leis an gcaoi a raibh cúrsaí in Iorras Aithneach. Ní raibh na hiascairí ag fáil praghas ceart ar a gcuid gliomach, a dúirt sé: £1-14s i gCarna i gcomparáid le £2-10s i gCorcaigh agus ar an gcósta thoir. Ba é an chúis a bhí leis, a dúirt Mack, nach raibh an Sea Fisheries Association sásta na gliomaigh a cheannacht uathu agus go raibh na ceannaitheoirí príobháideacha in ann a bpraghas féin a shocrú.

Nuair a d'fhiafraigh an tuairisceoir de cén chaoi a raibh na daoine ag baint slí bheatha amach dúirt Mack leis gur fánach a raibh d'obair thart cés móite de chorr-sheachtain ar na bóithre.

Ba é an *dole* a bhí á gcoinneáil beo, sin agus an beagán a bhí siad a bhaint as an talamh agus as an bhfarraige.

Ba é barúil Mhack nach raibh sa *dole* sa deireadh ach cleas le vótaí a bhailiú agus leis na daoine a choinneáil sa bpuiteach.

"Má cheapann siad," a dúirt sé, "go gcoinneoidh siad an Ghaeilge beo le bheith ag coinneáil daoine sáinnithe sa nGaeltacht mar a dhéanfá le beithigh is mór an dul amú atá orthu."

Nuair a d'fhiafraigh an tuairisceoir de an ndearna rialtas ar bith de chuid na hÉireann a ndícheall ar son Chonamara tháinig olc dháiríre ar Mhack Moylette.

"Ní fhaca mise rialtas ar bith ag déanamh tada do Chonamara," a dúirt sé. "Ag caint agus ag bladaireacht a bhí siad. An t-aon fhear amháin a chonaic mé ag déanamh iarracht ar bith ba é James Dillon é nuair a thug sé Scéim Feabhsaithe na Talún isteach."

D'fhiafraigh an tuairisceoir ansin céard a d'féadfaí a dhéanamh in Iorras Aithneach. D'fhéadfaí monarcha cannaithe glasraí a chur ar bun, a dúirt Mack: d'fhéadfadh chuile líon tí leathacra meacna dearga agus meacna bána agus glasraí eile a fhás.

"Tá bradáin i gcannaí as an tSeapáin agus *sardines* as an Ioruaidh amuigh ansin ar na seilfeanna agam," a dúirt sé," i gceartlár ceantair a bhí ina cheantar mór iascaigh uair amháin. Cén bhrí ach an rud atá déanta anois acu – tógáil na muiríní curtha siar ó Shamhain go mí Eanáir.

D'fhiafraigh an tuairisceoir de an mbeadh aon chiall monarcha a dhéanamh le gliomaigh a phróiseáil agus a chur i gcannaí?

"B'fhéidir,"a dúirt sé "nuair a thiocfas an leictreachas go Carna an chéad bhliain eile."

Dúirt Mack freisin gur cheart báid a chur ar fáil a bheadh feiliúnach don chósta. Mheabhragh sé go raibh duine de na saortha cáiliúla, na Cathasaigh, ag obair i gcónaí agus go raibh ceathrar saortha i Maínis ar fad. Cuireadh bád trialach leis na Sea Fisheries Association go Carna roimhe sin, a dúirt sé, ach níor glacadh le ceathrar as an áit le dhul de chriú uirthi. Tugadh an bád go Tír Chonaill ansin. "Racket" eile polaitíochta, a bhí ann, a dúirt Mack.

Thréis dhó a bheith ag comhrá le Mack Moylette chuaigh tuairisceoir an Times ar chamchuairt ar fud an cheantair agus chonaic sé féin go raibh tábhacht mhór leis an iascach. £600 a rinneadh ar na gliomaigh i mí an **Mheithimh .**

Cheithre bhád déag a bhí ag plé leis na muiríní i mí Eanáir agus rinne siad £1,703. Ach bhí 700 duine ar an *dole*. Dúradh leis gurb é an chaoi a raibh faitíos ar chuid acu go dtosódh tionscal ar bith agus go gcaillfidís an dole.

Maidir le baile Charna féin cheap sé gur baile beag gleoite a bhí ann. 29 teach a chomhair sé –tithe maithe nua- aimseartha – agus 146 duine ina gcónaí iontu. Bhí *pump* le haghaidh uisce i lár an bhaile. Ní raibh séarachas ná soilse poiblí ann ach bhí siad ag súil leis

an E.S.B. roimh dheireadh an tsamhraidh.

Ní raibh aon phictúrlann ann ach thagadh "*show*" taistil ó am go ham. Bhí halla damhsa ann agus thagadh thart ar 120 duine ag céilí ann chuile oíche Dé Domhnaigh. Ní raibh aon bhialann thart. Bhí ag éirí sách maith leis an bhfoireann peile.

Trí phub a bhí ann , chúig shiopa, óstán breá a bhí dúnta go sealadach, séipéal, Clochar Mhná Rialta na Trócaire agus stáisiún Gardaí a raibh déanamh aisteach air. San Ind a bhí sé le cur suas i dtosach ach chuaigh na pleananna in aimhréidh agus i gCarna a chríochnaigh an múnla seo! Bhí Sáirsint agus beirt Ghardaí ag baint leas as seomra amháin ann agus lóistín in áiteacha eile acu. Bhí an sean-stáisiún le leagan anois agus ceann nua le cur ina áit.

Chuaigh an tuairisceoir ar cuairt ansin chuig Príomhoide bunscoile, Pádraic Mac Donncha – Pat Mór. Mhinigh seisean dhó go raibh airgead níos fairsinge ag na daoine ná a bhíodh ach nach raibh an tsuim chéanna in obair chrua acu. Ní fhanfadh na fir óga san áit, a dúirt sé. Roimh an gCogadh d'fhéadfadh foireann peile chúig dhuine dhéag a bheith i mbaile fearainn ach anois ní bheadh ach beirt nó triúr ag imirt peile i gcuid de na ceantair sin. Bhíodh foirne as Leitir Móir, as an gCeathrú Rua, as Ros a Mhíl, as an Tulaigh, as an gCnoc agus as an Spidéal ag imirt ar son an "Canon Donnelly Cup" ach ní raibh ach foireann amháin anois as Leitir Móir soir chomh fada leis an gCnoc. Bhí an imirce chomh tréan, a dúirt sé, nach raibh ach rud amháin ar intinn na bhfear óg chomh luath agus a shroichfidís ocht mbliana déag - imeacht.

D'fhiafraigh an tuairisceoir de Phádraic Mac Donncha an raibh an Ghaeilge ag dul ar gcúl. "Níl anseo," a dúirt sé: "go fiú na daoine a thagann abaile as Meiriceá agus as Sasana Gaeilge is fearr leo."

I scoil Loch Con Aortha a bhí Pat Mór ag múineadh. Aisteach go leor bhí líon na ndaltaí sa scoil sin ag méadú. Bhí scoil nua triúr oidí á tógáil. Beirt oidí a bhí sa scoil ag an am.

Céard iad na riachtanais is mó sa bpobal anois, d'fhiafraigh an tuairisceoir? Obair agus tithe, a dúirt Pat Mór. Bhí tithe nua á dtógáil de réir a chéile ach bhí riail ann go gcaithfeá gabhaltas talún a bheith agat sula bhfaighfeá an deontas Gaeltachta. Ba mhór an éagóir é sin ar dhaoine óga a raibh fonn orthu pósadh.

Chuir an tuairisceoir an cheist chéanna ar Phat Mór agus a chuir sé ar Mhack Moylette faoin rialtas – an raibh mórán déanta acu ar son na Gaeltachta? "Ní fhaca mé é," dúirt Pat Mór, "cés móite den deontas £5 ar son na Gaeilge agus Scéim na dTithe Trátaí."


**Galway Glass Centre**
Design ■ Supply ■ Fit

- Design glass / colour glass
- Bars / Restaurants / Hotels
- Burglary Repairs
- Temporary 'boarding up' service
- Leaded glass / sandblasted glass
- Laminated & toughened safety glass
- Fire glass
- Shop Fronts

***Visit our new showroom at:***
**Briarhill Business Park, Briarhill, Galway.**
**T: 091 770088 F: 091 751432**

# Sa mbaile as an Astráil don Nollaig

*Val Feeney*

**Bhí caitheadh ina dhiaidh ag peileadóirí agus ag lucht tacaíochta fhoireann Charna/an Chaisil nuair a d'imigh Val Feeney as Leitir Deiscirt don Astráil i mí na Samhna 2007. Bhí Val ar an gcéad duine as Carna a fuair áit ar fhoireann shinsir peile na Gaillimhe ó aimsir Hugo Carey sna 1930aidí. Bhí cúpla bliain caite aige ar fhoireann agus ar phainéal sinsir na contae agus, ar ndóigh, ba é an lán-chúlaí é ar fhoireann Charna/an Chaisil. Bhí Val ar dhuine de riar mhór d'imreoirí Charna a bhuail bóthar le bliain anuas – cuid mhaith acu don Astráil.**

**Tá Val Feeney agus a pháirtí Irene Cunningham as an gCaiseal sa mbaile le haghaidh na Nollag. Labhair Val le Máirtín Ó Catháin.**

**Máirtín Ó Catháin (MOC):** Ar ais sa mbaile a Val. Céard a cheapfá théis na hAstráile?

**Val Feeney (VF):** Tá an Astráil thar cionn siúráilte ach níl áit ar bith chomh maith leis an mbaile. Sé an t-aon rud é go n-airím an fuacht. Bhí an teocht chomh hard le 30 céim ceilsiús nuair a d'fhág muid Sydney. Ach is gearr go bhfaighidh muid cleachtaithe leis an aeráid seo aríst. Beidh mé thart ar feadh scaitheamh agus níor mhiste liom roinnt oibre a dhéanamh…ach is cosúil nach bhfuil mórán le fail in áit ar bith thart.

**MOC:** An mbeidh tú ag dul ar ais don Astráil.

**VF:** Beidh. Tá muid ag súil go mbeidh muid réitithe le filleadh ar Sydney amach i mí Eanáir. Tabharfaidh mé tamall eile ann pé ar bith scéal é. Beidh muid sa mbaile aríst am éicint i 2009 agus b'fhéidir go bhfanfadh muid in Éirinn an uair sin. Ní fheicim go bhfanfaidh mé san Astráil go buan.




*Val Feeney ag an bpáirc pheile – an Plantation – i gCarna i mí na Nollag.*

**MOC:** Tá slua mór daoine as Carna agus Cill Chiaráin i Sydney anois. Nach bhfuil sé ina bhaile agaibh anois ar bhealach?

**VF:** Ó tá crowd ann agus sílim nach bhfeicfidh tú cuid acu in Éirinn aríst…seachas ar cuairt. Tá mé a cheaptha go bhfuil 13 as an gceantar i bhfoisceacht tuairim míle go leith dá cheile i Sydney. Dháiríre, tá muid níos gaire dá chéile ná dá mbeadh muid sa mbaile.

**MOC:** Cén áit é sin i Sydney?

**VF:** Áit ar a dtugtar Chippendale...tá sé i bhfoisceacht 5 nóiméad siúil do lár na cathrach. Áit dheas. Ní fheicfeá thart ach Éireannaigh agus Sínigh.

**MOC:** Tá cuimse Éireannaigh ann…

**VF:** Ó chuile áit. Tá sé lán leo. Cloisfidh tú canúintí as chuile áit in Éirinn ann. Agus tá siad ag teacht ann as éadan i gcónaí. Tháinig roinnt as Ros Muc ann le gairid agus roinnt as Gaillimh.

**MOC:** Ar fonn a bhíonn ar dhaoine cuid den domhan a fheiceáil no ar cúiseanna oibre anois é?

**VF:** Bhí daoine ag dul ann go bhfeicfidis an tír ach tá daoine ag dul ann ag iarraidh oibre anois freisin. Tá mé a'cheaptha go bhfeicfidh tú go leor ag dul ann as Éirinn san athbhliain. Tá obair fairsing, go háirithe má tá ceird

agat. Silim gur tuairims 800 dollaer Astrálach an meán pháigh atá ann – sin tuairim €400 san airgead sin againne. Ach tá tú níos mo téagair san airgead san Astráil – tá an costas níos ísle ná anseo. Má tá tú ag iarraidh slám airgid a dhéanamh oibreoidh tú uaireannta fada – ón 6.30 ar maidir go 6.30 trathnóna agus roinnt taistil freisin.

**MOC:** Innealtóir thú féin a Val. An bhfuil difríocht sa jab san Astráil seachas anseo in Éirinn?
**VF:** Ó tá. Sé an téarmaíocht an rud is mó a chuirfidh as do dhuine. Caithfidh tú a dhul i gcleachtadh ar sin. Ní hiad na téarmaí céanna atá acu agus atá anseo. Bhí deacracht ag baint leis an gcuid sin dó, ceart go leor.

**MOC:** Céard faoin bpeil. Ar airigh tú uait é?
**VF:** Ó tá mé dá mhisseáil go mór. D'imir mé ar feadh tamaill le foireann Pádraig Pearses i Melbourne ach níor imir mé i Sydney. Ní raibh triáil cheart agam de bharr uaireannta fada oibre. Ach, tá rún agam iarraidh a thabhairt faoi i Sydney an chéad bhliain eile.

**MOC:** Breathnaíonn tú aclaí agus lom, láidir. An ndearna tú traeneáil éicint eile?
**VF:** Bhí mé féin agus cuid de na lads ag dul chuig an Gym seasta ar feadh tamaill mhaith. Meáchain is mó a rinne mise ann. Ach is beag triáil a bhí agam le scaitheamh.

**MOC:** An mbeidh tú ar is aríst i ngeansaí buí agus dubh Charna..meastú?
**VF:** Ó tá súil agam go mbeidh. Go deimhin, bhí súil agam go bhfaighinn deis an geansaí a chur orm dá bhfanfadh Carna san iomaíocht sa tSraith Idirmheánach. Chaill siad an cluiche sin in aghaidh Uachtar Ard dhá lá sul ar landáil mé ar ais in Éirinn. Bhí an-díomá orm faoi sin. Bhínn ag coinneáil ar an eolas fúthu san Astráil. Bhí súil agam go mbeadh tuilleadh cluichí fanta nuair a tháing mé. Sílim nár imir Carna/Caiseal go maith an lá sin…agus sé'n trua é gur tharla an rud eile faoin objection agus an cluiche a bhí ceaptha a bheith in Uachtar Ard. Ach, cén neart ar anois. Rinne siad thar cionn i mbliana nuair a chuimhneodh tú ar an méid lads atá imithe.

**MOC:** Beidh tú ar ais in Éirinn aríst, adeir tú. An mbeadh fonn ort cónaí anseo ina bhaile dúchais no in áit éicint eile?
**VF:** B'fhearr liom a bheith réasúnta gar do Ghaillimh. Tá tú níos gaire do rudaí go leor. Ach bheinn anseo go minic. Ar ndóigh, bhínn ag teacht amach 4 oíche sa tseachtain ag traeneáil leis an bhfoireann sul a ndeachaigh mé don Astráil.

**MOC:** Tá coiste tagtha le chéile anseo agus iad ag iarraidh seomraí nua feistis, Gym agus halla a thógáil. Céard a déarfá leis sin?
**VF:** Ó rud iontach a bheadh ann. Cur i gcás…bíonn na lads ag taisteal le dhul ag traeneáil le meáchain agus obair Gym. Ní gá gur áit an-mhór a bheadh ann. Tá tú inann go leor stuif a chur isteach in áit nach bhfuil mór. Tá súil agam go mbeidh sé ann.



Connie Ní Fhatharta

# CLINICÍ

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

An Dara Satharn sa Mí

| | |
|---|---|
| **Tigh Bhéara, Carna** | **10.00-11.00 r.n.** |
| **Tigh Keane, Cill Chiaráin** | **11.15-12.15 i.n.** |
| **An Tearmann, Camus** | **12.30-1.30 i.n.** |
| **Siopa Mhárta, Na Minna** | **2.00-3.00 i.n.** |
| **Ostán Crúiscín Lán, Spidéal** | **3.00-4.00 i.n.** |
| **Bearna Golf Club** | **4.15-5.15 i.n.** |

*Is féidir teagmháil a dhéanamh liom sa mbaile*

**Cladhnach, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Fón/Faics: 091 572140**
**An Comhairleoir Contae & Ball Tofa Údarás na Gaeltachta**




*Micheál Mac Oireachtaigh taobh amuigh dá shiopa i gCarna agus siopadóireacht na Nollag 2008 ag tosnú.*

*Tá gnó ag muintir Mhic Oireachtaigh i gCarna le 150 bliain ... agus b'fhéidir tuilleadh. Tá Micheál ag cuimhnú ar chúrsaí a thógáil níos réithe. D'fhéadfadh sé gurbh í seo an Nollaig dheireadh aige ag plé leis an ghnó. "Is maith an scéalaí í an aimsir", arsa Micheál "ach is leor nod don eolach!" Go n-éirí le Micheál, Maighréad agus muintir Mhic Oireachtaigh i 2009, bíodh siad ag plé leis an siopa nó ag tógáil an tsaoil níos réithe.*


# Comharchumann Chonamara Thiar Teo

## C.C.T. (Co-Op) Teo.

*Beannachtaí na Nollag*
*agus Bliain Nua faoi Mhaise*
*dar gcustaiméirí agus don Phobal ar fad*

**Comharchumann Chonamara Thiar Teo.**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**095-33436**
**Riomhphost: coopct@eircom.net**

Funded by the Irish Government under
The National Development Plan

# REPS 4

# Teagasc REPS Planning Service

Avail of Increased Payments under REPS 4

**Free Consultation on the "pros and cons" of REPS 4**

**For further information contact:**
**Teagasc, Terryland Retail Park, Headford Road, Galway at (091) 562101**
**David Callinan – Connemara Area at (091) 562101**



Muintir Chaonaigh as Leitir Ard – roint blianta ó shin anois. Ó chlé: Bríd bean uí Chaonaigh (Biddy Mhaidhc), a h'iníon Marion...Marion uí Loideáin anois, Micheál Ó Caonaigh...no "Meachair" mar a bhfearr aithne air, Marty Ó Caonaigh agus Tommy Ó Caonaigh.


Na Sceirdí Thiar...
Tá Trí acra dhéag uilig atá i gCarraigreacha na Sceirde 9 míle siar ó chósta Charna.  Seo pictiúr a thóg Colm Sheáin Jeaic agus é ag iascaireacht gar do Sceirde Mhór an Samhraidh seo caite.

# An Leath Mharaton
## 25 bliain ó shin



Leath mharaton Chill Chiaráin 1983 – chúig bhliana fichead ó shin. Na coisíthe ag dul chun bóthair ...agus ar dheis, John Clancy ag bronnadh na n-duaiseanna.





Duais buaighte ag Beartla Breathnach as Coill Sáile a bhuaigh craobh na nÓganach agus Louis Mac an Iomaire ag bronnadh Corn Tígh Leavy air.



Stiofán de Búrca as Carna – coisí den scoth – ar dheis sa bpictiúr seo in éineacht le reathaíthe eile ag tús an rása.



Buaiteoir na mban 1983 – Christina Kennedy as Gaillimh.



Sa bpictiúr ar dheis – Ó chlé: Louis Mac an Iomaire as Ros Dúgáin, Gerry Loftus ...Superstar na hÉireann san am...agus Margaret, bean Louis.

-------------

Ar dheis – Ó chlé: Teresa Sheridan, Gerry Loftus (an Superstar), Margaret Mhic an Iomaire agus cara le Margaret.



# The Windy City



Chicago 2004...Ó chlé: Peggy Gannon (Pól) as Caladh Mhainse, Cóilín Gannon (Caladh Mhainse), Coilín Taimín de Búrca (Róisín na Mainíoch), Mike Donoghue (an Máimín) agus a bhean Peggy Caulfield (Leitir Árd).



Chicago – Líne cúil: Máire Phateen Tommy (Caladh Mhainse), Nancy Connolly (Leitir Móir), bean Phaddy Johney Beag as an Áird; Pádraig Donoghue (mac Mhike Donoghue agus Peggy Caulfield, Nóra Connolly agus a fear Tommy Phateen Tommy Ó Maoilchiaráin (Caladh Mhainse). Chun tosaigh: Dan Foley (fear Mháire Phateen Tommy), Bríd Phateen Tommy, Mike Donoghue (Máimín) agus Peadar Chóilín Sheáinín Ó Catháin as Leitir Ard.



Chicago cupla bliain ó shin. Líne cúil ó chlé: Peggy uí Fhlatharta (Caladh Mhainse) agus a fear John Joe Ó Flatharta (an Áird Mhóir), Bairbre Fheistín Fheichín (Caladh Mhainse) ?, ?. Chun tosaigh: Joe Normoyle agus a bhean Catherine Ní Chonghaile (Inis Treabhair), Mike Joyce as Cois Treabair í gCloch na Rón agus a bhean, Ann, ?.



Chicago – Bealtaine-23- 1959: Ann Ní Mhaoilchiaráin (Ann Chóilín) as Ruisín na Mainíoch agus Joe Phateen Tommy as Caladh Mhainse.



Ó chlé: Michael Moylan, a uncail Willie, a athair Josie, uncail eile – Peter Moylan agus Dara Moylan i Chicago i 1983. Ag baisteadh Sarah Beth – iníon Mhichael- a bhí siad.



Chicago 2003 – Pádraig Joe Bheartla Rua (Ó Guairim) as Leitir Árd agus Peadar Choilín Sheán Ac' Catháin as Leitir Árd.



Foireann Scoil Phobail Charna an lá ar eirigh Máire T uí Chuinneag áin as an mhuinteoireacht ansin:
An líne tosaigh – ó chlé: Micheál Ó Gríofa, Dolores uí Mhadaoín, Séamus Ó Coileáin, Soinbhe Hoare, Clár Ní Bhrádaigh, Máire T. uí Chuinneagáin, Iarla Ó Cuinneagáin, Máirtín Frawley, agus Máire Killeen.
An líne lair- ó chlé: Déaglán Mac Cuarta, Marie uí Niaidh, Ciara Ní Chonluain, Róisín Ní Chonghaile, Alma Mhic Fhlannchadha, Colette Mhic Dhonnchadha, Bairbre uí Shúilleabháin, Máire uí Chuinneáin, Mairéad Mhic Dhonnchadha, Máire Ní Dhomhnaill, Pádraig Ó Cualáin agus Tomás Ó Nídh (Príomh Oide).
Líne cúil: Antoine Ó Loingsigh, Caoimhín Seoige, Pádraig de Búrca, Séamus Mac an Iomaire, Mairéad Ní Chaoimh agus Julie Bhreathnach.
Baill fóirne ar iarraidh as pictiúr – Gráinne Ní Chadhain, Máire Ní Chualáin agus Treasa Ní Ghríofa .

# An Ghlúin Nua



Comhairle don duine óg! Máirín uí Chochartaigh as Muigh Inis agus iníon a mic, Shanadh ag tobar Muire i Ruisín na Mainíoch.



Cómhrá na hóige! Róisín Ní Chlochartaigh as Muigh Inis agus a col ceathrar, Lorna Bairéad



Rachel Ní Chualáin as Cill Chiaráin agus a h'athair mór Seán Ó Cualáin.




David Ó Conaire – mac le Caroline Ní Chuinneáin (Leitir Ard) agus Seosamh Ó Conaire (Coilín).




Ailish Nic Giolla Phádraig as Duibhither – bhuaigh sí an dara háit ag damhsa ag Feis Uachtar Ard.



Sorcha Ní Chonaire, ar chlé agus Aibha Ní Chonaire ar dheis – deirfiúracha as Gabhla.




Dara Bán Mac Donnchadha an fonadóir sean-nóis den scoth as an Aird Thoir a bhásaigh ar an 4ú lá de Iúil i mbliana in uachtar ar chlé agus in íochtar ar dheis – a chomharsa béal dorais Michael Mháire an Ghabh a sheol leis i dtreo na síoraíochta cupla bliain roimhe. Sa lár, Pat Cheoinín an badóir agus an máirnéalach as Fínis a bhásaigh ar an 27-8-2008. Thugadar amhráin, ceol, béaloideas agus fios farraige don phobail seo – agus tá an saol agus an pobal níos boichte de bhárr a n-imeacht. Suaimhneas síorraí dóibh i bhFlaithis Dé.




Ar chúl ó chlé: Cóilín Shéamais,Micheál Mhichael Choilm,Tommy Johnny Tom Cooke,Paraic Phat Pháidín,Michael Pharaic Uí Chathasaigh,Petie Chuimín,Michael Moran (cor na móna),Thomas Phether Mhorgan,Cóilín Johnny,Marcus Chóilín Mhorgan,Marcus Mhicil Mheaire,Séamus Mc Tavish.

Chun tosaigh ó Chlé: Ciarán Mhichael Choilm,Tommy Dowd(Roscomáin),Seáinín Phat Pháidín,Pether Chóilín Mhorgan,Patsy Phattín Tommy,Andy Connolly (Iorras Mhór) Steve Johnny.

Foireann Charna i mBoston i 1972 – bhí an oiread sin fir óga as an gceantar i mBoston sna blianta sin agus go raibh foireann dá gcuid féin ag muintir Iorras Aithneach sna comórtais i mBoston.

# Áras Shorcha Ní Ghuairim

# Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna



## Cúrsaí Réamhollscoile agus Cúrsaí Oideachais den dara seans

- An Clár i gCultúr Áitiúil – Tionscnamh Traenála Áitiúil i gComhar le FÁS a áiríonn Scileanna Teanga agus léargas ar an gCultúr Dúchasach cónasctha le scileanna ríomhaireachta.
- Ranganna labhartha Gaeilge do thosaitheoirí agus d'fheabhsóirí
- Ranganna ríomhaireachta do raon leathan spriocghrúpaí

## Cúrsaí Fochéime

- Dioplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó – Cúrsa bliana lánaimseartha dírithe ar dhaoine ar mhaith leo fostaíocht a aimsiú mar riarthóirí oifige agus mar chúntóirí riaracháin.
- Dioplóma sna Teicneolaíochtaí Gnó – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, dírithe ar dhaoine ar mhaith leo scileanna láidre nua-theicneolaíocha a aimsiú.
- Dioplóma i Léann an Traidisiúin – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, ar a dtugtar léargas thar a bheith spéisiúil ar an gcultúr traidisiúnta agus an béaloideas.
- Dioplóma sa Ghaeilge – Scileanna láidre teanga idir labhairt agus scríobh a roinnt le daoine

## Cúrsaí agus Deiseanna Iarchéime

- M.Sc. trí Thaighde sa Ríomhaireacht – deis do chéimithe cáilithe le Gaeilge tréimhse a chaitheamh i mbun taighde ar shainréimse de Theicneolaíocht na Faisnéise
- Tionscnaimh taighde a chonascann teanga agus teicneolaíocht ar bhealaí nuálacha
- Sainchomhairle i leith na Gaeilge agus na Nuatheicneolaíochta

**Tuilleadh eolais:**

Fón: 095 – 32834
Facs: 095 - 32836
Ríomhphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie
www.acadamh.ie

**COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE**

Co. Galway Vocational Education Committee

**Soláthraithe Oideachais san 21ú hAois**

- **Raon iomlán Cúrsaí Lae á gcur ar fáil i nGairmscoileanna uile an Choiste Gairmoideachais (12), lena n-áirítear 3 Scoil Oileáin agus 3 Scoil i nGaeltacht Chonamara**
  - **Baile Átha an Rí**
  - **Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí**
  - **Baile Locha Riach**
  - **Tuaim**
  - **An Creagán**
  - **An Cnoc Breac**
  - **Indreabhán**
  - **Ros Muc**
  - **Corr na Móna**
  - **Inis Oírr, Oileáin Árann**
  - **Cill Rónáin, Oileáin Árann**
  - **Inis Meáin, Oileáin Árann**

- **Cláir faoin Scéim Deiseanna Oilúna Gairmoideachais ( VTOS), oideachas athdheise do dhaoine 21 bliain d'aois agus os a chionn atá ag fáil Sochair Leasa Shóisialaigh**
  - Ros Muc
  - Leitir Fraic
  - Tuaim
  - Béal Átha na Slua

- **Ionaid Ógtheagmhála, ag tairiscint oideachas athdheise do lucht luathfhágála scoile sna hionaid seo a leanas**
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Leitir Móir
  - Leitir Fraic
  - Port Omna (ag oscailt go luath)

- **Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearacha**
  - Béal Átha Ghártha
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Baile Locha Riach

- **Ionad Oideachais Allamuigh (faoin aer), ag tairiscint cóiríocht chónaithe do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh**
  - Ceapach na gCapall, An Fhairche, Co. na Gaillimhe

**Foghlaim ar Feadh an tSaoil**

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe clár cuimsitheach aosoideachais ar fáil ar fud an chontae, cosúil le An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir litearthachta d'aosaigh, cúrsaí oíche, Filleadh ar Oideachas, Filleadh ar Fhoghlaim, Seirbhísí Rianaithe (tracking) & Aighneachta (advocacy), Seirbhís d'Oideachas Pobail agus cruthú Áiseanna Foghlama trí Ghaeilge ag *Breacadh.*

**Seosamh Mac Donncha**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

# JOSIE CONNEELY
## COMHAIRLEOIR CONTAE.

"MOLAIM SIBH AS BHUR GCUID
OIBRE I GCARNA AGUS CILL CHIARÁIN.
TÁ MÉ AR AN BPORT CÉANNA LÍBH –
JABANNA – BÓITHRE MAITHE – CEAD
PLEANÁLA – UISCE- SÉARACHAS".

SEOLADH: BAILE CONAOLA, CONAMARA.
TEILEAFÓN: 087-9528808.

NOLLAIG MHAITH AGUS BLIAIN NUA
MHAITH AGAIBH UILIG AR FUD
CHONAMARA.



TUGAIGÍ CUAIRT AR AN MAINNIN
BAY HOTEL I MBAILE CONAOLA.
IMEACHTAÍ NOLLAG, BÉILÍ, DEOCH
NO SEASAMH AR AN URLÁR.

095-23120

# NOEL GREALISH T.D.



**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**



# Frank Fahey T.D.

**BEANNACHTAÍ NA NOLLAG ORAIBH UILIG I GCARNA, I GCILL CHIARÁIN AGUS AR FUD CHONAMARA.**

**Oifig na Gaillimhe: ........ 091-771020**
**Fón Póca: ........................ 087-6976888**
**Dáil: ................................ 1890 337 889**

**Fair play dhibh as an Irisleabhar a chur amach aríst – is deas an rud é do dhaoine sa mbaile agus do dhaoine atá as baile an t-am seo den bhliain.**

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil***
***ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**"Member of Construction Industry Federation"**
**C.I.S.**
**"Member of Home Bound"**

# *Thomas Welby*

***Comhairleoir Contae***



Nollaig Mhaith Dhíbh Uilig Ar Fud Chonamara

**Tá fail orm ag: 091-552959**

RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

**www.rte.ie/rnag**

**92 - 94 FM & 102.7FM**

# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an bhFóram Pobail as a bhfuil déanta acu.*



# TIGH MHORÁIN

**Marian Lydon-095 32987**

***Earraí Grósaera***
***Gual,***
***Briquettes***
***Gais agus Beatha Beithíoch***

***Ón Siopa díreach go dtí do dhoras***

**Oscailte ó 8:30 – 9:00**
**7 la na seachtaine**

# SEOSAMH Ó CUAIG

Áill na Brún, Cill Chiaráin



**Tá fáil orm i gcónaí ...**

**095-33428**

**agus**

**087-2194247**

**Comhairleoir Contae**
**Comhalta Tofa - Údarás na Gaeltachta**

*Nollaig mhaith agaibh uilig*



# Frank Conroy

**M.I.P.A.V.**

# CEANTÁLAÍ

***Seirbhís luachála talúna agus foirgintí***

*"Seirbhís thrí Ghaeilge má theastaíonn sin uait"*

**Uimhreacha teileafóin: 091-869997 nó 087-2231935**

# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

*Eolas iomlán ar fáil :*


**RÚNAÍ ÁITIÚIL**

Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara
Fón: 095-33412

**STIÚRTHÓIR**

Ciara Nic Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille
Inis, Co. an Chláir
Fón: 065-6839670

# Teach Ghlinnsge



Bar/Restaurant and craftshop

***"Comhghairdeachas leis an iris"***

Ó
Micheál & Séamus
Ó Chlochártaigh
Fón 095-32846/32279



# Séan Kyne

Comhairleoir Contae

Más féidir liom cabhrú leat ar bhealach ar bith ar fud Chonomara, thuaidh, theas, thiar nó thoir cuir glaoch orm.


**Seoladh:** Clydagh, Moycullen
**Teileafón:** 087 6137372
**rphoist:** kynesean@eircom.net

Nollaig shábháilte shéanmhar díbh go léir

## Seirbhísí Eolais don Phobal

*faoi scáth*

**Chumas Teo.**
Páirtíocht Chonamara & Árann




**Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal**

| CEANTAR | OIFIG FO-ROCHTA | LAETHANTA GACH MÍ | AM |
|---|---|---|---|
| **Ros Muc** | Beidh Oifigeach ar fáil i Ros Muc gach lá den tseachtain ón 9.30 r.n – 4.30 i.n. | | |
| **Iorras Aithneach** | Teach an Údaráis | An dara & an ceathrú Aoine | **10.30 r.n. – 1.00 i.n.** |
| **An Cheathrú Rua** | | An chéad & an triú Déardaoin | **10.30 r.n. – 1.00 i.n.** |
| **Ceantar na nOileán** | Spórtlann Mhichael Mhóir, Páirc a'Mhaimín | An chéad & an triú Déardaoin | **02.00 i.n. – 4.00 i.n.** |
| **Cois Fharraige** | Oifig an Chomhar Chreidmheasa | An dara & an ceathrú Máirt | **10.30 r.n. – 1.00 i.n.** |
| **Dúiche Sheoighe** | Oifig C.D.S. | Gach Céadaoin | **02.00 i.n – 4.00 i.n** |
| **An Caiseal** | Ionad Pobail an Chaisil | An dara Céadaoin | **11.00 r.n. – 1.00 i.n.** |

**Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal Na Trí Oilean Árainn**

| CEANTAR | OIFIG FO-ROCHTA | LAETHANTA GACH MÍ | AM |
|---|---|---|---|
| **Inis Mór** | Oifig an Chomhar-chumainn | An ceathrú Déardaoin | **10.30 r.n. – 4.00 i.n.** |
| **Inis Meáin** | Oifig an Chomhar-chumainn | An dara Déardaoin | **10.30 r.n. – 4.00 i.n.** |
| **Inis Oírr** | Oifig an Chomhar-chumainn | An triú Máirt | **10.30 r.n. – 4.00 i.n.** |

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón … 095-32854/ 32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***




# Tigh Leavy

Aird Mhóir

## Siopa Grósaera
## Búistéara / Fíon

Fón / Facs: 095-32230



Seolann muid beannachtaí na Nollag
chuig ár gcustaiméaraí ar fad

# BARBARA





Guargaire
Muigh Iorras, Carna

**Dearbháin ar fáil**




Teileafón: (087) 6607587

Máirt – Satharn

*Is féidir coinnithe a dhéanamh sa tráthnóna*

# Lough Inagh Lodge Hotel








Inagh Valley Recess, Connemara, Co. Galway

Tel 095-34706
Fax E-mail:inagh@iol.ie

Web http://www.loughinaghlodgehotel.ie

# SEÁN Ó NEACHTAIN MEP

Toghacheantar an Iar Thuaiscirt



***"Ag Obair ar do Shon san Eoraip"***

*Beannachtaí na Nollag*
*agus Ath Bhliain faoi Mhaise*

42 Cnoc na Radharc
Oifig Togh Cheantair
Ar Oscailt Luan – Aoine 9r.n -5i.n
Fón: 091 560020 Faics: 091 560023
rphoist: seanoneachtain@eircom.net
idirlíon: www.oneachtain.com

---

# TIGH CHADHAIN

BAR & BISTRO

CILL CHIARÁIN — CONAMARA — IRELAND

**www.coynesbar.net**

---



## Camus Autos
## Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.


Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

Feichín O'Flatharta
Seirbhís
Mionbhus/Hackney

087-2347776



Ait ar bith
Gaillimh,Clochán,Ceathrú Rua……..

Glaoith am ar bith…..

*Beannachtaí na Nollaig don Phobal uilig.*

# Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208  Fax: 095-32504

## FEILMÉIREACHT ÉISC

*An Bradán*

**STIÚRTHÓIRÍ:**
**DARA ÓG Ó FLÁTHARTA,**
**LIAM Ó FLÁTHARTA**

## Pádraig Mac Cormaic, T.D.




"Mas grant le haghaidh na mbeithíoch é
No cúnamh le engine báid…
Scríobh do chás go pras ar pháipéar…
Mar sé Mac Cormaic an fear is fearr".

Nollaig mhait dhibh uilig.
Oifig : 114 Bóthar Mór, Gaillimh.
Fón: 091-568688.



## Ciarán Ridge

## Plant Hire

*Ros Dugáin*
*Cill Chiaráin*

***087-2113071***








## Mikie Ó Flátharta



**Leitirdeisceart**
**Carna**
**Co. Na Gaillimhe**

**087 9593329**

*Garraíodóir Cáilithe/*
*Qualified Landscape Gardener*

# Mylotte's Carna



**Siopa Grósaera**

**Teil: 095 32256**
**Facs: 095 32951**



**Mylottes Funeral Directors**
**&**
**Funeral Home**
**Carna**

**Teil: 095 32256**
**Facs: 095 32951**

***Socraithe iomlán Sochraide agus Créamadh***
***Teach tórramh lonnaithe cóiriúil don Séipéal***

**Banc Ceannais na hÉireann**
**An Clochán**

**Save for a rainy day.**

Talk to Alice Black in AIB Clifden 095-21120 about our range of Savings options today.

Whatever success means to you
be with AIB

Terms and conditions apply. Allied Irish Banks, p.l.c. is regulated by the Financial Regulator.

*Teach Ósta*
# *Tigh Mhóráin*

Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe Fón 095-32570

*Comhluadar Breá*
•
*Spóirt & Spraoi*

*ó Peter Fitzpatrick*

# Céad Fáilte Romhaibh

***Gasúir a baisteadh sa bpobal***
***idir 31/10/2007 agus 31/10/2008***

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Máirtín Ó Clochartaigh | Muigh Inis | Meán Fomh |
| Conall Páraic Ó Curraoin | Cill Chiaráin | Meán Fomh |
| Kaylaigh Canavan | Áill na Brún | 20-10-2007 |
| Naoise Bolger | Áird Mhóir | 27-10-2007 |
| Niall John Leavy | Carna | 24-11-2007 |
| Ella Mary Cloherty | Leitir Ard | 1-12-2007 |
| Caoilinn Páraic Murphy | Gabhla agus Tiobrad Árainn | 5-1-2008 |
| Joseph Moylan | Áird Mhóir | 26-01-2008 |
| Oisín Colm de Brún | Muigh Inis | 26-1-2008 |
| Amy Nicole Cloherty | Leitir Ard | 9-2-2008 |
| Caoimhe May Ní Cheannabháin | An Coillín | 5-4-2008 |
| Ella Ní Mhadaoin | Cill Chiaráin | 26-04-2008 |
| Michael Francis Fitzpatrick | Duibhithir | 27-4-2008 |
| Aisling Theresa Ní Chadhain | Cill Chiaráin | 10-05-2008 |
| Luke Patrick Ó Loideáin | Muighros | 24-5-2008 |
| Ciarán Colm Ó Labhrú | Muighros agus Baile Cláir na Gaillimhe | 31-5-2008 |
| Jeaic James ó Culán | Cill Chiaráin | 1-6-2008 |
| Conchur Mac Dara Ó Ceallacháin | Carna | 19-06-2008 |
| Elle May Dunworth | Muigh Inis | 22-6-2008 |
| Colm Joseph O Connell | Coill Sáile | 22-6-2008 |
| August Matthew Mac an Iomaire | Copenhagen | 2-8-2008 |
| Lorna Jade Casey | Coillín | 5-8-2008 |
| Seán Jamie Healy | Santiago, Meiriceá | 31-8-2008 |
| Kate Frances Ní Dhonnacha | Cill Chiaráin | 20-9-2008 |
| Renee Mary Devane | Aird Mhóir | 20-10-2008 |
| Grace Della Nic an Iomaire | Roisín na Mainoch | 15-11-2008 |


**Ollmhargadh Mhic Oireachtaigh**

Carna
Conamara
Co. na Gaillimhe

Fón (095)32239



*Búistéara*



*Lotto*
*Fíon*
*Bácús*



Óstán Chuan Charna

**Carna Bay Hotel, Carna, Connemara, Co. Galway, Ireland**



**Óstán 3* & restuarant Bar Food**

Proprietors: Mary & Páraic Cloherty

Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil/
all readily available locally

Fón 095 32255, Faics 095 32530
Riomhphost carnabay@iol.ie
www.iol.ie/~carnabay

# Bás
# I nGáirdín Dé

***Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 31- 10- 2007 go dtí 31- 10- 2008***

| **Ainm** | **Seoladh** | **Dáta** |
|---|---|---|
| Máirtín Seoige | Áill na Brún | Deireadh Fómhair 07 |
| Micheál Seoige | Sasana/Áill na Brún | Nollag 07 |
| Hughie Molloy | Coill Sáile | Nollag 07 |
| Mary Ann Walsh | Coill Sáile | 23 -11-2007 |
| Mary Lydon | Roisín na Mainíoch | 13 -12-2007 |
| Muiréad Ní Dhonnachadha | Aird Thiar | 27 -12-2007 |
| Cóilín Ó Cualáin | Boston / Roisín na Mainíoch | 14 -01-2008 |
| Cóilín Ó Suilleabháin | Loch Con Aortha / Carna | 04 -02-2008 |
| Máirín Bn. Uí Loideáin | Muighros | 05 -02-2008 |
| Kate Caulfield | Leitir Ard | 06 -02-2008 |
| Barbara Seoige | Bántrach Ard | 05 -03-2008 |
| Máirtín Mc Grath | Glinsce | 15 -03-2008 |
| Seán Mac an Iomaire | Muigh Inis | 15 -04-2008 |
| Seán Ó Cualáin | Caladh bhFuinnse | 20 -04- 2008 |
| Seán Ó Gaora | Muigh Inis | 22 -04-2008 |
| Bairbre Bean Uí Chathasaigh | Muigh Inis | 24 -04-2008 |
| Bríd Bean Uí Uaithnín | Más | 06-05- 2008 |
| Bríd Bean Uí Dhomhaill | Muigh Inis | 31-05- 2008 |
| Mairéad Bhreathnach | Roisín na Mainíoch | 01-06-2008 |
| Macdara Mac Donnacha | Áird Thoir | 04-07-2008 |
| Oliver Ó Cadhain | Gabhla | 07-08-2008 |
| Pat Cheoinín | Fínis agus Gaillimh | 27-08-2008 |
| Máirín Bean Uí Cheoinín | Leitir Ard agus Carna | 11-09-2008 |
| Pádraig Ó Conghaile | An Meall Rua | 20-09-2008 |
| Seamus Ó Cuaig | Cill Chiaráin agus Boston | 13-11-2008 |


**office chat**

**"your local office supplier"**

**Printers/Fax Machines/Telephones**
**Laminators/Shredders**
**Office Furniture**
**Photocopying/Faxing**
**Laminating/Binding/Printing**

**Mobile phone dealers for**

O2 meteor vodafone 3

**Galway Road, Clifden Tel 095-21911**
**Fax 095-21841 E-mail sales@officechat.ie**

**Joyce's Grocery**

Recess, Connemara, Co.Galway
Phone: 095 34658 Mobile: 087 2686946
joycesgrocery@hotmail.com

Opening Hours: 7.30am – 7pm Mon - Sat

**For All Your Farm Needs**

Cattle Feeds – Horse Feeds – Sheep Feeds –
Shavings – Coal – Briquettes – Wire & Stakes

**We deliver to your door.**


## Comhar Chreidmheasa an Chaisil

## An Credit Union

In Oifig Údarás na Gaeltachta i gCarna
6 go dtí an 7 trathnóna Déardaoin.

Teileafón 095-31128 - oifig an Chaisil
095-21101 - oifig an Chlocháin.

Iasacht uait?
Fan gar go bhaile leis an gComhar Chreidmheasa.




## Áilleacht

**Stephanie Ní Dhúbhda**
**Carna**
**ITEC/CIBTAC**

**Telefón: 095-32277**
**087-6457715**



**Dip i gCéir na gCos/ Dip i Smidiú an Éadain**

**An t-éadan – na mailí, na feabhraí an smig- na cosa, na hingní srl.**

Cuirfidh Stephanie Ní Dhúbhda cóir mhaith ort.

**Rath agus séan agus aoibhneas na Nollag oraibh uilig –
Ón gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg, Áine agus a gclann.**



**Déan teagbháil liom ar ar bith de ló no d'oíche in Indreabhán.
Teileafón: 091-593084 no 086-3864179.**

# *Focal ón Eagarthóir*



**Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir, Iorras Aithneach 2008**

Bliain eile caite agus an Nollaig linn arís. Bliain a thug an t-áthas agus brón chugainn – bliain a bhí go maith agus bliain a bhí go dona. Is beag rud atá níos brónaigh i bpobal ar bith ná dúnadh scoile agus tharla sin i 2008. Tá an doras dúinte agus glas curtha ar Scoil Mhuighrois. Tá an daonra óg laghdaithe go mór sa bpobal. Níl na jabanna ná na deiseanna saothraithe airgid ann. Caithfear díriú ar na ceisteanna móra sin san athbhliain arís. Mar gan daonra láidir daoine óga agus jabanna a bheith ar fáil ní bheidh Gaeilge ná ceol ná aon bhlas eile ann amach anseo – ach bánú agus tuilleadh bánaithe. Ach, sin ceisteanna atá le tarraingt anuas in áit éicint eile.

Ach, má tá sruth an tsaoil ina n-aghaidh féin, ní shin le rá nach bhfuil miotal agus teacht aniar sa bpobal fós. Ba iontach a chruthaigh foirne peile an cheantair i mbliana fiú agus go raibh riar mhór de na himreoirí ba mhó cáil thar sáile. Ní raibh aon bharúil ag daoine do na foirne idirmheánacha agus sóisir de bharr na n-iarrantaí a bhí faighte acu ón imirce. Ach, caithfear a rá freisin go ndearna oifigigh chumann Charna/an Chaisil socruithe maithe i dtaobh traenáil na foirne. Nár laga Dia iad – thug siad misneach dúinn uilig le linn na bliana.

I bhfad ó bhaile i Meiriceá choinnigh muintir an phobail seo leis an traidisiún láidir polaitíochta a bhí ann le fada an lá. Toghadh Margaret Craven – Mairéad Ní Chonghaile as Leitir Ard ó dhúchas – ina Seanadóir i Stát Maine. Ba iontach an ghaisce a rinne sí. Toghadh Martin Walsh, arbh as Roisín na Mainíoch a athair, ina Fheisire Pairliminte arís i Stát Mhassachusetts. Tá os cionn 10 mbliana caite anois aige sa bPairlimint agus is cara mór é le áit dhúchais a mhuintire.

Is údar bróid do mhuintir an phobail sa mbaile go bhfuil an chuid den phobal atá i Meiriceá ag baint na gcéimeanna sin amach – mar ní stopann teorainn an phobail seo ag droichead Bhun na hAbhann, ná ag droichead Inniúir. Tá pobal na háite seo scaipthe i bhfad agus i ngearr – daoine óga chomh fada ó bhaile leis an Astráil anois agus glúnta eile i Meiriceá agus i dtíortha eile. Tá a fhios againn go leightear irisleabhar "Iorras Aithneach" i measc mhuintir Charna agus Chill Chiaráin ar fud an domhain agus feictear dúinn go gcoinníonn leabhar "Iorras Aithneach" ceangal idir an pobal sa mbaile agus an pobal atá as baile, agus thar sáile.

Is iomaí sin cur síos agus plé atá le déanamh ar phobal Iorras Aithneach – agus gach a bhfuil in ann dó – anois. Tá cuid dó sin san Irisleabhar seo. Ach, thar aon bhlas eile, tá súil againn go mbeidh an chraic agaibh ar an irisleabhar seo, go ndúiseoidh sí cuimhní cinn, go mbainfidh sí gáire amach agus go mbainfear sult agus solamar aistí.

Guíonn muid Nollaig shona dhíbh uilig sa mbaile, ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Go mba fearr a bheidh sibh uilig an t-am seo arís.

## Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a chabhraigh linn arís i mbliana agus muid ag cur irisleabhar "Iorras Aithneach" i dtoll a chéile. Tá muid faoi chomaoin ag daoine a thugann pictiúir dúinn – iad siúd a tharraingíonn pictiúir i rith na bliana agus iad siúd a thugann sean-phictiúir dúinn. Is mór a chuireann sibh uilig le fiúntas an irisleabhair seo.

Ar ndóigh, ní bheadh an irisleabhar ann ach an oiread de uireasa na scribhneoirí agus chuireadar ábhar breá ar fáil arís i mbliana.

Fiú agus go bhfuil cúrsaí na heacnamaíochta gaibhte in olcas le bliain níor loic an dream a thugann fógraí dúinn. Is maith an aghaidh orthu uilig go bhfaighidís tacaíocht agus gnó uainn uilig.

Rinne Áine Máire Ní Fhlatharta, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin agus Caitlín Nic Dhonnchadha obair mhór san oifig anseo i gCarna – bíonn go leor oibre le déanamh i gcaitheamh na bliana ar an irisleabhar.

Tá muid buíoch do Údarás na Gaeltachta as an oifig a chur ar fáil dúinn agus don eagraíocht FÁS as a dtacaíocht siúd.

Déanann Clódóirí Lurgan obair shlachtmhar agus obair bhreá ar an irisleabhar chuile bhliain agus sí Sorcha Ní Chonghaile an bhean a bhíonn ar an stiúir. Go mba fada buan sibh uilig.

**Coiste Irisleabhar "Iorras Aithneach 2008"**

Áine Máire Ní Fhlatharta (An Aird Mhóir), Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin (Leitir Ard), Máirtín Ó Gríofa (Muigh Inis), Louis Mac an Iomaire (Ros Dúgáin), Micheál Ó Maoláin (An Aird Mhóir) agus Máirtín Ó Catháin (Gabhla).

## An Clúdach tosaigh

***Lár báire*** – Edel Ní Dhúbhda as Carna a bhí ina Bánríon ar Sheó Chloch na Rón i mbliana. Beidh sí san iomaíocht do Rós na Gaillimhe i 2009.

***Barr ar chlé – agus ag dul thimpeall de réir an chloig…***

**Seanadóir** – Margaret Craven…Mairéad Mhattie Sheáinín as Leitir Ard a toghadh ina Seanadóir Stáit i Maine i mbliana.

**Suíochán Céibhe** – Ó chlé: Sibeál Ní Fhlatharta (An Aird Mhóir), Kate Ní Chualáin (Carna) agus Adrienne Ní Chualáin (Ruisín na Mainíoch) ar Chéibh Chill Chiaráin.

**Ceannasaí póilíní** – Colm Lydon an tríú duine is airde céime anois sa Boston Police. Mac é le Cóilín Joe Choilm Liam as Roisín an Mainíoch agus Bríd an Ghabh (Nic Dhonnchadha) as Leitir Ard. Tá cónaí orthu i Walpole i Massachussetts.

**Cailíní Chill Chiaráin** – Sharon Ní Thuathail ar chlé agus Michelle Nic Dhonnacha agus Sophia Nic Dhonnacha an bhean bheag chun tosaigh.

**Debs:** Cillian de Búrca (Bantrach Ard) agus Niamh Ní Choirbín (an Aird Thiar. Ag Debs na Scoile Pobail i mbliana.

**Seasamh maith ag an rópa!** – Roibeárd Seoige (Bátrach Ard) ar chlé agus Máirtín Ó Clochartaigh (Aird Mhóir).

**Sydney sa bhFómhar** – Daoine thall agus daoine ar cuairt ansin. Ó chlé: Sarah Ní Dhonnchadha (Cill Chiaráin), Bairbre Ní Chonghaile (Bóthar an Chonvent), Aisling Ní Chualáin (Ruisín a' Chaladh), Rós Ní Fhéinnidh (Muigh Inis), Seosamh Ó Cathasaigh (Muigh Inis).

Nioclás Ó Conchubhair Teo
**Homevalue**

# Leitirmóir, Co na Gaillimhe

**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**

*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**

**Faics: 091-506044**

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach, Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & Srl*

# An Fóram Do Phobal Iorras Aithneach


**foram@eircom.net   Guthán: 095-32744**

### Coiste na gCathaoirleach

Tomás Ó Niadh, Máire Ní Uaithnín, Máirtín Ó Catháin, Ciarán Ó Maoláin.

### Na Baill

Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Máirtín Ó Gríofa, Máire Uí Chuinneáin, Micheál Breathnach, Susan Uí Chatháin, Deirdre Uí Chualáin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Roibeard P. Ó hÉilí, Ann Marie Ní Fhlatharta, Máire Uí Loideáin, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin, Gearóid Ó Cosgordha, Alison Ní Chadhain, Beartla Breathnach, Micheál Ó Maoláin, Cóilín Ó Cualáin, Máire Áine Ní Neachtain, Macdara Ó Cuaig, An tAthair Peadar Ó Conghaile, Alma Mhic Fhlannchadha, Seosamh Ó Cuirrín, Tomás Ó hIarnáin, Eibhlín Uí Mhaoláin, Máire Uí Bholguidhir, Rosario Ní Shuilleabháin, Siobhán Ní Mhaoilchiaráin, Dara Ó Flatharta, Louis Mac an Iomaire, Máire Uí Iarnáin, Brigid Keaney-Earl, Nóirín Nic an Iomaire, Seán Ó Cualáin.



# Europus Teoranta

## AN COMHLACHT TEANGA

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-572082 Faics: 091-572335 europus@indigo.ie

## Aistriúchán Béarla/Gaeilge

*Comhlacht gairmiúil aistriúcháin le haistritheoirí oilte den scoth*
*Ag soláthar táirgí teanga den scoth do chomhlachtaí rialtais*
*agus do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine aonair.*

- An scoth ó thaobh teanga agus seachadta
- Obair go dlúth leis an gcliant
- Deis ag an gcliant athruithe a dhéanamh le linn an phróisis aistriúcháin
- Meastacháin in aisce
- Aistriúchán in am agus sa leagan amach a éilítear
- Aistriúchán ar fáil go tapa
- Rúndacht agus cúirtéis i gcónaí

**Aistriúchán ar an bhfón - 1580 22 77 88**

*Scoth na Seirbhíse, Scoth an Aistriúcháin, Taithí na mBlianta*

**An tAistriúchán Gairmiúil - Aistriúchán Europus**

EUROPUS

# Fiche bliain ag leigheas i gCarna

## *Agallamh leis an Dr. Micheál Ó Cathasaigh*

**Tá scór blianta caite ag an Dr. Micheál Ó Cathasaigh ina dhochtúr ceantair i gCarna. Sna blianta sin tá cáil bainte amach ag an Dr. Ó Cathasaigh i bhfad agus i ngearr de bharr a chuid oibre mar dhochtúr…agus de bharr na hoibre atá déanta aige ar bhealaí go leor eile.**

**Labhair Máirtín Ó Catháin leis an Dr. Ó Cathasaigh faoina shaol, a shaothar agus na blianta atá caite aige ina dhochtúr i gCarna.**

### Dúchas talúna agus tuaithe

**Ó Catháin:** Cé as thú ó dhúchas?

**Dr. Ó C.:** Áit ar a dtugtar Faha Hill gar do Choill Mhic Thomáisín i gContae Phort Láirge – amuigh faoin tír.

**Ó Catháin:** Cá n-deachaigh tú chuig an mbunscoil?

**Dr. Ó C.:** Chuaigh mé chuig scoil Chlochar na Trócaire i gCoill Mhic Thomáisín i rang na naonán agus chuig Scoil Náisiúnta an tSráidbhaile ina dhiaidh sin.

**Ó Catháin:** Cén sort saol a bhí ann ag éirí aníos ar an bhfeilm?

**Dr. Ó C.:** Neart oibre! Bhíodh orainn a dhul ag rothaíocht 3 mhíle chuig cuid eile den fheilm…sin roimh a dhul chun na bunscoile ar maidin… agus na beithigh a bhleán. Bleán láimhe a bhí ann – ní raibh aon mheaisín againn. Bhéifea ag déanamh chuile chineál eile oibre ar an bhfeilm freisin – féar, beathú beithíoch, glanadh sciobóil srl. Ansin bíodh muid páirteach sa meitheal oibre freisin sa gceantar.

**Ó Catháin:** Inis dhom faoin "meitheal".

**Dr. Ó C.:** Bhí na comharsanaí uilig páirteach ann. Bhíodh muid ag tanaíochan turnapaí agus biatas agus obair mar sin. Ní raibh tarbh againne agus d'fháigheadh mo athair tarbh ar iasacht mar malartú ar chuid den obair a dhéanfadh muide.

**Ó Catháin:** Bh'shin obair chrua ar lads óga bunscoile?

**Dr. Ó C.:** Bhí – bhí sé crua ar na lámha agus ar na glúine. Bhí tú ar do ghlúine go leor den am. Ach, ar chúis éicint chuaigh scéala thart go raibh mo dheartháir Piaras agus mé féin go maith ag plé leis an obair seo agus thosaigh feilméaraí eile ag cur fios orainn. Théadh muid píosa maith ó bhaile ag obair…suas le



*Dr. Micheál Ó Cathasaigh sna chéad bhlianta aige i gCarna.*

12 míle ar na rothair, cúpla píosa aráin againn agus buidéal tae fuar. Chaith muid scaitheamh maith ar an obair sin agus muid ag dul chun na bunscoile.

## Scoil agus Staidéar

**Ó Catháin:** Cén uair a shocraigh tú gur mhaith leat a bheith in do dhochtúr?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, ar an gcéad iarraidh, bhí mo athair ag iarraidh go bhfanfainn ar an bhfeilm ag obair. Is cosúil gur shíl sé go raibh mé im oibrí maith feilme! Ach, bhí mise ag iarraidh coinneáil orm leis an oideachas. B'éigean dom cás láidir a dhéanamh faoi sin sul ar ghlac sé leis go bhféadfainn leanacht ar aghaidh leis an mheanscolaíocht.

**Ó Catháin:** Cá ndeachaigh tú chuig an mheanscoil?

**Dr. Ó C.:** Scoil na mBráithre Criostaí i nDún Garbhán. Tharla sé go raibh suim agam in ábhar ar nós eolaíocht, an cheimic agus an bhitheolaíocht. Ansin, is dóigh, a thosaigh mé ag cuimhniú go láidir ar obair leighis agus dhochtúrachta. Ach tharla sé nach raibh an bhitheolaíocht mar ábhar ag na Bráithre Críostaí agus shocraigh mé go ndéanann an t-ábhar sin i scoil Shiúracha na Trócaire i nDún Garbhán.

**Ó Catháin:** Cén chaoi ar éirigh leat?

**Dr. Ó C.:** Rinne mé an tÁrd Teistiméireacht an chéad bhliain a raibh córas na bpoinntí ann – sin 1976. Bhí 8 n-ábhar agam agus thriáil mé na páipéir scrúdaithe onóracha iontú uilig.

**Ó Catháin:** Agus ar éirigh leat onóracha i chuile ábhar acu?

**Dr. Ó C.:** Fuarthas.

**Ó Catháin:** Tháinig tú ag staidéar go Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Ar athrú mór a bhí ansin?

**Dr. Ó C.:** Athrú mór go cinnte. D'fhan mé i dteach beag lóistín thíos i Sráid an Mhuillin. Ba mhór an t-athrú é ón mbaile – istigh sa mbaile mór agus mé cleachtaithe le spás agus páirceanna amuigh faoin tuaith i bPort Láirge. Silim go raibh sé ar an athrú ba mhó a bhí le láimhsiú agam im mo shaol.

**Ó Catháin:** Céard faoin staidéar féin? Is dóigh go mbeadh formhór na macléinn leighis an uair sin bainteach le teaghlaigh a raibh dochtúirí



*Paddy Casey, athair an Dr. Ó Cathasaigh, agus é ar an bhfeilm i bPort Láirge anuraidh. Bhásaigh Paddy Casey i 2008.*

agus lucht leighis iontú. Ní raibh an buntáiste sin agatsa.

**Dr. Ó C.:** Ní raibh, ceart go leor. Bhí cineál imní orm nach raibh mé chomh maith leo, no nach raibh an oiread eolais agam agus a bhí acusan. Shocraigh mé go n-eireóinn as an spóirt an chéad dhá bhliain agus leag mé go láidir ar an staidéar. Théis tamaill thuig mé go raibh ag éirí liom.

**Ó Catháin:** D'éirigh go maith leat?

**Dr. Ó C.:** Bhuel…is dóigh go ndearna mé ceart go leor. Fuair mé Onóracha den Chéad Ghrád ag críochnú dom agus fuair mé an Bonn Ór i staidéar súl. Chuaigh mé ar aghaidh ansin le tuilleadh staidéir a dhéanamh i Londain agus sa mBreatain Bheag ina dhiaidh sin.

## Spóirt agus Cluichí

**Ó Catháin:** Spóirt – lua tú gur éirigh tú as an spóirt sna chéad bhlianta a raibh tú in Ollscoil na Gaillimhe. Ach, bhí tú gníomhach sa spóirt ag éirí aníos duit – sin sa mullach ar obair fheilme!

**Dr. Ó C.:** Bhí – bhí mé im mo chaiptín ar na foirne peile agus iománaíochta sa meánscoil ach bhí suim agam sna rásaí cós freisin. Shocraigh mé ansin go n-eireóinn as an bpeil agus as an iománaíocht agus go gcoinneóinn leis na rásaí cos. Bhí na Bráithre corraithe faoi sin! Ach silim gur thug siad maiteanas dom nuair a bhuaigh Scoil Dhún Garbhán – 4 againn – craobh na hÉireann sa rása tras-tíre. Bhí mé im mo chaiptín ar an bhfoireann agus tháinig mé san ochtú áit – agus na lads eile gar go maith dom. Bhí na poinntí againn agus craobh na tíre don scoil. Ina dhiaidh sin bhínn ar fhóirne éagsúla rásaí cos san Ollscoil i nGaillimh agus bhuaigh muid cúpla craobh náisiúnta.

**Ó Catháin:** Déanann tú go leor rothaíochta anois. Cáid ó chuaigh tú ina chion sin?

**Dr. Ó C.:** Tuairim 5 bhliana ó shin - bhuel ag plé leis dháiríre atá i gceist agam.

**Ó Catháin:** Déanann tú píosaí móra anois anseo in Éirinn agus thar lear. Cén fhaid mílte a dhéanfá?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, rinne mé féin agus Seán Ó Caodhna as Gabhla 100 míle thíos i bPort Láirge ansin le gairid.

**Ó Catháin:** Agus an n-déanfá é sin gan stró?

**Dr. Ó C.:** Dhéanfainn- bhuel ní bhéinn tuirseach ina dhiaidh.

## Ag teacht go Carna

**Ó Catháin:** Fágfaidh muid an chraobh agat ar an rothar! Anois, Carna agus jab an dochtúra. Cén uair a dtáinig tú anseo i dtosach?

**Dr. Ó C.:** Tháinig mé anseo go Carna don chéad uair ar an 20ú Meitheamh, 1988. Bhí an ceapachán mar dhochtúr i gCarna faighte agam agus bhí mé ag caitheamh súil ar an áit.

**Ó Catháin:** Céard a cheap tú don áit?

**Dr. Ó C.:** Bhí cleachtadh mhaith agam ar cheantracha tuaithe. Rugadh agus tógadh mé amuigh faoin tuaith. Ach, bhfachthas dom go raibh Carna scoite amach go mór ó bhailte móra agus ó chathracha. Shíl mé go raibh an ceantar buailte ar bhealaí go leor freisin.

**Ó Catháin:** Ní raibh tú i bhfad anseo no gur thosaigh tú an iarracht le othar-chárr phobail a lonnú san áit. Tuige?

**Dr. Ó C.:** Ba léir don go raibh daoine dá bhfágáil i bhfad ró-fhada i gcásanna práinne – agus coir Ospidéil ag teastáil uathú. Scaittí, bhíodh orm féin fanacht 3 no 4 d'uaireannta an chloig le daoine a bheadh gortaithe no tinn nuair a bhí seirbhís ospidéil ag teastáil uathú go gear. Caithfear a rá go bhfuair mé an-tacaíocht ón bpobal san iarracht sin; tá buíon Ord Mhalta agus an tOthar-chairr ag obair leo go deonach i gcónaí agus tá an-omós agus an-bhuíochas tuillte acu.

**Ó Catháin:** Ansin chur tú béim ar bhunú seirbhísí do dhaoine a bhí ag teannamh amach sna blianta agus do dhaoine a raibh an alzheimers ag goilliúint orthu. An raibh géarghá leis sin?

**Dr. Ó C.:** Bhí. Ní raibh aon áit acu le theacht le chéile, béilí a bheith acu agus a bheith i measc comhluadair. Silim go bhfuil an-leas deanta ag an t-seirbhís sin…agus tá sé ar bun istigh sa Teach Altranais anois.

**Ó Catháin:** An Teach Altranais – Teach Altranais Charna...an raibh sé deacair an jab sin a dhéanamh?

**Dr. Ó C.:** Bhí. B'éigean go leor eagraís Stáit a thabhart le chéile agus bhí sin deacair. Bhí sé deacair na socruithe uilig a dhéanamh faoin airgead agus an infheistíocht. Ach, d'oibrigh sé go maith. Tá sé oscailte le 5 bhliana anois.

**Ó Catháin:** An bhfuil mórán daoine ag obair ann anois.

**Dr. Ó C.:** 37 uilig idir lán-aimseartha agus páirt-aimseartha.

**Ó Catháin:** An dteastaíonn seirbhísí eile leighis agus sóisialta anseo?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, tá muid ag cuimhniú le fada ar 'Pharmacy'. Ach, tá rialacha Stáit ann. Bíonn sé deacair ag dochtúirí agus ag lucht leighis a dhul ag plé le 'Pharmacy' dá bharr sin.

Feicfidh muid linn ach is mar sin atá an scéal faoi láthair.

## Teaghlach agus cuimhní cinn

**Ó Catháin:** Tá triúr chlann iníon agat féin agus do bhean, Sally. Cá bhfuil na cailíní anois?

**Dr. Ó C.:** Bhueil tá Ruth 24 agus tá sa mbliain dheireannach staidéir le bheith ina dochtúr leighis in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Tá Michelle 20 agus tá sí sa dara bliain staidéir leighis in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Tá Derval 14 agus tá sí sa Meanscoil.

**Ó Catháin:** Bhásaigh do athair, Paddy Casey, i mbliana, beannacht Dia lena anam. Cé na cuimhní cinn atá agat air?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, is dóigh gur fear níos fearr comhluadair agus siamsaíochta a bhí ann ná mise. Thaithníodh leis a dhul chuig teach an ósta scaittí agus píosaí móra cómhrá a dhéanamh ansin. Chuala mé go minic go raibh sé ina dhaimseoir maith tráth den t-saol freisin. Ach, oibrí don scoth a bhí ann freisin – feilméara maith…ó dhubh go dubh.

**Ó Catháin:** An bhfanann aon bhlas ar leith in do intinn faoi?

**Dr. Ó C.:** Is cuimhneach liom go maith im mo lad an-óg go gcuirfeadh mo mháthair mé chomh fada leis amuigh sna páirceanna le cúpla ceapaire agus buidéal tae coinnithe te thíos i stoca. Bhíodh sé ag treabhadh páirce a raibh 20 acra inti píosa ó bhaile leis an sean-chéachta agus dhá chapall. Bhíodh fáilte aige roimh an tae agus an sos ón obair. Fanann sin greannta ar m'intinn ar chúis éicint ….

## Carna – súil siar agus súil chun cinn

**Ó Catháin:** Ar ais go Carna agus go hiarthar Chonamara. Tháinig tú anseo scór blianta ó shin. Céard a cheapfá do chosáin an phobail seo sna blianta sin?

**Dr. Ó C.:** Is dona liom a rá go bhfuil cúrsaí gaibhte chun deire ar bhealaí go leor. Feictear dom go raibh an tréimhse is fearr ag an bpobal seo – sin ó tháinig mise – ag teannamh le deire na 1990aidí. Bhí roint jabanna ann agus bhí níos mo daoine óga ag fanacht thart, ach tá sin athruithe go mór anois.

**Ó Catháin:** Céard iad na hathruithe is measa anois?

**Dr. Ó C.:** Bhuel easpa oibre agus gan mórán daoine fanta san aois-ghrúpa idir 20 agus 35. Tá lag-mhisneach ar an bpobal thairis mar a bhíodh – is dóigh go luíonn sin lé reasún de bharr an chúlú eacnamaíochta agus sóisialta. Tá níos mo fadhbanna sóisialta ann anois freisin ná a bhí ann 20 bliain ó shin.

**Ó Catháin:** Fadhbanna sóisialta? Ar nós alcól….

**Dr. Ó C.:** Sea…alcól go cinnte…

**Ó Catháin:** Agus drugaí…

**Dr. Ó C.:** Agus drugaí freisin…

**Ó Catháin:** Tuige é seo meastú?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, tá daoine ag déanamh níos mo taistil anois…agus is dóigh go dtugann daoine dea-nósanna ar ais leo…sin agus droch nósanna as áiteacha thar lear.

**Ó Catháin:** An bhfuil aon bhaint ag na fadhbanna sóisialta leis an lag mhisneach agus an cúlú sa bpobal, meastú?

**Dr. Ó C.:** D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin.

**Ó Catháin:** Ach, ní cúlú uilig é, ar ndóigh?

**Dr. Ó C.:** Ní h'ea. Tá na tithe níos fearr agus níos feiceálaigh anois ná a bhí 20 bliain ó shin. Tá caighdeán níos fearr maireachtála – den chuid is mo – ag na daoine atá anseo. Rud eile, tá daoine ag déanamh níos mo taistil anois ná a bhí fiche bliain ó shin.

**Ó Catháin:** Cén leigheas atá ar an lagan atá ar an gceantar seo anois – idir lagan eacnamaíochta agus shóisialta?

**Dr. Ó C.:** Faraíor, ní fheicim bealach soiléir ar bith le theacht as as an gcúlú anseo – is deacair a theacht ar fhreagra ar an gceist sin. Tá go leor inár n-aghaidh. Ach, tá roint grúpai/coistí thart anseo ag déanamh a seacht míle dícheall agus tá an-mholadh ag dul dóibh.

**Ó Catháin:** Tá píosa maith de do shaol caite agat anois i nGaillimh agus anseo i gCarna. Dá mbeadh Gaillimh agus Port Láirge ag imirt iománaíochta amárach, cé leis a mbeifea ag tacú? Focal amháin!

**Dr. Ó C.:** Briseann an dúchas…adeir siad. Focal amháin…Port Láirge!

**Ó Catháin:** Tá fiche bliain caite agat anseo in do dhochtúr anois. An gcaithfidh tú fiche bliain eile anseo?

**Dr. Ó C.:** Bhuel, ní féidir liom a bheith cinnte faoin gcósán ata amach romhainn. Is dóigh go bhféadfadh athrú a bheith ar an saol againn mar theaghlach nuair a bheidh na cailíní réitithe le cúrsaí scoile. Nuair a tháinig muid anseo i 1988 bhí sé socruithe againn 10 mbliana a chaitheadh i gCarna. Anois, tá scór blianta caite againn anseo. Cuirfidh mé ar an gcaoi seo é – níl aon phlean agam faoi láthair le n-athrú as seo ná le n-eirí as dualgaisí dochtúrachta i gCarna. Thairis sin, cá bhfios beo.

# Bean as Carna ina Stiúrthóir ar Chlár Tarrthála sa nGaeltacht!

**Tá Catherine Sheridan-Uí Choirbín ceaptha ag Croí, an charthanacht croí áitiúil agus Fondúireacht Cairdeolaíochta Iarthar na hÉireann mar Stiúrthóir Tionscadail do 'Thionscadal Sábhála Croí'. Is clár de chuid na carthanachta é seo atá dírithe ar an ráta bás in Iarthar na hÉireann maidir le stad cairdiach a tharlaíonn taobh amuigh d'ospidéil a ardú.**

Is as Carna i gConamara i Catherine, ach tá cónaí uirthi anois ar an bhFairche, Co. na Gaillimhe. Bí sí ina haltra foirne in Aonad Leanaí Naomh Bernadette in Ospidéal na hOllscoile Gaillimh sular tháinig sí ag obair le Croí ó FSS an Iarthair. Tá sí ag obair le 'Tionscadal Sábhála Croí 'mar Theagascóir i dTacaíocht Bheatha Bhunúsach agus Sábhálaí Croí AED áit a bhfuil ról ceannais aici i mbunú scéimeanna Dífhibrilithe Rochtain Phoiblí agus Phobail agus ag cur oiliúna ar an bpobal in úsáid AED'anna. Mar chainteoir dúchais, tá suim faoi leith ag Catherine i scéimeanna dífhibrilithe a chur ar bun i gceantair thuaithe, go háirithe ceantair ghaeltachta, áit a mbeidh sí in ann oiliúint a chur ar an bpobal trí mheán na gaeilge

Is mar seo a labhair Neil Johnson POF Croí agus é ag cur fáilte roimh an gceapachán "Táimid fíorshásta go bhfuil Catherine ag obair linn ar an tionscadal seo atá thar a bheith tábhachtach d'Iarthar na hÉireann. Tá oiliúint curtha ar dhaoine in os cionn 200 láithreán faoin 'Tionscadail Sábhála Croí' cheana féin agus os cionn 1,000 duine den phobail cáilithe le AED'anna a úsáid anois. Léiríodh



*Catherine Sheridan (Uí Choirbín)*

tábhacht an tionscadal seo i nGaillimh le gairid nuair a d'éirigh le baill dheonacha ón bpobal leas a bhaint as dífhibrileoir agus beatha beirt dhaoine a shabháil nuair a stad a gcroí. Sábháladh beatha cúigear eile nuair a cuireadh cóir athbheochana an 'Heimlich Manouvre' ortha agus iad á dtachtadh, teicníc a mhúintear mar chuid de 'chlár oiliúna Croí". Deir sé chomh maith, "Tá sé mar aidhm ag an tionscadail seo úsáid leathan dífhibrileoirí a chur chun cinn agus oiliúint CPR agus luathdhífhibrilithe a chur ar líon mór daoine sa phobal. Tá an Clár faoi stiúir na Rannóige Cairdeolaíochta in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus tá fáil ar phacáiste iomlán cuimsitheach do ghrúpaí pobail a bhfuil suim acu scéimeanna dífhibrileora a bhunú ina gceantar. Ní ar mhaithe le brabús a dhéanamh atá an Clár Croí agus is é an cuspóir atá leis ná laghdú suntasach a dhéanamh ar an líon na ndaoine a fhaigheann bás nó a bhfágtar máchail orthu mar gheall ar stad cardiach tobann".


Faoi stiúir Catherine Sheridan, tá Croí ag díriú isteach ar cheantair thuaithe agus ghaeltachta, ceantair a d'fhéadfadh a bheith achar fada ó na Seirbhísí Éigeandála. Chomh maith leis sin, tá Catherine ag iarraidh scoileanna, réamhscoileanna, saoráidí crèche agus grúpaí máithreacha agus leanaí a spreagadh le theacht chun cinn le hoiliúint CPR a fháil agus machnamh a dhéanamh freisin ar oiliúint AED.

Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait faoin gclár 'Tionscadal Sábhála Croí' nó má tá suim agat Clár AED a bhunú i do phobal féin, déan teagmháil le Catherine Sheridan ag 091-769866.

MRI CARNA

Martin Ryan Institute, Carna

Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna



**Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:**

- **Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.**
- **Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.**
- **Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.**
- **Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.**

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

# Bainiseacha



Eilís Ní Dhúbhda as Carna agus Séamus Ó Cinnéide ....i Séipéal an Chriathraigh...21-6-2008.



Fergal Cooke as Cill Chiaráin agus Valerie Dujardin..i nGailimh.....8-8-2008



Sally Nic an Iomaire as Roisin na Mainioch agus Francis Keane as an Droim….. a phós ar an 28ú Meitheamh 2008 i Seipeal Charna.

# Mná Iorras Aithneach



Ó chlé – Bridge Moylan (An Áird Mhóir), Celia Moylan (an Áird Mhóir) agus Helen Ní Mhaoilchiaráin (Patchín Sheáin ) as Roisín na Mainíoch.



Ó chlé - Máire Mhaidhc Tomoney (Ceannabháin) as an Áird Thoir, Agnes Mylotte (an dochtúr) as Carna agus Kate Mhaidhc Tomoney. An 15ú Lúnusa 1949.



Helen Mulkerrins (Roisín na Mainíoch (ar chlé) agus Bridgie Moylan as an Áird Mhóir .



Nóra Cloherty as Carna – bh'shin matháir Joan Mann í g Carna.

# Arizona Fadó



**Seosaimh Ó Domhnaill as Leitir Camus, Caiseal agus Máire Ní Mhaoilchiaráin Máire Tommy as Caladh bhFuinnse. Phós siad in Arizona agus chaith siad a saol ann. Féach ar an "style" agus an gúnna breá ag clúdach an urláir uilig.**

# Mo mhíle Slán le Éire Bhocht.......



**Nan Bheartla Rua (Ní Ghuairim) as Leitir Ard agus í ar bord loinge ar a bealach go Meiriceá sna 1930aidí – í ar an aistir fhada, uaigneach trasna an Atlantaigh. Bhí sí ar dhuine de na mílte as Conamara a chuaigh ar an imirce san aimsir a caitheadh.**

# Sna Státaí Fadó



Stiofán Mhaidhce Thadhg (Ó Cualáin) as Leitir Ard agus a bheirt iníon – ar chlé Mary agus ar dheis Nóra. Thart ar 1920 i mBoston. Cónaíonn Mary (Dowd) agus Nóra (Forde) i Meircea i gcónaí.



Annie Phádragín Mhacaigh ar chlé (R.I.P.) agus a deirfiúr, Catherine



Páraic Dhiarmuid Ó hUaithnín as an Más agus a dheirfiúr Bidín. Sna 1920aidí i Meiricea.

# Daonra an Phobail

## *An claonadh le 17 bliain*

***(Cuirtear san áirimh daoine óga atá i gColáiste srl ach a thagann abhaile mórán chuile dheireadh seachtaine sa gcomhaireamh a dhéanann muid ar an daonra. Ní hionann é agus Daonáireamh an Stáit.)***

| **BAILE** | **1990** | **2007** | **2008** |
|---|---|---|---|
| Doire Iorrais | 78 | 68 | 76 |
| Coill Sáile agus Ros Dugáin | 103 | 99 | 96 |
| Loch Con Aortha | 90 | 75 | 68 |
| Cill Chiaráin (sráidbhaile) | 149 | 128 | 173 |
| Áill na Brún/Bántrach Ard | 78 | 101 | 115 |
| An Aird Mhóir | 152 | 206 | 210 |
| Caladh bhFuinnse | 86 | 97 | 92 |
| Ruisín na Mainíoch | 113 | 107 | 98 |
| | | | |
| **Muigh Inis** | | | |
| Cartúr | 41 | 35 | 43 |
| Feithearnach | 76 | 52 | 55 |
| Meáll Rua | 40 | 37 | 34 |
| Ruisín an Chalaidh | 4 | 8 | 8 |
| An Crumpán | 45 | 50 | 44 |
| | | | |
| **Carna:** Ó Tigh Jackie Dowd go dtí Óstán Charna | 117 | 148 | 164 |
| Leitir Deiscirt | 37 | 32 | 38 |
| Coillín | 49 | 30 | 40 |
| An Aird Thoir | 60 | 47 | 47 |
| An Aird Thiar | 69 | 47 | 44 |
| An Más | 41 | 20 | 15 |
| Leath Mhás | 4 | 3 | 4 |
| Duibhither | 66 | 59 | 64 |
| Muighros - soir chomh fada leis an scoil | 85 | 79 | 72 |
| Leitir Ard, Damhros -agus siar go Scoil Mhuighrois…. | 123 | 89 | 89 |
| Glinnsge | 64 | 61 | 61 |
| Caladh an Chnoic | 7 | 7 | 6 |
| Gabhla | 41 | 30 | 20 |
| | | | |
| **Iomlán** | **1818** | **1715** | **1782** |

## An Líon gasúr sna Bunscoileanna

### *An claonadh le 18 bliain*

| **Scoil** | **1990** | **1999** | **2004** | **2008** |
|---|---|---|---|---|
| Muighros | 38 | 13 | 7 | 0 |
| Muigh Inis | 33 | 26 | 11 | 16 |
| Carna | 78 | 54 | 50 | 40 |
| An Aird Thiar | 61 | 35 | 32 | 33 |
| Cill Chiaráin | 73 | 59 | 21 | 27 |
| An Aird Mhóir | 50 | 66 | 50 | 53 |
| **Iomlán** | **333** | **263** | **171** | **169** |

**Tá na figiúirí sin sách simplí. Tá laghdú 50% ar an líon gasúir bunscoile sa bpobal le 18 bliain.**


**Seán Ó Cathasaigh**

*Graibhéal Clocha*
*agus Clocha Tógála*



**An Gleann Mór**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**

**Fón 095 33579**
**Mobile 087 2714648**

# CUID 1
# idir 16/17

# An Zetland


## *Pub oscailte aríst – lorg na staire ann*

*Seosamh Ó Cuaig*



**Tá pub an Zetland oscailte aríst. Nach breá an rud é. Cuid de stair an Chaisil – agus an taobh seo tíre uilig - é an áit sin le fada an lá.**

Is maith is cuimhneach liom an chéad lá riamh ar tugadh isteach mé féin ann. Ní raibh mé ach imo ghasúr agus bhí mé curtha siar go Doire Saileach ag mo mháthair chuig a deirfiúr Bid Tom Uí Ghaora agus chuig a fear céile Josie King – Josie Johnny Shéain Thomáis. Ní raibh Gaeilge ar bith ag Josie agus níorbh fhiú trácht ar an dá fhocal Béarla a bhí agamsa. D'fhág sin gur áit sách strainséartha a bhí ann dhom.



**Johnny O' Loughlin**

Ní fear óil a bhí in Josie King ach ar chúis eicínt thug sé isteach sa Zetland mé an lá seo. Cé bheadh istigh romhainn ann ach Máirtín Seoige. "Á, mo chol cúigirín," a dúirt sé, agus é ag cur fáilte agus fiche romham i nglan-Ghaeilge.

Rug sé ar láimh orm. Fear leathláimhe a bhí ann agus bhí spreac aisteach sa láimh sin. Cuimhním fós ar an bhfáisceadh a thug sé do mo láimhín bhog óg.

Níorbh fhada go raibh an buidéal lemonade amach ar m'aghaidh. Bheadh agus seacht mbuidéal dá n-ólfainn iad.

Pionta pórtair a bhí sé féin a ól, ar ndóigh. Ach bhí dhá phionta eile agus iad lán ar an mbord aige freisin.

"An mbeadh a oiread ómóis do Johnny Geoghegan, meastú?" d'fhiafraigh sé díom agus rinne sé meangadh gáirí.

Níl a fhios agam ar thuig mé an cheist an uair sin ach tá a fhios agam anois gurbh fhearr do Mháirtín bocht mura mbeadh a leath oiread ómóis dhó – chomh fada agus a bhain sé le cúrsaí óil de ar chuma ar bith.

As Lord Lieutenant Shasana a hainmníodh an Zetland, ar ndóigh. Fear é sin a bhíodh ag teacht ar saoire san áit a bhí ag Johnny O' Loughlin ag an am.

B'iontach an mac é Johnny O'Loughlin é féin. Justice of the Peace a bhí ann. Is dóichí gur mar gheall ar chomh láidir agus a bhí sé isteach leis na boic mhóra a tugadh an job sin dhó. Ach má bhí an sodar i ndiaidh na n-uasal féin ann deirtear narbh é ba mheasa leis na daoine bochta ach oiread. Duine de mhuintir na háite a bhí ann féin.

Bhí siopa láidir aige agus ba mhinic a thugadh sé mála fataí nó sláimín mine buí do dhaoine aimsir ocrais. Cheannaíodh sé muca agus uibheacha uathu freisin.

Tá cuntas in áit amháin gur dhúirt sé féin uair, "what I buy I put on one side of the books and what I give out I put on the other; but the devil of the whole

of it is that things go out of the store and I disremember who I gave them to and have no account of them."

Ach bhí beagán den lútáil os comhar na n-uasal ag teastáil óna leithéid i gcónaí lena chuid ceannais a choinneáil. Ní raibh lá ar bith is mó a ndearna sé é sin ná an lá a dtáinig Rí Shasana, Edward VII, don Sraith Salach sa mbliain 1903. Seo cuntas a scríobh fear a bhí i láthair:

"The motor swung round Lough Inagh road, turning into the straight for Recess, when we suddenly found ourselves in the midst of an amazing mob of horsemen: farm–horses, cart-horses, ponies, donkeys of all ages and descriptions, mounted by men and boys in rags and tatters, black coats, flannells or home-made stuffs. Some had saddles, others none, some had reins, some straw ropes.

They were all waiting on the high ground up the mountainside to see the arrival of the cars, and the moment the cars came into sight they were off down the mountainside like an avalanche, yelling, cheering, laughing, knocking each other over and leaping over the ditch on to the road with a speed that sent most of them over the road on to the bog on the other side. The guard of honour of O'Loughlin's Royal Connemara Mixed Cavalry formed a cordon round the hotel to secure the Royal party from intruders during lunch. Afterwards his Majesty commanded Mr. O'Loughlin to be presented to him who, in his capacity as Commander of the Forces, made a most profound obeisance.

The utterances of monarchs on momentous occasions usually find a place in history and the notable remark of King Edward the Seventh to the Queen, which just reached the gratified ears of Mr. O' Loughlin, to wit. " That of all the courtiers he ever had standing around him not one of them ever made him such an elegant bow as Mr. Johnny O' Loughlin," it is hoped will duly be recorded in the annals of the Irish nation.

Ba shin é 1903, an bhliain chéanna a dtáinig Pádraic Mac Piarais go Ros Muc den chéad uair.

Bhí saol eile ar an mbealach ach sin scéal eile.

Bhí báid seoil ag Johnny O' Loughlin freisin. Tá cáil ceann acu beo in amhrán i gcónaí. An "Cashel Star" a bhí uirthi. Bhí file ina cónaí ar an Oileán Gorm, Nuala Ní Uaithnín. D'fheicfeadh sí bád Johnny ag goil síos agus aníos an cuan. Rinne sí amhrán fúithi. Seo leagan de a thóg Éamon Ó Conghaile óna athair Beairtle Beag sa mbliain 1952.

## Bád an Chaisil

Ar an gCaiseal tá an bád pléisiúir is bréaichte bith sna réigiúin
Agus molamuid a' sway lena máistir,
Sé scoth na bhfear ar fónamh é
Agus cén t-iontas é bheith ina ghiúistís
Agus nach iomaí fear tá súil lena phardún .
Níor chaith sí ach naoi nóiméad ó d'fhága sí Cill Rónáin
Nó gur ghlan sí siar na cuanta 'gus Ceann Mása
Ach cáil a 'bád in Éirinn
A rinne an oiread spréachadh
Agus cuiriomuid Rí an Domhnaigh dhá sábháilt.

Grá mo chroíse an "Cashel Star"
Agus molaim léi an barr
Mar thug sí an geall léithi
Ó bháid bhreátha na tíre
Chuaigh sí amach go Malbay
Agus thug sí léithi geall as
Agus thrash-eáil sí báid bhreátha Rinn Mhaoile.
Dá bhfeicfeadh sibh í an lá siúd
A' tíocht isteach ó Árainn
Agus bhí power uirthi chomh láidir
Le power stímir
An fharraige bhí sí cháitheadh
Na léigí ó dheas d'Árainn
Is go bplúchfadh sí na buláin a
Bhí i Maínis

Nuair a fheicfeas muid a goil síos í
Thrí Chuan na Beirtrí Buí
Beidh bratachaí a'ainn roimpi 's
Tinte cnámha.
Ní fhágfaidh muid craobh caorthainn
Sa gCoill atá i bhFuaigh na Críche
Nach mbeidh crochta ag báid na tíre déanamh "joy" di.
Nár laga Rí na hAoine an fear
Maith a chuir dhá déanamh í
Mar fós ariamh ní fhacamar
A mháistir.
Tá daoine anois dhá smaoiniú
'gus ní magadh liomsa é ínseacht
Gurb aingeal é chum Críost
Istigh i bParrthas.

Nach é an feall nach raibh sí
Déanta an bhliain a raibh an
Drochshaol ann
Agus a liachtaí fear maith choinnodh
Sí ó bhás fháil
Mar níl fear ná bean ó Inbhear
Nach dtabharfadh sí *relief* dhó
Choinneódh sí togha bia leo agus
Anlann.

# Báid Ghael Linn 1958

**50 bliain ó shin a tugadh báid Ghael Linn go Carna. Ocht dtroigh agus fiche ar fhaid a bhí na báid seo agus cheannaigh 5 iascaire iad ar £400 an ceann. Scéim speisialta a bhí ann a raibh tacaíocht Ghael Linn aige. B'iad Máirtín Ó Caonaigh as Leitir Árd, Seán Jeaic Mac Donnchadha as an Áird Thiar, Seán Ó Ceoinín as Leitir Árd, Pádraig Mac Donnchadha as an Áird Thiar agus Seosamh Ó Conghaile as an Aird Thiar a cheannaigh na báid. Seo cuntas páipéar nuachta agus pictiúir den aistir anuas ó Kilkeel i gContae an Dúin go Carna.**

## Kilkeel man recalls his journey of a lifetime

By BILL QUINN

IN one's lifetime at home, at work, or at play, there are special memories that keep coming to mind.

One such memory for me was a trip from Kilkeel to Carna, Co Galway, in July 1959. This all came about when Gael Linn (a charitable organisation based in Dublin) decided to offer the islanders off the west coast of Ireland a better means of living by supplying them with lobster boats.

They commissioned Jimmy Rickard to visit Kilkeel and buy five skiffs – as the skiff fishing then was declining.

The five boats he purchased were "Eileen Nora", "The Ella", "The Santa Maria", "The Amina" and "The Stella Maris".

I was asked to install air-cooled Lister engines in these boats. When the engines were installed and tested, the crews from Galway arrived and provisioned them for the long trip.

As this was holiday time I decided to travel with them, along with Gilbert McBride and the late Mervyn MacKriane.

There were two crewmen on each boat.

### CONVOY

We left Kilkeel at 6am on 8 July 1959 and sailed in convoy down the coast and into Ringsend in Dublin, where we entered the Grand Canal.

Next morning we set sail down the canal through Dublin (a trip one can't do now, as they have built bridges over the canal).

I can remember it feeling strange sailing through the city!

After sailing through various towns along the canal for several days and meeting some wonderful people at our campfire on the canal bank at night, we eventually arrived at Banagher on the River Shannon.

I had brought a Vespa scooter with me on the trip and Mervyn and I used to go ashore and take trips round the country.

Eventually we left Banagher and sailed down the Shannon to Portumna and entered Lough Derg, which is 40 miles long – the scenery was magnificent.

### REPAIRS

One of the boats hit a floating log and damaged the rudder. We had to do an emergency repair job, and ran into some trouble with a Canadian woman at Kilaloe because we tried to ebb the boat on her territory!

Eventually we got under way again and came to the power station at Ardnacrusha.

There we entered the lock. We were standing, holding on to the ladder in the lock, when they opened the sluice; the boats went down so quickly it was like falling down a well.

We then continued on to Limerick where we had some gearbox trouble and had a row with the Lister representative, who did not succeed in his allegations regarding damage to the gearbox.

After repairs were carried out we entered the Shannon estuary and headed for Loop Head – a distance of 150 miles.

We were now on the Atlantic sailing up the west coast to Inishmaan – this was a distance of another 150 miles.

We were now 100 miles from our destination Carna. We arrived there during the first week of August after one of the most enjoyable experiences of my lifetime.



Bill Quinn (centre), with an islander and Jimmy Rickard (right), Gael Linn representative on Lough Derg.



Journeying down Lough Derg towards Ardnacrusha.

## in the days gone by

e Connacht Tribune from twenty-five, fifty and seventy-five years ago

### 1958

#### Lobster boats

The five Carna lobster boats which set out from Dublin on Wednesday via the Grand Canal arrived in Carna on Monday after an uneventful journey. The boats, manned by Carna fishermen, arrived off the Shannon Estuary on Sunday morning and were met there by the Galway trawler, Ros na Riogh, skipper, Mr Pat Jennings, Long Walk, who escorted the lobster boats across to Aran on Sunday evening and to Carna on Monday.

The boats, Ciaran, Feichan, MacDuagh, MacDara and Cailin, named after local Saints, were formerly lifeboats on the steamship, Lairdshill.

They were renovated and fitted with engines by Gael-Linn who sold them to Carna fishermen under a special hire purchase scheme – pay as you fish. They are the first of a fleet planned by Gael-Linn in their effort to develop the Gaeltacht areas.

The crew of each boat will consist of three men. The boats are equipped for escallop and lobster fishing and will also have small trawls. The craft, 28 feet long, were sold to the fishermen for £400 each in comparison with £600 or £700 each on the open market.

Fishermen who take these boats will sell their catches to the new Gael-Linn deep freeze and vegetable factory which has been built in Carna. The company will market fish and also quick-frozen vegetables on the home and export market.



# Tigh Mheaic

**Le ceol agus craic chuile dheireadh seachtaine**
**Beatha ar fáil chuile lá i gcaitheamh an lae**
**~Gáirdin Beorach~**








**Fón: 09532730**

**Ríomhphost: tighmheaic@gmail.com** **www.bebo.com/TighMheaic**

# Beirtreacha Oistrí

## – 140 bliain ó shin

*Seosamh ó Cuaig*

**Níl a fhios agam ar chuala aonduine de léitheoirí na hirise seo riamh go raibh beirtreach oistrí in aice le Maínis. Níor chuala mise a leithide a bheith ann gur casadh an litir seo liom.**

**Rusheen, Carna, Co Galway, Nov. 23rd 1868**

BED NO. 26 – MWEENISH BAY

Sir, - I beg to acknowledge the receipt of your letter of 9th November instant, and in reply beg to offer the following statement:-

In 1861-62 I had two large hooker loads of young oysters laid down on part of the beds assigned to me, and for the following three or four years I was gratified to see the result of my chore and attention rewarded by a plentiful supply of fine oysters, but unfortunately towards the end of 1864 I was taken severely ill, which obliged me to leave my home for eighteen months. On my return again I made it my first chore to examine the beds again, and then, to my great surprise and vexation , I found the best part of them entirely stripped and the only information I could get was that the oysters had all died. When I pointed out that even the shells were not forthcoming the reply I received was we know nothing about them. I thought I left a trustworthy man –my late steward – in charge, but this is "Connemara."

I have the honour to be, sir, your most obedient servant.

W. Forbes.

Ba é seo an Forbes a raibh "An Teach Mór "aige atá le hais na háite a bhfuil Scoil Phobail Mhic Dara. Ba é a thug áit do Shiúracha na Trócaire i Roisín na Mainiach an chéad lá riamh.

Freaga a bhí i litir Forbes ar "circular" a tháinig as Bleá Cliath chuig daoine timpeall an chósta a raibh ceadúnais acu ar bheirtreacha oistrí. Seo é an "circular".

**Office of Public Works, 1868.**

Sir, - "With reference to the Oyster licence granted to you I am directed by the Board to request that you will furnish them with a statement of the steps taken to cultivate the Oyster grounds appropriated to you. I am also to remind you of the length of time that has elapsed since the granting of the licence and to call your attention to the 10th Section of the 29th and 30th Vic., cop.97, a copy of which is sent herewith, which gives the Board authority to rescind a licence where the bed is not properly cultivated."

D'fhiafraigh mé d'fhear as Roisín na Mainiach an bhfaca sé oistrí san áit sin riamh. Dúirt sé nach bhfaca. "An bhfuil tú a cheapadh gurb iad muintir Roisín na Mainiach a ghoid na hoistrí ón Major Forbes?" a d'fhiafraigh sé díom. "Nach tú atá cinnte", a dúirt sé liom "gur chuir Forbes amach na hoistrí beaga chor ar bith. Nach bhféadfadh sé gurb é an chaoi ar dhúirt sé é sin sa litir leis an gceadúnas a choinneáil agus gurb é féin a lig na beirtreacha de léig le cion faillí?"

An-phointe. Tá daoine meabhracha i gConamara i gcónaí!



*Dónal Mac Mathúna agus mná tigh as ceantar Charna agus Chill Chiaráin ina chuideachta ag dinnéar i dTeach Ghlinsce i 2007. Bhásaigh Dónal, arbh as Contae an Chláir dó, ina fhear óg i mbliana. Sé a bhí ag reachtáil Coláiste Sheosamh i gCarna agus i gCill Chiaráin le fada an lá.*

# Tigh Mhic Dhonnchadha

**Cill Chiaráin**

# Ollmhargadh

Siopa Búistéara
Nuachtáin



Siopa Grósaera
Gas agus Gual

# Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollag ar ár gcuid custaiméaraí ar fad.*

# Ná bac leis an *jargon*

## *– tá an ceantar seo ag dul le fána*

*le Máirtín Ó Catháin*

**Eagarthóir** ***Iorras Aithneach 2008***

**Go dona. Sin é am chaoi a bhfuil cúrsaí oibre agus eacnamaíochta sa bpobal seo. Ní fiú – agus ní ceart – a bheith ag dul anonn agus análl faoi. Ní rud é a** tharla **leis an gcúlú eacnamaíochta is deireannai seo – an "recession" – ach an oiread. Tá an cúlú ag tárlú le fada an lá. Tá an scéal sách soiléir.**

Tá muid ar imeall thiar an réigiúin is mo atá faoi mhí-bhuntáiste in Éirinn. Is mo go mór dul chun cinn a rinneadh in oirthear na tíre nuair a bhí an Tiogar Céilteach ag imeacht sna cosa in airde ná a rinneadh i réigiún an iarthair. Ach, tagadh muid níos gaire do bhaile. 'Speáinann an staidéir a rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe cúpla bliain ó shin go bhfuil an chuid seo de Chonamara – nuair a chaithfidh tú Doire an Fhia agus an Teach Dóite siar – ar an áit is measa sa gcontae atá buailte. Tá ráta dí-fhostaíochta chomh hard le 30% in áiteacha ann. Sa mullach ar sin, tá an teacht isteach íseal i gcomórtas leis na háiteacha a bhfuil borradh futhú sa gcontae.

Tá muid sa gceantar CLÁR. Tá muid ansin mar gur chaill muid níos mo ná leath an daonra idir 1926 agus 1996. Sin é an tomhais a bhí leagtha síos le CLÁR. Ach, níor stop an cúlú i 1996. Tá trí thoghroinn, no District Electoral Divisions, sa bpobal seo (An Cnoc Buí, Abhainn Ghaibhla agus Scainnimh) agus 'speaineann torthaí an Daonáirimh, no an "Census" ó 1996 i leith go bhfuil an líon daoine ag ísliú i gcónaí.

1996 ……………1907
2002 ……………1820
2006 ……………1730

Thárla an cúlú seo agus daonra na tire thré chéile ag méadú.

Níl ach leath an líon gasúr sna bunscoileanna anseo anois agus a bhí ann i 1990. Dúnadh scoil Mhuighrois uilig i mbliana. Tá postanna muinteoireachta caillte sa bpobal freisin. Tá Pobalscoil Mhic Dara titithe ó 210 go dtí 150. Tá an baol ann go ngabhfaidh sí síos chomh híseal le 100 dalta - no faoina bhun sin - sna blianta amach romhainn. Fágfaidh sin an scoil i mbaol muinteoirí agus ábhair a chailleadh. Chomh maith leis an laghdú daonra tá an coibhneas sa daonra ag dul i dtreo na haoise.

Sé an t-údar is mo atá leis seo uilig ná nach bhfuil na jabanna agus na deiseanna oibre sa bpobal – imíonn go leor de na daoine óga agus is beag duine atá teannamh isteach san áit.

### Iarracht mhór déanta ag an bpobal

Mar a dúirt muid – is leor dhá fhocal le míniú a thabhairt ar chúrsaí oibre agus eacnamaíochta thart anseo: "go dona". Bunaithe ar na figiúirí daonra agus scoile atá againn is leor focal amháin le fáisnéis a thabhairt ar ghach a bhfuil in ann don phobal muna dtiocfaidh athrú mór ar an saol. An focal sin? "Bás".

Ceart go leor, is dóigh, go bhfuil meascán casta focla – no "jargon" – ann a dhéanfadh maolú ar an bhfoclaíocht sin. Go deimhin, is minic é an "jargon" sin cloistithe againn. Sampla dó seo: "tá féidireachtaí sna todhchaí"!! Tá muis!! Is dóigh go bhfeileann an "jargon" sin do pholaiteoirí agus do státsheirbhísigh scaittí, ach ní mór dúinne súil a chaitheadh ar an saol mar atá sé sa bpobal seo dháiríre. Tá a gcion féin déanta ag an bpobal, beagbeann ar an gcúlú. Go deimhin, tá na rudaí is suntasaigh agus is luachmhaire atá déanta sa bpobal le roint blianta spreagtha ag an bpobal féin…agus ag eagraíochtaí pobail anseo. Is leor cúpla sampla a lua:

- An t-othar chárr pobail;
- An Teach Altranais – an áit is mó a thugann fostaíocht sa gceantar;
- An scéim uisce;
- Na scéimeanna séarachais;
- Scéimeanna tithe;
- Feachtas ar mhaithe le bunú Áras Shorcha Ní Ghuairim;
- Feachtas láidir bóithre – bóithre sa gceantar agus an bóthar nua go Gaillimh;
- Forbairt páirc uile-aimsire ag an gCumann Luthchleas Gael;

- Páirtíocht idir CLCG agus eagraíochtaí eile le áiseanna luthchleasaíochta agus caitheamh aimsire a chur ar fáil.
- Bunú seirbhís báid tárrthála.
- Foillsiú an irisleabhair seo le beagnach scór blianta.

Níl ansin ach cuid dó – agus is mór an lear é sin i bpobal atá áirithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe féin ar cheann de na háiteacha is mo atá faoi mhí-bhuntáiste sa gcontae. Tá sé ráite ag Údarás na Gaeltachta go bhfuil áird dá thabhairt go práinneach ar chás Iorras Aithneach. Ach, tá an pictiúir mar a chéile i gcónaí – sin go dona.

## Bealaí nua agus súil eile

Tá iarrachtaí móra déanta ag an bpobal agus coinneofar leis sin. Ach, teastaíonn beart níos bríomhaire ón Stát. Ina dhiaidh sin féin, sé an port oifigiúil – an "jargon" – ná go bhfuil Iorras Aithneach agus áiteacha mar é ina gcrann taca don Ghaeilge agus do chroí agus d'anam na tíre! Má sea, shilfeá go mbeadh níos mo airde ag an Stát orthu.

Tá moltaí curtha chun cinn ag Fóram Iorras Aithneach faoi bheartanna a chuideodh le slánú na háite:

- Bóthar nua den chéad scoth isteach go Gaillimh;
- Deontas Gaeltachta €20,000 le teach nua a thógáil sa gceantar CLÁR.
- Feachtas le daoine a thabhairt chun cónaithe sa gceantar CLÁR.

Tá an réasún atá leis na moltaí seo simplí go maith:
Tá chuile chosúlacht ar an saol gur thart ar chathair na Gaillimhe a bheidh jabanna. Bhéifí ag súil go mbeadh daoine inann taisteal isteach agus amach dá mbeadh bóthar maith ann ar chosán díreach go Gaillimh – sin agus cur fúthu sa bpobal seo.

Ó thaobh deontas títhíochta na Gaeltachta de, bhéifí ag súil go dtabharfadh an deontas breise sna ceantracha CLÁR Gaeltachta uggach do dhaoine tithe a thógáil, no a cheannacht anseo, seachas a bheith ag lonnú níos gaire don bhaile mór. Bheadh na gnáth ríalacha a bhaineann le deontais na Roinne ag baint leis na deontais seo.

Maidir le daoine a thabhairt chun cónaithe anseo is fiú go mór breathnú go géar ar sin. Tá roint fianaise ann cheanna féin go bhfuil fonn ar ríar daoine atá ag teannamh roint amach sna blianta cur futhú in áiteacha mar seo. D'fhéadfadh sé scaittí gur as tíortha thar lear a thiocfaidis – b'fhéidir nach b'é an oiread sin é ach bheadh tábhacht mhór le beagán daoine breise thart anseo. B'fhéidir gur fusa go mór daoine sna haois-ghrúpaí níos sine a thabhairt anseo ná daoine óga – daoine a bheadh éirithe as an obair agus ag iarraidh ciúinís agus suaimhneas, mar shampla. Rinne an tAire Gaeltachta agus Tuaithe, Éamon Ó Cuív moladh spéisiúil le gairid. Dúirt sé gur cheart go dtabharfaí cead pleanála do dhuine/teaghlach ar bith a bheadh ag iarraidh a theacht chun cónaithe go buan i gceantar tuaithe sa réigiún CLÁR i gConamara. Mar sa deire thiar thall muna bhfuil daoine ann – daoine ag caitheamh an t-saoil ann agus ag caitheamh airgid ann – ní bheidh pobal ná áiseanna pobail ann. Ní bheidh Gaeilge, béarla no Swahili ann. Agus má leanann cúrsaí ar aghaidh mar atá siad is léir do chuile dhuine… beagbeann ar an "jargon" agus na hóráidí oifigiúla faoi "fhéidireachtaí sna todhchaí" … gur sa treo sin atá muid ag dul sa bpobal seo, agus go sciobtha freisin.

An dtabharfadh na moltaí Fhóram Iorras Aithneach jabanna dúinn? Ní dóigh go dtabharfadh siad ríar mhór oibre dúinn go háitiúil ach chuirfeadh siad leis an n-gníomhaíocht eacnamaíochta – "economic activity" – agus b'fhéidir gur teideal níos fearr é sin ar an rud atá ag tastáil. Dá mbeadh tuilleadh gníomhaíoicht eacnamaíochta againn, ba fusa tuilleadh gníomhaíocht shóisialta a chur ar fáil. Muna mbeidh sin ann, tabharfaidh tuilleadh daoine droim láimhe don áit – agus caithfidh siad sin a dhéanamh. De réir a chéile beidh an lion daoine óga ag dul i laghad agus beidh an céadatán daoine atá ag dul in aois ag méadú. Le himeacht aimsire ní bheidh i gcuid de na tithe ach tithe saoire ag daoine a thiocfaidh ar ais anois agus aríst. Agus beidh torthaí eile ar an tanaíochan sin ar an bpobal. Cá bhfágadh sin an Ghaeilge?

An dtabharfar aird ar mholtaí mar atá curtha chun cinn ag Fóram Iorras Aithneach? Bhuel, is maith an scéalaí í an aimsir – scéalaí i bhfad níos fearr ná an "jargon".


**Adhmad Teo.**

Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS • CÓFRAÍ**

***Troscán de chineálacha eile***
***Togha na hoibre***

**Fón : 091-572290**

# Bliain Dhubh ar bhealaí - 2008




Dódh Stáisiún na nGardaí i gCarna ar an 11ú Deireadh Fómhair i mbliana. Bhí sé ina scéala mór agus bhí na Gardaí fós ag fiosrú agus muid ag priondáil an irisleabhair seo. Briseadh na fuinneoga sa Stáisiún cúpla mí roimhe sin.




Monarcha Soilse Charna…nó Carna Lighting. Dúnadh an mhonarcha i mbliana théis dó a bheith ag obair le 30 bliain. Chaill seisear jabanna.




Scoil Náisiúnta Mhuighros – dúnadh uilig í i mí Meitheamh cheal daltaí sa gceantar. Bhí scoil ansin le 112 bliain.




Chur Udarás na Gaeltachta deireadh le comhlacht Thaighde Mara Teo sa bhFómhar. Dúradar nach raibh gá leis feasta. Bhí an oifig i gCarna agus cúpla duine ag obair ann.




Chuir Seirbhís na gCúirteanna deireadh le Cúirt Charna. Bhíodh Cúirt i gCarna le 150 bliain. Bhí an ceann deireannach ann ar an 2ú Nollaig 2008

Clinic Tréadliachta

an Iarthair

Bóthar na Gaillimhe, An Clochán

Tel. 095 22209 Fax 095 22235

Cúiseanna Éigeandala: 087 917 9248

Ar Oscailt:

Luan - Aoine 9.30 – 5.30

Dé Sathairn 10 – 12.30

Seirbhís Tréidliachta Iomlán:

do Ainmhithe Feilm agus do Pheataí

# Fuinneog Scoile agus obair Earraigh

*- Louis Mac an Iomaire*



**Nuair a bhí mise ag dul ar scoil roinnt blianta ó shin ba aimsir an-ghnóthach a bhí san Earrach. Obair an Earraigh sna 1950aidí, an cineál oibre agus an bealach a mbíodh daoine ina chion – is dóigh nach bhfeicfidh muid go deo aríst í.**

Bhíodh na fir ag réiteach na talún le h'aghaidh fataí agus coirce agus torthaí a chur. Ba í an fheamainn an príomh leasú talún, agus faoi Fhéile Bríde bhí chuile theallach ag baint fheamainne agus dá tabhart go caladh. Cuid acu – bhíodh báid iomartha lochtaithe acu agus cuid eile ag tarraingt chlimíní i dtír. Bhíodh asal agus cléibh acu ag tarraingt na feamainne ar na garrantaí. Cuid eile don chlann ag scaradh na feamainne le haghaidh fataí no torthaí. Feamainn a théigheadh amach ar na garantaí féir freisin.

San am sin bhíodh na báid amuigh ag muirínteacht ar chuan Chill Chiaráin. Bhí an cuan dubh le chuile chineál bád – gleoiteogaí, pucáin, báid iomartha agus currachaí. Bhí scil iontach ag teastáil don obair seo agus bhí scoth na mbádóirí i bun na h'oibre seo. Na báid seoil le coinneáil ar na marcanna agus na seolta le faire, an dredge le cur i bhfarraige le tarraingt ar bhank na muiríní. Le spreac a tugtaí an dredge aníos ó íochtar na farraige, é lán le muiríní, sliogáin, feamainn, salachar agus clocha. Bhí fir láidre ag teastáil don obair seo agus go deimhin, bhí siad ann go fairsing. Nuair a thagadh an dredge thar bord isteach bhí na muiríní beaga le cur ar ais i bhfarraige, na muiríní móra le cur ar leath taobh agus an chuid eile le glanadh sul a gcuirfí an dredge thar bord arís.



Ba mhar a chéile dos na currachaí agus na báid iomartha é. Ba é an maide rámha an t-inneal a bhí acu siúd. An dredge a chaitheamh amach agus breith ar na maidí rámha agus leagan ort ag tarraingt an dredge nó go mbeadh an mála lán.

## Fuinneog na scoile agus fuinneog mo chuimhne

Uaireanta theigheadh an dredge i bhfostú i gcloch nó i strapa ar íochtar na farraige agus ba obair mhór é a thabhairt isteach.

Nuair a bhíodh rabharta mór ann bhíodh na currachaí nó na báid iomartha abálta dul isteach ar an tanaí agus bradóg a úsáid.

Is iomaí droch lá a bhí acu ar an gcuan. Le sneachta, sioc, gala, fuacht agus báisteach. An uair sin, ní raibh éadach báistí no wellingtons le fáil. Iad ag saothrú greim a mbéil sna coinníollacha sin, báite go craiceann agus, go minic, gan acu ach buidéal tae fuar le na mbéil a fhliucheadh.

Bhíodh muide sa scoil ag faire amach orthu. Bhí fhios againn chuile bhád, na daoine a bhí dá seoladh agus ag iomradh agus chuile ghasúr ag déanamh gaisce as a dhream féin agus ag rá go mba iad ab fhearr. Is iomaí uair a bhain an máistir fad as na clause againn. Muide ag faire ar na báid in áit áird a thabhairt ar na ceachtanna.

Nuair a bhíodh sé ina Mhárta bhíodh sé in am na fataí a chur. Bhíodh na daoine ag iarraidh leath na bhfataí a bheith sa talamh roimh Lá Fhéile Pádraig. Bhí an fheamainn lofa faoi seo. Bhí sciolláin le gearradh. Sé ceann an tí a dhéanfadh an obair seo go minic. Ghearrtí píosaí do fhata a mbeadh dhá shúil ar agus na píosaí a bhí fágtha tugtaí logáin orthu. Ní chuirtí amú iad seo – ghlantaí an craiceann dóibh agus síos leo sa bpota mór leo le haghaidh an dinnéir. Nuair a bhí siad bruite dhéantaí bruitín díobh, chuirfí oiniúin isteach leo agus ba bhreá, blasta an béilí iad.

Nuair a bhíodh fataí curtha ba álainn an radharc é an garraí. Na hiomaireachaí chomh díreach agus go sílfeá gur ríomhaire a leag amach iad. Bhí na daoine an-deis-láimheach agus mheas acu air a gcuid oibre. Bhíodh na torthaí dá gcur san am céanna leis na fataí.

## Saol nádúrtha *– an bhfuil ceacht le foghlaim againn?*

Go minic is i dtús an Aibreáin a chuirtí an coirce nó eorna no seagal. Spréití an garraí a raibh na fataí ann an bhliain roimhe agus chraití an síol – agus síol féir – isteach san am céanna. Píce a úsáidtí ag clúdach an ghrán. Bhíodh cúpla bó no tréad beag caorach ag chuile theallach. Bhí cearca, lachain agus géabha i mbeagnach chuile theach. Bhó molt nó dhó le marú cúpla uair sa mbliain. Bhí duine ar chuile bhaile a bhí ábalta an molt nó an chaora a mharú agus í a ghlanadh agus a réiteach le haghaidh an bhoird. Ní raibh tada ag dul amú. "Black pudding" don fhuil agus aol a chur ar an gcraiceann, é a thriomú san scioból agus "rug" a bheith agat.

Bhí na cearca le haghaidh na n-uibheacha agus an rud céanna leis na lachain. Bhíodh an-tóir ar na géabha sa ngeimhreadh ag dteam imirt chártaí. Is iomaí gé bhreá a cuireadh sa bpota théis oíche imeartha.

San am sin ní teilifís a bhí i gcoirnéal an tí ach mála plúir. D'fhuintí an plúr agus sí bean an tí a bhíodh i gceannas ar seo. Bhácáiltí an cáca sa mbácús os cionn na tine agus cúpla splainc dhearg ar chlúdach an bhácúis.

Bhíodh fáilte mhór acu roimhe nuair a bhíod laoí ag an mbó. Mar bhíodh bainne le haghaidh an tae acu agus le n-ól. Ní raibh aon bhaine le fáil ins na siopaí an t-am sin. Chuirtí barr an bhainne ar leath taobh agus nuair a bhíodh a ndóthain acu, isteach sa gcuinneóg leis agus dhéanfaí maistire. Bhí láimh ar an gcuinneóg agus chuirtí timpeall an láimh seo no go dtagadh an t-im air. Is iomaí uair a bhíinn féig ag faire air mo mháthair ag tógáil an im úr as an gcuinneóg. Dhéantaí meall dó agus chuirtí salann ar agus theigheadh sé isteach i mias agus clúdach ar. Bainne géar a bhíodh fágtha sa gcuinneóg. Ba bhlas an deoch é! Bhí an t-im agus an t-arán baile i chuile theach. Is dóigh liom nar bhlaise mé ariamh do thada chomh deas le píosa do chácа bácúis te bruite amach as an mbácús agus im baile ar.

Níl anseo ach cúpla smaoineamh ó shaol atá fágtha ina n-diaidh againn. Ní raibh "fridge" ná "freezer" acu. Meastú an mbeidh muid chomh maith go brách lenár sinsear? Ní raibh uisce ná teas acu ach an tine. Tá saol difriúil anois againn. An mairfeadh muid mar a mhair an dream romhainn dá mbeadh muid ina n-áit?

Tá muid ag éisteacht leis an bhfocal "organic" chuile lá anois. Ach ba bheatha "organic" uilig a bhí ann san aimsir a caitheadh. Mhair daoine ar bhia farraige, cladaigh agus talún.

An bhfuil ceacht le foghlaim againn?

# Bainis




**Bairbre Nic an Ríogh as Muighros agus Seosamh Ó Maoilchiaráin as Leitir Ard a phós i Séipéal Charna ar an 3ú Bealtaine 2008.**

# Deartháracha Peile



**Louis Mac an Iomaire ar chlé agus Páraic Mac an Iomaire – deartháracha as Ros Dúgáin agus togha peileadóirí ar fhóirne Charna ar feadh scaitheamh mór blianta. Tógadh an pictiúr seo sa gClochán í 1968 – dhá scór bliain ó shin.**

# Fir Charna



**Ar Chlé: Micheál Ó Béartha (Mikie Berry) as Charna agus Cóilín Taimím. (Coilín de Búrca ) as Roisín na Mainíoch.**

# Bhí an t-am sin ann……



San Galtymore Ballroom i Londain tráth den t-saol. Ó chlé - Sean Ó Conghaile as Ros Dugain, Páraic Ó Ceanneabháin as Cill Chiaráin, Josie Joeen an Bhreathnaigh as Cill Chiaráin agus Michael Joeen.



I dtús na seascaidí. Ó chlé: Cóilín Joeen Guairim as Ruisín an Chaladh, Páraic Ó Conghaile (Paddy Pháraic Sheáin Dhiarmuid) as an gCoillín agus níl ainm an fir ar dheis againn…. agus gasúir le Cóilín Johney Sheáin Liam as Leitir Ard a bhí sa mbaile as Corby i Sanana ar cuairt.



Ag obair i mbialann sa Great Southern i nGaillimh sna blianta siar – Peige Ní Chualáin as Muigh Inis ar chlé agus Máire Phat Mhóir (Nic Dhonnchadha).


# Oileán Mhic Dara san aimsir a caitheadh













# Ag Comóradh i 2008



Ag ceiliúradh 10 mbliana Áras Shorcha Ní Ghuairim i mí na Samhna – Áine Ní Chuaig as Áill na Brún agus Marcus Ó Conaire as an Spidéal.



Ag ceiliúradh 10 mbliana Áras Shorcha Ní Ghuairim i mí Dheireadh Fómhair: ó chlé – Seosamh Ó Cuaig (Áill na Brún), Peadar Ó Ceannabháin (Bantrach Árd ) agus Micheál Ó Cuaig (Áill na Brún). 'Sé Peadar Ó Ceannabháin a thug an píosa cainnte faoi fhilí Iorras Aithneach san 19ú Aois.



Tabhair dom mo shluasaid! An Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig ar láthair an fhoirgnimh nua ar an Eastáit Tionscail i mí Feabhra.



Ag an gceiliúradh 10 mbliana. O chlé: Máirín Uí Chathasaigh (An Aird Mhóir), Josie Sheáin Jeaic (Carna) agus Peadar Mac an Iomaire, Príomh Fheidhmeannach in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.



Ag oscailt Ionad Oidhreachta na nEireannach i Portland, Maine i mí Dheireadh Fómhair. Ó chlé: Vincent Ó Cadhain as Gabhla, Margaret Fishcher as Boston agus an tAire Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D. Chuaigh cuimse daoine as Conamara go Portland sna blianta a caitheadh.

# Báthadh Josie Joe Nóra

*le Máirtín Bairéad*

**I gceantar Dhubh Ithir, Mhuiorais agus Leitir Ard tá cuimhne an-mhaith ag go leor daoine ar an mbáthadh tragóideach seo. I mBealtaine na bliana 1946 a tharla sé. Cuimhním féin ar an lá. Am lóin a bhí ann i Scoil Mhuiorais. Lá dorcha gránna a bhí ann – gaoithe aniar aneas agus múiríleacha.**



***Fraoch Oileán***

D'Fhág Josie Joe Nóra (Mac Donnchadha) agus Máirtín Mhicil (Ó Loideáin) Portach Mhuiorais i bpúcán le dhul ag plé le muiríní i gCuan na Beirtrí Buí. Bhí fear ag teacht an lá sin ag ceannacht na muiríní. Ní raibh an bheirt ach píosa suas ó Fhraoch Oileán nuair a tháinig droch mhúr, chuaigh an ghaoithe ó thuaidh agus neartaigh sí. Luí an bád go tobann, líon sé le uisce agus chuaigh sí síos. Is cosúil nach raibh aon chlár aimsire uirthí. Chuaigh Máirtín ar mhaide rámha ach chuaigh Josie síos agus níor tháinig sé aníos. Ceaptar gur b'é an scanradh a mharaigh é mar nach raibh aon uisce sna scamhóga.

Bhí Seán Cheoinín ag baint fheamainne nuair a chonaic sé an bád ag dul síos. Fuair sé Dudley Guairim agus Pat Larry (Mac Donnchadha) agus rinne siad ar an áit. I gcurrach a bhí an triúr ag iomra. Thóg siad Máirtín den mhaide rámha ach thuig siad go raibh Josie báite. An rud aisteach faoi ná gur báthadh an fear a raibh snámh aige agus gur tháinig an fear nach raibh in ndon snámh slán.


Níltear cinnte céard a thárla. Dúirt bean amháin a chonaic an bád ag dul síos go bhfaca sí bád eile lena taobh. Dúradh gur thriáil siad an jib a bhaint anuas, go ndeachaigh an láinéar i bhfostú leath bealaigh, gur líon an seol le gaoithe agus gur tharraing sé ceann an bháid síos. Tá rud amháin cinnte – nuair a tugadh an bád aníos bhí snaidhm daingean ar scód an tseoil mhóir. Is dóigh gur luí an bád sul a raibh deis acu an seol a scaoileadh amach. Dúirt fear as Damhros a chonaic an bád ag

seoladh amach go raibh sé ag iompar go leor seoil ach bhíodh go leor ballasta 'sna báid agus iad ag dreideáil.

Meán lae Dé Máirt a tharla an báthadh. An Domhnach roimhe sin chuaigh triúr fear as Cill Rónáin amach i gcurrach. Shéid gála agus bhíodar ar iarraidh go meánlae Dé Máirt nuair a tháinig siad i dtír ar chósta Chontae an Chláir. Díreach agus daoine ag ceiliúradh go raibh fir Árann slán, sábháilte tháinig an droch scéala go raibh fear óg as Muioras báite.

Thosaigh an cuartú an chéad lá eile. Fritheadh an bád an lá ina dhiaidh ach ní raibh an corp intí. Fritheadh an corp an Domhnach ina dhiaidh sin. Ní raibh tumadóirí ar fáil leis an obair sin a dhéanamh san am. Téid, ancairí agus dubháin a bhíodh acu. Nuair a chonaic siad na báid uilig ag titim isteach taobh le currach amháin thuig siad go raibh deire leis an gcuardach. Isteach chuig Céibh an Chorradáin a tugadh an corp. Chuala mé gur gheall máthair Josie nach gcaoinfeadh sí níos mo dá bhfaighfí an corp. Cuimhním ar an mbean uasal sin lá na sochraide. Níor chaoin sí deoir.

Mhair Máirtín Mhicil blianta fada ina dhaidh sin, ag iascach agus ag gliomadóireacht. Tugadh an pucán ar chárr capaill go Mhioras. Ní dheachaigh sí ar farraige aríst go deo ina dhiadh sin.



*Máirtín Bairéad – scríbhneoir an phíosa seo.*


# ANNE DOWD

## *Gruagaire Charna*

### Mná, páistí agus fir

*Seirbhís ghairmiúil den chéad scoth*

**Glaoigh ar 095-32277**

# Conghaileach Fhínse

## – *file i Meiriceá*

**Seo litir ó fhear d'arbh ainm Patrick Connolly i Massachussetts. Scríobhann sé filíocht. Tá pictiúr dó san Irisleabhar. B'fhéidir go mbeadh a fhios ag duine éicint cerbh iad a mhuintir.**

68 Arrowhead DR.
PLYMouth
MASS 02360
1-508-830-1147

my Name is PATRICK Conneely SR.
I was Born at New Docks GALway City
may 18 - 1932, my Grandfater Patrick Conneely
was Born 1850 on Feenish Island in
Connemara Co. Galway died 1930 at Long Walk
Galway Docks. He moved into Galway as
a young man and married the daughter of a
Portugeese's Sea Captain Julia D'Agnew of
LISBon Portugal. They had three daughters
and Three Sons. my Dad Micheal Conneely was
a Trawler skipper in Galway and Marine Engineer
my Dad was the only Qualified Marine Engineer
to work on Lindberghs Plane October 1934
when it landed in Galway Bay with engine
trouble. my Grandfather & Grandmother
are Buried in Forthill Cemetery in
the Dock area. opposite the Grave
of 500 Spanish sailors murdered by
the English that came ashore in
Connemara from the Spanish Armada.
I retired now from the Merchant
Marine and Commercial Fishing and
spend my time on the Trawler Yacht
KELTIC DAwn which I own and Skipper.

Patrick J Conneely
Pádraic Ó Conghaile

# An Breathnach a mhicó!

**Séamus Walsh**

**– Comhairleoir Contae**
**– Údarás na Gaeltachta.**



**Bainfidh Séamus Breathnach cor as na húdaráis ar mhaithe le muintir Chonamara.**

**Tá cónaí orm sa nGleann in Uachtar Árd.**
**Teileafón….091-552726**

**Glaoigh no teara chugam – beidh fáilte romhat.**

**Mo chuid den Nollaig oraibh uilig.**

# Cosantóirí Charna i 1978

*Seán Ó Cualáin ag caint le*
*Marcus Ó Maoilchiaráin agus Seosamh Mac Con Iomaire (Joe Josie)*

**I 1978 ar pháirc fliuch i nGleann Cholm Cille rinne foireann Chárna éacht nár saraíodh anseo ó shoin, sé sin gur bhuach siad an Comórtas Náisiúnta ag Comórtas Peile na Gaeltachta. Fiú go ndeachaigh foireann Chárna An Chaisil i bhfoisceacht cúpla nóiméad don gaisce céanna i 1995 san Fháirchí agus gur bhuaigh Cárna Caiseal an craobh áitiúil i ngrád na sinsir i 2004, mairfidh an bua i '78 i gcuimhne phobal Iorras Aithneach. Labhair mé le beirt a d'imir an ar an bfhoireann sin, Seosamh Mac Con Iomaire (Joe Josie) as Ros Dugáin a bhí ina lán chulaí agus Marcus Ó Maolchiaráin as Bántrach Ard a bhí taobh leis, sa líne céanna sa gcoirneál. Labhair Seán Ó Cualáin – fear na teilifíse leis an mbeirt úd a d'imir go cróga do Charna 30 bliain ó shoin.**

**SÓC (Seán Ó Cualáin)** *Cen áit ar bhuach sibh an Comórtas Áitiúil?*

**MM (Marcus Ó Maoilchiaráin)** Rud atá athraithe thar mar a bhí ná nach raibh deireadh seachtaine ar bith ann don comórtas áitiúil mar atá anois ann. Bhuail muid Leitir Móir sa gcluiche leathcheannais, cluiche crua. Is cuimhneach liom gur ar an gCeathrú Rua a bhí an cluiche ceannais agus gurbh iad na Breathnaigh a bhuail muid. Bhí go leor ag ceapadh gurbh iad na Breathnaigh a bhuachadh, bhí foireann an-mhaith acú freisin. I ndáiríre is beag a bhi idir Cárna, Leitir Mór agus na Breathnaigh ag an ám.

**SÓC:** *Cen chaoi a ndeacha an réiteach ina dhiadh sin?*

**JJ (Joe Josie)** Píosa ina dhiadh sin bhí cruinniú sa lounge bheag a bhí sa óstán, Páraic Ó Cosgartha a bhí ann ag an ám, bhí an seomra lán agus bhí an corridoor taobh amuigh lán freisin, chuile dhuine ag iarraidh dhul suas agus idea's ag chuile dhuine faoi céard a cheart a dheanamh. Ba é an tóstán an base a bhí againn na blianta sin.

**MM:** Bhí ar an gcumann roinnt airgead a bhailiú, Bhí damhsachaí thart ar an mbaile, cruinniú an tairgead agus ní raibh aon cháill do imreoirí tada a íoc. Ba í an bhlian sin an chéad bhliain ag Cárna dhul chomh fada leis an gcomórtas náisiúnta. Ba í 1977 an chéad bhliain comórtas sóisir a bheaidh ann agus chomh fada le mo bharuil ba iad an Fháirchí a bhuach i '77 é. Rud nua a bhí ann dhúinne, ní raibh muid i ndáiríre ag cuimhniú é a bhuachadh.

**SÓC:** *Cen sórt foireann a bhí agaibh an bhlian sin?*

**MM:** An bhlian sin tháining cúpla imreoir arais againn, tháining Johnny Phateen arais as Meiriceá agus tháinig Johnny Lydon agus Gearóid Phat Jim as Bleá Cliath. Chur sé sin go mór leis an bhfoireann freisin.

**JJ:** Bhuach muid an bhlian sin é mar bhí muid crua, ní raibh aon duine ar an bfhoireann ag gabhail ag seasamh siar, bhí backs crua againn agus lár páirce mhaith, Johnny Lydon, Johnny Phateen agus Peadar Cloherty, fir mhóra, sin é an cineál peil a bhí ann ag an ám. Tá an cluiche athraithe go mór ó shoin, níor deanadh an leath an oiread ritheacht an tám sin agus atá dhá sheanamh anois.

**SÓC:** *Agus an réiteach deanta, céard faoin turas suas?*

**JJ:** Turas sách fada a bhí ann, maidin de hAoine chuaigh muid suas, lá breá Samhradh a bhí ann, stop muid i Sligeach ar an mbealach suas agus tá mé ag ceapadh gur stop muid i Killybegs freisin. Ba é Noel Phat Mór a thug suas muid, chuaigh muid don bhóthar gar do Gleann Cholm Cille, bhí siad ag obair ar an mbothar shuas ann. Bhí sé dubh dorcha, chaith muid an bus a fhágáil ansin agus siúl go dtí an áit a raibh muid ag fanacht. Bhí cúpla deoch againn an oíche sin, ach as sin gearradh amach an ól as sin.

**SÓC:** *Cen chaoi a ndeachaigh na cluichí?*

**MM:** Sa gcéad cluiche ar an Satharn bhuail muid Gleann Fhinne le aon phaointe amháin, bhí an cluiche sin crua, bhí an páirc níos cruaichte!! Tá mé ag ceapadh gur in aghaidh Gleann Colm Cille, an foireann baile a bhí muid ar an Domhnach. Ní raibh an cluiche sin chomh crua le cluiche an tSatharn.

**JJ:** An chéad liathróid isteach sa gcluiche sin in aghaidh Gleann Fhinne, chur siad liathróid fada agus árd isteach ag an full-forward, lig mé leis mar cheap mé nach bfhaigheadh sé í agus go raibh sé gaibhte ro-luath. An chéad rud eile rug sé go hárd uirthi, chas sé agus phlandáil sé ar bharr na h'eangaigh í, paointe bhreá. Dúirt mé liom féin má dheanann sé é seo arís ormsa beidh mé feiceáil an sideline sula i bfhad. An chéad liathróid eile a tháining isteach thug mé rap breá crua ach fairáilte isteach sna heasnachaí dhó, choinnigh mé ciúin as sin é.

**SÓC:** *Bhí sibh sa gcluiche ceannais, b'ócáid mhór a bhí innti.*

**MM:** Ba ea, bhí an-mhisneach sa bfhoireann ag láidriú le chuile chluiche. In aghaidh Naomh Micheál, Baile na Sceilige a bhi muid. Ar an Luan, bhí sé ina screachadh báistí, bhí slua breá tagthaí aníos oiche de Domhnaigh, arnú bhi na cluichí ar Raidió na Gaeltachta ag an ám, bhí roinnt iascairí a bhí ag obair as Killybegs ag an ám agus iad féin tagthaí aníos freisin, Paddy Dundass as Coill Sáile agus clann Dara Beag as an Áird Mhóir. Maidir leis an gcluiche ní cuimhneach liom gur cluiche deacair a bhí ann, bhí muid níos fearr ná iad, d'imir muid go maith an lá sin. Is cuimhneach liom go bhfuair Johhny Phateen penalty

1 **Paddy Ó Catháin**
2 **Marcus Ó Maoilchiaráin**
3 **Seosamh Mac Con Iomaire**
4 **Seán Ó Conghaile (C)**
5 **Maitiú Ó Coirbín**
6 **Gearóid Ó Ceannabháin**
7 **Peadar Ó hIarnáin**
8 **Seán Ó Loideáin**
9 **Peadar Ó Clochartaigh**
10 **Gearóid Ó hIarnáin**
11 **Seán Ó Maoilchiaráin**
12 **Brendán Ó Cadhain**
13 **Páráic Ó Coirbín**
14 **Micheál Ó Cuaig**
15 **Páraic Mac Con Iomaire**

**Fir Ionaid:** Stiofán de Búrca, Máirtín Berry, Máirtín Mac Craith, Liam Ó Críodhán, Seán Seosaimh Seoige, Roibeáird Ó hÉilí, Seán Mac Donnchadha, Peadar Ó Ceannabháin, Seosamh Mac Donnchadha, Colm Ó Ceannabháin.

**JJ:** Théis an chluiche chuaigh muid suas ag an Óstán, bhí spraoi maith théis an cluiche sin, ba iontach a bheith ann ag ceilliuradh le daoine ón mbaile. Tá mé ag ceapadh go bhfuil pictiúr go fhoireann Chárna fós ar an mballa thuas ann. Dfhág muid ag dó no an trí ar maidin. Bhí aicsean mór ag iarraidh chuile dhuine a chur an mbus, níl fios agam cé a chur na málaí i ndeireadh an bhus ach bhí siad ann nuair a landáil muid sa mbaile. Bus socair go maith a bhí innti ar an mbealach anuas agus muid ag iarraidh beagán codladh a fháil. Cuimhneach liom go maith agus muid i Maam Cross, bheadh sé seo leathuair taréis a seacht ar maidin, Páraic Tom Phatch agus Máirtín Ó Donnell as Coill Sáile ag fanacht linn, bhí Páraic ar an mbosca ceol agus é ag casadh chomh h'árd agus a bhí sé inann….. Ní dheanfadh mé dearmad go brách air.

**MM:** Thiar Tí Mheaic ansin tosaidh ag líonadh an cupán arís, ní raibh sé i bhfad go raibh an áit é féin líonta. Roinnt seachtainní ina sin bhí ócáid Tí Mheaic, áit ar bronnadh na boinn.

**SÓC:** *Cen chaoi ar éirigh leis an bfhoireann ina dhiadh sin?*

**MM:** Théis an bua thuas ag an gComórtas, bhí chuile foireann i ngrád na sóisir ag faire orainn, is cuimneach liom gur tháining Salthill go Cárna do chluiche sraithe roinnt seachtainni théis dhuinn theacht abhaile. Bhí slua mhór ag faire orainn, bhuail siad muid, ba é Brian O'Donnell a bhí ina imireoir condae ag an am a rinne an scrios.

**JJ:** Ba shin é deireadh don foireann sin i ndáiríre, thosaigh lads ag fágáil na háite, agus bhí an fhoireann scaipthe taobh istigh do 4 bliana. Seacht mbliana ina dhiadh sin ní raibh foireann ar bith ann.


# T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera • Crua-Earraí, Éadach •
• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

# CUID 2
# idir 48-49

# Ag Cuimhniú ar Cheathrar peileadóirí.

Bhásaigh Cóilín Johney Sheáin Tom í mBoston í mí Feaabhra 2008. Tugadh abhaile a chorp agus léigheadh Aifreann na Sochraide í Séipéal Charna.

Mar seo a labhair an tAthair Éamon Ó Conghaile (Eddie Bheartla) ag an Aifreann:



Coilín Johnny Sheáin Tom -Ó Cualáin
R.I.P. ⬆



Joe Joe an tSaoir – Mac an Rí
R.I.P. ⬆

**"Tá cuimhne mhaith agam ar Chóilín agus é ina fhear óg. Bhíodh ceathrar againn ag dul anonn agus análl ar fud Chonamara agus muid le cumann anseo agus ansiúd ag imirt peile. Bhí Cóilín cupla bliain níos óige ná mise. Ach, bhí muid uilig óg go maith. Bhí Máirtín Bhiddy as Muigh Inis linn agus bhí Joe Joe an tSaoir as an Áird Thoir linn. Chaith muid scaitheamh ag imirt leis Na Piarsaigh, scaithimh eile leis na Caillíní agus mar sin. Ní raibh foireann ag Carna san am.**

**Ba mhaith an saothraí é Cóilín ar pháirc na himeartha; bhí sé chomh luath leis an n-gaoithe.**
**Tá a cuimhne agam trathnóna sa gClochán gur dhúirt duine eicint againn go mba geall leis na fánaíthe muid ag dul ó háit go háit. "Is measa ná sin muide", adeir Cóilín. "Tá campa ag an bhfánaí ach níl an méid sin féin againne."**
**Ar ndóigh, le himeacht na mblianta, tosaíodh cumann maith láidir anseo í gCarna ach bhí an ceathrar againn scaipíthe anois agus análl faoin am sin. Tá an scaipeadh níos mo fós anois.**
**D'imigh Máirtín Bhiddy uainn ar shlí na fírinne roint blianta ó shin agus d'imigh Joe Joe an tSaoir é féin. Tá Cóilín Johney imíthe anois. Níl fanta ach duine amháin as an gceathrar peileadóir fáin sin anois….**
**….agus tá imní ag teacht ormsa".**

Máirtín Bhiddy – Ó hUaithnín
R.I.P. ⬇



Eddie Bheartla – Eamon Ó Conghaile an Sagart a labhair ag an tsochraid. ⬇





# Foireann Charna 1968



Foireann Charna a d'imir in aghaidh an Chlocháin í 1968. Taobh thiar – ó chlé: Cóilín Ó Gaora (Carna), Séamus Ó Maoilchiaráin (Roisín na Mainíoch), Risteárd Ó hEidhin (Cill Chiaráin), Peadar Ó Ceannabháin (Cill Chiaráin), Páraic Ó Maoilchiaráin (Caladh Mhainse), Seán Ó hUaithnín (Muigh Inis), Seosamh Mac Donnchadha (An Áird Thiar), Páraic Ó Coirbín (an Áird Thiar), Máirtín Ó hIarnáin (Roisín na Mainíoch).
Chun tosaigh: Stiofán Ó Caonaigh (Gabhla), Stiofán de Búrca (Carna), Donncha Ó Tuama (Corcaigh agus Carna), Louis Mac an Iomaire (Ros Dúgáin), Páraic Mac an Iomaire (Ros Dúgáin), Seosamh Ó Loideáin (Muighros), an tAthair Tomás Ó Mainnín (Cill Chiaráin – agus as Mainistir Chnoc Muidhe ó dhúchas).

# I seirbhís na hÉireann agus Mheirceá.



Pádraig Dhiarmuid Ó hUaithnín as an Más – saighdiúr in Arm Mheiricea san aimsir a caitheadh. Fear abálta mar is léir ón seasamh atá faoi – bhí sé go maith ag crochad meachain



Boston "Cop" – Máirtín de Búrca a bhí sna póilíní i mBoston.



Marcus ó Cuirrín as Carna, saighdiúr in Arm Mheiricea agus é théis filleadh as Viet Nam.

## Trí Ghluín Saighdiúrí







Trí ghlúin de mhuintir Mhic an Iomaire as Fínis agus Ros Dugáin (d'atharaigh siad amach ar amn mór thír) in Arm Mheiricea agus na hÉireann. ó chlé: Seán Mháirtín Choilm Mac an Iomaire in Arm Mheiricea i 1917 – a mhac Louis Mac an Iomaire i gceannas ar dhiorma den FCA i nGaillimh sna 1970óidí – agus mac le Louis ...Keelan...san FCA faoi láthair.

# Na" Good Old Days"



Josie Moylan as an Aird Mhóir agus a bhean, Betty as Tuar Mhic Éadaigh i Sasana tráth den tsaol.



Willie Moylan (athair Josie Moylan) agus a bhean Sally (Sally Nic an Iomaire as Seanach Domhnaill) san aimsir a caitheadh.



John Pheadair Shíoduach agus cúramaí mhic a dhearthára air!



Marion Clocherty as Carna agus a fear, Alfred Mann an lá ar phós siad. Bh'shin iad athair agus máthair Joan agus Nora Mann (uí Mhéalóid)



Tom Mhacaigh Mac an Iomaire as an gCoillín – 1958.




Ó chlé – Molly Phádraigín Mhacaigh, a máthair – Máire, Ciarán Phádraigín, Pádraigín Mhacaigh, Nonie uí Choisdealbha, Annie Phádraigín agus Liam Ó Coisdealbha. Bhíodh an Coisdealbhach ag cruinniú seanchais agus ní raibh áit ní bhfear ná imeasc chloinne Mhic an Iomaire sa gCoillín.

# Na Laetha A Bhí



Banna Céilí Naomh Ciarán – an Dr Michael, Pádraig Ó Flatharta, Pádraig Tom Taimín, Pádraig Phat Phatch agus a dheartáir, Tommy.



Ó chlé – Peter Thomas Mhicil (Ó Conghaile) as Coill Sáile, Josie Tom Mháirtín Nídh as Caladh Fhinse agus Nioclás Jim Ó Curraoin as Cill Chiaráin….factory na feamainne.




Máirtín Bheartla Chonaire as Muighros (ar chlé) agus Seán Sheáin Mhicil as Muigh Inis.



Pádraig Fheichín Ó Ceannabháin as an Aird Thoir agus Boston – 1970.



Beartla Rua Ó Guairim as Leitir Ard (ar dheis) ag tabhairt scéalta do fhear béaloidis.



Bairéadach agus Ó Maoilchiaráin – as Muigh Inis agus Ruisín na Mainíoch. Bhféidir go mbeadh eolas níos fear ag duine eicint.

# Teach Ceann Tuí agus Cuimhní Cinn



Ba iomai sin teach mar seo a bhí sa bpobal seo san aimsir a caitheadh. Níl a fhios again cé acu teach é seo ach sé Pádraig Ó Cosgordha atá i lár báire sa bpictiúr thuas. Tá Michael Pheadar Bhreathnaigh as an Leath Mhás ann freisin - an fear ar dheis do Phádraig. Fágfaidh muid agaibh é – bhféidir go mbeadh cuid agaibh inann meabhair níos fear a fháil ar na pictiúir seo.



An aithníonn aon nduine agaibh an bhean?



Ó dheis – Nan Son (bean Pheadair Shíoduach), Peadar Shíoduach ar dheis agus sé Joe Pheadair Shíoduach (Ó Guairim) mac leo atá i lár báire.

# Togha na bhfear

### *Lucht spóirt an phobail seo 100 bliain ó shin*


*Seosamh Ó Cuaig*

**Trathnóna Dé Sathairn, an 30ú lá de mhí Eanáir, 1909, bhí troid mhór idirnáisiúnta ag dornálaí de bhunadh an pharóiste seo san Empire Palace i mBleá Cliath. An tseachtain chéanna bhí fear as Dumhaigh Ithir i gcomórtas mór idirnáisiúnta caraíochta i Londain. Seacht mí roimhe sin bhuaigh mac le bean as Aill na Brún bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha i Londain. Cé déarfadh nach raibh mianach lúthchleasaíochta sa bpobal seo ag an am!**

Sé Seaimpín Pheaidí Phaitseach, ar ndóigh, a bhí ag caraíocht i Londain – fear chomh maith agus a bhí sa domhan lena linn. Scríobh mé roinnt faoi san irisleabhar seo cheana agus tá tuilleadh eolais fáighte agam ó shin. Tá sé i gceist agam an t-eolas sin a chur i láthair an phobail as seo go ceann cupla mí.

An fear a bhuaigh an bonn óir sna Cluichí Oilimpeacha ba mac deirfíre é le Tommy Cooke as Aill na Brún. Sin le rá gur col cúigear a bheadh ann le fear an phosta anseo i gCill Chiaráin, Con Hynes, agus lena dheirfiúr, Christine Bean Uí Mháille, Doire Iorrais. Patrick Brennan an t-ainm a bhí air. Múinteoir scoile as taobh thoir de Ghaillimh a bhí ina athair. Chaith seisean scaitheamh ag múineadh ar an Aird Mhóir agus tamall eile i Ros Muc. Go deimhin, is i nGlinn Chatha a rugadh an páistín a raibh sé i ndán dó an bonn Oilimpeach a bhuachan.

Chuaigh siad go Ceanada nuair a bhí Patrick ina pháiste agus go luath ina shaol thosaigh sé ag cur suime sa gcluiche a dtugtar lacrosse ar. I 1908 ba é Patrick a bhí ina chaiptín ar fhoireann lacrosse Cheanada nuair a bhuaigh siad an cluiche ceannais sna Cluichí Oilimpeacha i Londain.




*Bartley Connolly – an dornálaí as Carna agus Maine.*

## Bartley Connolly

### – dornálaí den scoth

Maidir leis an dornálaí a throid i mBleá Cliath, Bartley Connolly an t-ainm a bhí air siúd. Mac dearthára a bhí ann le Joe Conaola sa Más agus le Bridget Walsh, Bríd Sheáin Bhreathnaigh, Roisín na Mainiach. D'fhágfadh sin go mbeadh Paddy Ó Conaola atá sa Más faoi láthair ina chol cúigear aige. Tá neart gaolta anseo leis ar thaobh a mháthar freisin – Bríd Bn Uí Dhubháin i Roisín na Mainiach agys Béib Bn Uí Chadhain i Loch Con Aortha ar bheirt acu. Dúirt Béib liom go raibh sí ag caint leis uair amháin.

I Maine i Meiricea a bhí cónaí ar Bhartley Connolly ach chaith sé tamall sa bparóiste seo agus é ina ghasúr. Go deimhin chuaigh sé ag an scoil tamall san Aird. De réir eolais a chuir Denise Savage as Chicago ar fáil – ba é an dornálaí a seanathair – rugadh é i St Paul i Minnesota sa mbliain 1884. Patrick Connolly agus Bridget Walsh as paróiste Charna a bhí ar a thuismitheoirí, a dúirt sí. I Ramsey i Minnesota a phós siad ar an gcéad lá de Nollaig 1880.

Tháinig siad abhaile don Mhás nuair a bhí Bartley ina ghasúr scoile ach thug siad an bealach anonn aríst orthu féin taobh istigh de bheagán blianta – go Portland, Maine an iarraidh seo.

## Ag foghlaim ceirde ag Gorham's Corner

Luath go maith ina shaol thosaigh Bartley Connolly ag dornálaíocht. In áit ar a dtugtar Gorham's Corner a bhí siad ina gcónaí agus ba mhinic babhtaí smísteála ar an tsráid ansin. Bhí ábhar maith eile dornálaí, "Kid" Donahue, ag éirí aníos ar an gcoirnéal céanna agus bhíodh sé féin agus Connolly i lár na pléatála i gcónaí.

An-dornálaí go deo a bhí i mBartley Connolly sa deireadh. Bhuaigh sé craobh Mhaine i dtrí mheáchan – marcmheáchan, éadrom-mheáchan agus meán-mheáchan. Ní raibh craobh marchmheáchain an domhain i bhfad buachta ag Joe Walcott nuair a tháinig sé go Portland. Throid Connolly é agus throid sé go maith é. Thug sé a dhóthain le déanamh freisin do Bhilly Papke, a raibh craobh meán-mheáchain an domhain aige tamall gearr roimhe sin.

Chuaigh Bartley Connolly ar thrí thuras dornálaíochta don Eoraip idir 1908 agus 1910 in éineacht le dornálaithe eile as Meiriceá. Bhí seaimpín trom-mheáchain an domhain, Jack Johnson, in éineacht leo ar cheann de na turais.

Cyclone Warren a bhí ar an bhfear a throid Bartley Connolly i mBleá Cliath i 1909. Fear dubh a bhí ann – togha dornálaí é féin. An samhraidh seo caite bhí mé féin agus mo bhean chéile, Treasa, sa mBritish Newspaper Library i Londain ag déanamh beagán taighde ar chúrsaí den tsórt seo. Thug muid faoi deara gur cuireadh sreangscéal as Bleá Cliath go Portland, Maine, chomh luath agus a bhuaigh Connolly an troid agus gur foilsíodh i bpáipéir tháll é ar an bpointe. Casadh cuntas ar an troid linn freisin i bpáipéar Sasanach a dtugtaí an "Sporting Life" ar. Mar seo a scríobhadh:

## Contest at Dublin

### *Bart Connolly beats Cyclone Warren*

The star turn was a twenty round go between Bart Connolly (America) and Cyclone Billy Warren (Australia). With Warren commencing operations by clipping Connolly on the jaw, the contest looked like being of very short duration. The punch shook up the American, and the call of time came as a grateful respite. From the second round, the battle became a very vicious affair, the pair rushing and hitting while in holds, and the referee's time was fully occupied in parting the pair by man force. These tactics were continued up to the eighth round, at which point Connolly, who was better trained, drove home telling head and body punches. At times he came in for some stiff counters, but after half way it became evident Warren's course was run, and receiving heavy body punches in the eleventh meeting he came up very tired for the twelfth. Connolly at once waded in, and playing for the jaw sent the Australian down with a right and a left for 8 seconds, and on rising crossed the right, and ended a contest in which there was much feeling. The rounds were of two minute duration."

Seirbhísí Priontála /
Bailchríoch Gairmiúil/
Seirbhís dearadh ar fáil

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

t: 091 593 251 / 593 157
f: 091 593 159
m: 087 135 0019

# Marú i nGabhla

*Seosamh Ó Cuaig*

**Le gairid a casadh an píosa seo liom. Níl aon eolas agam thairis sin. B'féidir go bhfuil tuilleadh eolais ag duine eicínt eile.**

**BALLINA CHRONICLE**
**Ballina, Mayo, Ireland**
**Wednesday, March 27, 1850**
**ASSIZES INTELLIGENCE**
**GALWAY**

## MURDER IN CONNEMARA

Daniel Flaherty, a person of proper appearance, was placed at the bar, charged with the wilful murder of Patrick King (Murk.) at Goula, on the 3d of April, 1849, by pressing his hands round the neck of deceased, and so choking him; and in a second count for pressing his knees upon his breast until he was dead, and then casting him into a stream of water. The prisoner pleaded not guilty, and was defended by Mr. Concannon. Mr. Close, Q.C., stated the case for the Crown. – It appears that on Palm Sunday, last year, the deceased was living at service with a person named King; was sent by him a distance of eight or nine miles to his brother for the loan of £2; the road which he had to take crossed a desolate mountainous district of Connemara, near Kilkerrin bay, the population of which is very scattered; he reached his destination towards night and slept there; the prisoner, who was a sort of vagrant, came also to the same house, where he was known, and he too spent the night; next morning the money was given to the boy in the form of a £2 bank note, which was sowed [sic] up in his waistcoat pocket; the prisoner was cognizant of this, being present when the money was given;

the boy desired that the prisoner should accompany him home, as they lived in the same locality, but the people of the house not wishing it he went away alone; the prisoner left the house about twenty minutes afterwards,!

stating his intention of going in another direction; the shortest road which the boy could take home, being by the head of Kilkerrin bay, which, at high tide, was flooded and impassable; another and a much longer route lay across the mountain, and this the boy took on his return; accordingly, if the prisoner followed him, he would have arrived at the mountain of Goula before him, and it will appear from the evidence that he was seen crossing the country in the course of the day followed not long after by the boy. They then struck off the road into a lonely part of the country, and there some days afterwards the boy was found dead, lying in a stream, his face downwards, and marks of violence on his person – the waistcoat in which his money had been put was gone. On the same evening the prisoner called at a small shop in the country, and having purchased some food, offered a £2 bank note as payment, which, however, he got back next day. The waistcoat of the deceased was also seen upon his person the same night. The prisoner after this wandered through the country as far as Westport, and here he presented the note which could not be traded further.

A number of witnesses were examined, and as no proof of the murder could be given, the prisoner was acquitted.


# Siopa Dowd

Esso

**Carna**

**Conamara**

**Fón /facs: 095-32882**



Cártaí
Mháirín

# Ó Dubhda, Tógalaí

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad.*

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY



# Éamon Ó Cuív, T.D.

**Oifig Dáilcheantair**
**Teach Uí Chiaruáin**
**Sráid Thobar an Iarla**
**Gaillimhe**

**Teil: (091) 562846**
**Facs (091) 562844**
**Ríomhphost: mnithuairisg@pobail.ie**

# Arrramara Teo.

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404/33417

**Facs**

095 33494

e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**

# FÓRAM IORRAS AITHNEACH

# Uisce an rud is mó…ach go leor eile

**Tá scéim mhór uisce Chill Chiaráin /Charna/ an Chaisil ar an obair is mó a thug Fóram Iorras Aithneach chun críche in imeacht na mblianta. Troideadh feachtas ar feadh 15 bliain le súil agus go bhfaighfí an scéim seo. Troid in aghaidh na taoille a bhí ann. Sa deireadh tháinig Bobby Molloy i gcabhair orainn agus rinneadh an obair.**

Tá píosaí eile dá gcur as an scéim:

- Doire Saileach ar an gCaiseal;
- Ceannúir ar an gCaiseal;
- Leitir Ard agus Béal Chara;
- Siar go Cloch na Rón.
- Soir go sealadach go crosbhóthar an Ghoirt Mhóir.




Ní bheadh an deis - ná an córas ceart uisce ann – le cuid ar bith de na hoibreacha breise seo a dhéanamh munach gur dearnadh an scéim mhór. Chosain an scéim uilig os cionn €20m – an infheistíocht is mó ag an Stát in aon scéim amháin ariamh sa taobh seo tíre.

Tá Fóram Iorras Aithneach ag troid feachtais anois leis an tríú loch a cheangal le foinse uisce na scéime. Theastódh sé seo ó tharla an soláthar a bheith curtha siar go Cloch na Rón.

Tá obair go leor eile ar na bacáin freisin anois:

- Féachaint leis na scéimeanna séarachais do Charna agus do Chill Chiaráin a fháil tosnaithe – tá siad geallta ón mbliain 2002.
- Leabharlann don cheantar – tá caint ann le fada go dtiocfaidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus an Chomhairle Contae i dteannta a chéile le Leabharlann phoiblí a thosnú. Tá muid ag coinneáil leis sin.
- Tá ionadaithe againn ar an gcoiste atá ag iarraidh go ndéanfaí forbairt gar don pháirc i gCarna – Gym, Halla agus Seomraí Feistis nua.
- Feachtas seasta ar mhaithe le bóithre níos fearr sa gceantar agus bóthar nua go Gaillimh.
- Bhí láimh mhór againn freisin sna sa dá scéim tithe Comhairle Contae i gCarna – rud a dhéanfaidh go leor leasa do theaghlaigh agus do dhaoine a raibh tithe ag teastáil uathu.
- ….AGUS GO LEOR EILE.

## Conradh na Gaeilge

**Ranganna Gaeilge do dhaoine óga & daoine fásta**
**Teastas Eorpach na Gaeilge ar fáil anois**

**Seachtain na Gaeilge 3 - 17 Márta 2009**

**Campaí Samhraidh Gaeilge**

**Ceardlanna, Seoltaí & Taispeántais Chultúrtha**

**Seirbhisí Oifige**

**"Sú na Maidne" Galway Bay FM 96.8FM**
**Gach maidin Shathairn ón 8.00-9.00r.n**

**Seirbhís Áistriúcháin**

**Féilte áitiúla & imeachtaí Sóisíalta**

Gach eolas ar fáil ó Árus na nGael, 45 Sráid Doiminic, Gaillimh
Guthán: 091 567824 Facs:091 563699
conradh@bradan.iol.ie www.cnag.ie



# Club Árus na nGael



45 Sráid Doiminic, Gaillimh.
(091) 567824

## Imeachtaí an Chlub:

**Dé Luain**
**Rince ar an Sean-Nós le Pádraic Ó hOibicín**

**Dé Céadaoin**
**Oíche do Fhoghlaimeoirí Gaeilge**



**Déardaoin**
**Oíche na Micléinn & Club Leabhar Gaeilge**

**Dé hAoine**
***Oa2:*** **Club Ceoil Domhanda le d.janna éagsúla**



**Dé Sathairn**
**Seisiún Ceoil Traidisiúnta den scoth!**

Sásaigh an tart san áit cheart

# Tráthnóna aoibhinn i gcuideachta Mháire Uí Cheoinín

*le Ken Nilsen*
*(Ollamh le Léann Ceilteach in Ollscoil Naomh Proinsias Xavier, Antigonish, Nova Scotia, Ceanada)*

**In earrach na bliana 2005 chaith mé** cúpla **mí i gConamara agus ag Institiúid an Léinn Éireannaigh ag an Ollscoil i nGaillimh, a' déanamh taighde ar cheist na himirce as Conamara go Meiriceá agus Ceanada. Lá amháin in Aibreán 2005, thug mé marcaíocht siar go Muigh-Inis do chara liom, Yolanta Kruk as Montreal, a bhí ag dul a' caitheamh** cúpla **lá thiar tigh Mháire Uí Chathasaigh. Thug mé Yolanta ann agus chaith mé tamall beag Tigh Mháire Uí Chathasaigh ag comhrá agus a' labhairt ar an obair a bhí ar siúl agam. Dúirt Máire gur rugadh a máthair i mBoston agus go raibh cuimhne mhaith ag a máthair fós ar an turas a rinne sí in éindigh lena tuismitheoirí anall as Boston go hÉirinn sna naoi déag tríochaidí.**

Le scéal fada a dhéanamh gearr, chuaigh mé ar cuairt chuig a máthair, Máire Uí Cheoinín i Leitir Ard agus chuir an bhean uasal sin fáilte chroíúil romham. Chaith mé timpeall's uair a' chloig ag caint is ag comhrá le Bean Uí Cheoinín. Ar ndóigh, bhí rogha agus togha na Gaeilge aici. Seo thíos an chéad leath den chomhrá a bhí againn an lá breá earraigh úd.

Cúpla mí ina dhiaidh sin bhí mé i mBoston agus chuala mé gur bhásaigh Máire Uí Cheoinín. Beannacht dílis Dé lena hanam.

## Muintir Mháire

**KN: Go mbeannaí Dia dhuit.**
**MC:** Dia's Muire dhuit.

**KN: Cén t-ainm atá ort?**
**MC:** Máire Ní Cheoinín m'ainm pósta agus Máire Ní Dhioráin a bhí orm roimh pósadh, Dirrane i mBéarla.

**KN: Agus t'athair agus do mháthair?**
**MC:** B'as Leitir Ard mo mháthair agus b'as Árainn m'athair. Nóra Ní Ghuairim a bhí ar mo mháthair agus Pádraic Ó Dioráin a bhí ar m'athair.

**KN: Agus t'athair b'as Árainn é.**
**MC:** Ba ea, ba ea.

**KN: Cén áit in Árainn?**
**MC:** Creig a' Chéirín thugaidís ar an áit ar as é, ach b'as Conamara a mháthair, as Ros Muc, Bairbre Ní Chonaire a bhí uirthi. Chonaic mé í. Cailleadh a fear céile . Ní raibh m'athair ach seacht mbliana nuair a cailleadh a athair agus nuair a d'fhásadar suas d'athraigh sí amach go Conamara í fhéin.

**KN: Cé hé an fear a phós sí in Árainn?**
**MC:** Seán Ó Dioráin a bhí air

**KN: Ar chuala tú riamh cén t-ainm a bhí ar athair Sheáin Uí Dhioráin?**



*Mháire Uí Cheoinín as Leitir Ard*

**MC:** Níor chualas ach chuala mé an t-ainm a bhí ar a mháthair, go mba Sara Cooke a bhí uirthi, as Conamara.

**KN: Agus ar thaobh Bhairbre cé chomh fada is is féidir leat a dhul siar?**
**MC:** Well, thugaidís Bairbre Rucaird uirthi agus níl fhios agam, chuala mé duine a' rá go mba leasainm a bhí in Rucard, gur Máirtín a bhí air agus de mhuintir Nee a bhí a máthair.

**KN: Agus ní anseo a rugadh thú fhéin.**

## A Saol i mBoston

**MC:** Ó, ní hea, ach thall i mBoston. Rugadh mé in áit a dtugann siad Sixth Street air, hundred and one, Sixth Street, South Boston.

**KN: Agus a' gcuimhníonn tú air?**
**MC:** Chomh maith leis an lá inniu!

**KN: Cén sort áit a bhí ann?**
**MC:** Well, is cuimhneach liom go raibh treasna díreach ón áit a raibh mé i mo chónaí, bhí teach a' phobail, an áit ar baistíodh mé. Agus bhí mé thall ansin ocht mbliana ó shin agus ní raibh ann ach na ballaí , bhí an fothrach ansin agus bhí brón orm nach raibh ceamara agam lena pheictiúr a thóigeál. Is dúirt mé leo a dhul suas an tsráid is siar timpeall sa gcoirnéal is go dtiocfaidís ar Bhaxter Street agus tháinig. Agus bhí an kindergarten tamall suas, bhí mé ag an gkindergarten.

**KN: Cén uair a chuaigh t'athair is do mháthair ann i dtosach?**
**MC:** Chuaigh mo mháthair go Meiriocá i naoi déag ceathair déag. An tríochú lá de mhí Meithimh, naoi déag ceathair déag a d'fhága sí Queenstown. Ach níl fhios agam cén t-am ar fhága m'athair. Chomh fada agus thuigim phós sé i naoi déag fiche is a trí agus ní raibh sé ach dhá bhliain go leith i Meiriocá nuair a phós sé. Casadh ar a chéile thall iad.

**KN: Cé mhéad gasúr a bhí acu thall?**
**MC:** Well, cailleadh na buachaillí beaga ar fad. Níor mhair mac ar bith do mo mháthair. Tá ceathrar acu curtha thall i gCalvary. Agus rugadh mise agus deirfiúr eile liom atá i Ros Comáin i mBoston. Ní raibh sí sin ach dhá bhliain nuair a tháinig sí as Meiriocá in éineacht liomsa. Rugadh an deirfiúr is óige anseo i gConamara.

**KN: An gcuimhníonn tú ar a' gcomharsanacht i South Boston?**
**MC:** Ó, cuimhním. Bhí muid inar gcónaí i dteach m'aintín agus bhíodar ag dul a' fáil teach nua ach bhí an saol go dona. Bhí an Depression an-dona i Meiriocá naoi déag tríocha is a dó agus dúirt m'athair go dtiocfadh sé go hÉirinn agus cheannaigh siad áit thoir i Muighros. (Tá sé díolta anois, faríor ag mo dhreifiúr.) Bhí teach an-deas ann agus sin é chaoi raibh sé anois.

**KN: I South Boston ansin, ar chuala tú aon fhocal Gaeilge?**
**MC:** Níor labhair m'athair is mo mháthair aon fhocal ach Gaeilge agus bhí beagán Gaeilge agam a' tíocht as Meiriocá. Mar ní móide go raibh mé in ann í labhairt go maith ach ní dhéarfá tada nach mbeadh fhios a'm. Bhí tuiscint mhaith a'm uirthi. Bhí, bhí.

**KN: Raibh Gaeilge ag aon duine eile i mBoston?**
**MC:** Bhí sí ag m'aint agus agena fear céile a bhí thíos an staighre ina gcónaí, bhí. Ó, bhí neart, bhíodh muintir Chonamara [a' labhairt] Gaeilge le chéile nuair a castaí ar a chéile iad, labhraíodh, labhraíodh.

**KN: Meas tú a raibh aon duine a' déanamh suas amhráin?**
**MC:** Ah, níor chuala mé é sin. Níor chuala mé é sin.

**KN: Tá fhios 'am go raibh amhrán amháin déanta faoi South Boston.**
**MC:** Ó, is dóichí go raibh, níor chuala mise é sin.

**KN: Nuair a bhí t'athair is do mháthair ann, raibh seandaoiní ann as Éirinn?**
**MC:** Well, is dóichí go raibh ach nach mbeadh mo chuimhne-sa chomh maith ag aois chúig bhliana.

**KN: Cé thug do mháthair amach?**
**MC:** Sin rud nach bhfuil mé in ann a rá leat. Níor chuala mé riamh é. Bhí deirfiúrachaí léithe amuigh roimpi.

**KN: Raibh?**
**MC:** Ó, bhí, bhí.

**KN: Ar fhanadar ann?**
**MC:** Ó, d'fhan.

**KN: Cé hiad?**
**MC:** Bhí Máire pósta in East Boston ag fear de Chloinn 'ic an Iomaire as Bun na hAbhann. Agus an bhean sin a raibh muid inar gcónaí léithe, bhí sí pósta ag fear as Roisín na Mainthiach. Agus bhí uncail liom ann agus bhí sé pósta ag bean as Leitir Mealláin. Agus bhí uncail eile liom pósta le bean as an Aird. Ach tháinig aintín amháin abhaile agus cailleadh í sin anseo in Éirinn. Bhí sí caillte nuair a tháinig mise go hÉirinn.

**KN: Agus raibh aon duine ag t'athair thall?**
**MC:** Bhí beirt dhreifiúr.

**KN: Cé rabhadar?**
**MC:** Ó, bhíodar i mBoston.

**KN: Ar phósadar ann?**
**MC:** Ó, phós, phós bean acu fear de na Mullins as Árainn.

**KN: An gcuimníonn tú gur chuala tú amhrán Gaeilge nó aon rud mar sin ar chor ar bith ann?**
**MC:** Is cuimhneach liom go dtáinig fear isteach agus melodeon aige agus go raibh sé a' casadh ceoil. Is cuimhneach liom é sin.

**KN: Níl fhios agat cé hé sin?**
**MC:** A, níl fhios agam cé hé sin.

**KN: Nó am bhfaca tú riamh a' damhsa iad?**
MC: Ní fhacas, ní fhaca.

**KN: Nó a raibh paidreachaí, b'fhéidir, i nGaeilge?**
MC: Ó, bhí na paidreachaí i nGaeilge ag mo mháthair agus ag m'athair, bhí.

## An Turas Anall 1932

**KN: Agus cuimhníonn tú ansin nuair a tháinig sibh anall?**
MC: Cuimhním an lá ar fhága mé Meiriocá agus ar an taxi ag dul amach go dtí an bád. Cobble Pier a bhí ar an áit. Agus cuimhním uirthi a' tíocht trasna an Atlantic.

**KN: Cén sort turas a bhí agaibh?**
MC: Is cuimhneach liom lá amháin gur coinníodh faoi deic muid ag farraigí arda agus d'fheicinn an fharraige ag dul suas ar na fuinneogaí agus chuala mé m'athair a' rá gur ag na Banks of Newfoundland a bhí muid. Agus cuimhním ar an liner, Britannic a bhí uirthi. Agus ba é an aistear deireannach aici go Gaillimh é, déarfainn. Tháinig sí go Cóbh i dtosach. Agus as Cóbh isteach go Cuan na Gaillimhe agus chuaigh sí ar ancaire. Chuaigh an tender amach agus thug sé isteach go dtí an dug muid. Cuimhním go maith air. Agus bhí uncail liom thiar in Inis Ní pósta. Níl fhios agam cé chaoi ndeachaigh muid go dtí an station, ach bhí traein an uair sin ag dul ó Ghaillimh don Chlochán, agus tháinig mé ar an traein sin go Baile na hInse. Agus tháinig mé ar charr ansin isteach go hInis Ní, tá cuimhne 'am air chomh maith leis an lá inniu.

**KN: Ar thaitnigh sé leat nuair a tháinig tú anseo?**
MC: Bhreathaigh sé gur domhan nua dhomsa uilig a bhí ann an t-am sin. Cheap mé go raibh chuile shórt.

**KN: Bhí do sheanmháthair beo fós.**
MC: Bhí i Ros Muc, ach bhí mo sheanmháthair i Leitir Ard agus m'athair mór caillte. Bhíodar sin caillte.

**KN: An bhfaca tú an tseanmháthair sin go minic?**
MC: Chonaic mé go minic í. Thagadh sí anoir chugainn. Thagadh sí anoir ar an mbus. Ní thagadh an bus sin an uair sin ach go Carna. Agus shiúileadh sí anoir é agus d'fhanadh sí cúpla oíche againn, d'fhanadh.

**KN: Cé chaoi raibh sí gléasta?**
MC: Seál dubh agus cóta dearg, an créatúr.

**KN: Cé chaoi raibh na fir gléasta?**
MC: Muise, ní raibh siad gléasta mar tá siad anois. Bhí an saol go dona an t-am sin. Éadaí bréidín glas agus báiníní bána agus rudaí mar sin. Éadach agus stocaí mar iad seo anois a bhíodh orthu.

**KN: An bhfaca tú an obair sin atá tú fhéin a dhéanamh…(i.e. cniotáil)?**
MC: A, chonaic, chonaic mé mo mháthair dhá dhéanamh ach sa scoil a d'fhoghlaim mise len é dhéanamh, sa scoil. Níl tada mar sin anois ann.

## Imirce as Conamara go Ceanada agus Meiriocá

**KN: Bhí daoine ag imeacht as an áit seo, ar chuala tú faoi chupla duine a chuaigh go Ceanada?**
MC: Well, chuala mé caint ar sheanfhear ach tá sé caillte, fear a bhíodh i gCeanada agus d'éalaigh sé isteach go Meiriocá mar nós nach bhfuair sé bealach eile. Tá sé curtha caillte anois le blianta agus bhí a bhean agus a chlann anseo. Chuaigh sé anonn a' saothrú airgid le haghaidh cúnamh a thabhairt dóibh.

**KN: Cé hé sin?**
MC: Seán Ó Cualáin a bhí air, chuala mé go ndeachaigh sé bealach Cheanada go Meiriocá. Johnny Sheáin Liam a thugaidís air. Chuala mé caint air sin.

**KN: Agus chuaigh sé go Ceanada.**
MC: Chuaigh.

**KN: Agus rinne sé a bhealach…**
MC: isteach go Boston.
KN: Céard a bhí sé a dhéanamh ansin?
MC: Ag obair ansin ach níl fhios agam cén obair a bhí air.

**KN: Agus tháinig sé abhaile ansin.**
MC: Tháinig sé abhaile ansin, tháinig, an créatúr.

**KN: Agus d'fhan sé.**
MC: Ó, d'fhan sé sa mbaile.

**KN: Mar cuide de na daoine a chuaigh isteach do na Stáit rugadh orthu.**
MC: Ó, rugadh ar chuid acu, rugadh.

**KN: Ar chuala tú sin?**
MC: Chuala mé caint air ach níl fhios agam aon duine acu.

**KN: Agus cuireadh abhaile ansin iad.**
MC: Cuireadh, tharla sé sin.

**KN: Is cuireadh cuid acu i bpríosún.**
MC: Ó, cuireadh an t-am sin, cuireadh.

**KN: Is dóichí go raibh daoine ag imeacht go Meiriocá freisin.**
MC: Ó, bhí, bhí. Ní raibh an dlí ann mar tá anois ann, an bhfuil fhios 'ad. Bhí sé éasca dul go Meiriocá an t-am sin ach níl anois.

**KN: Cé mhéad duine a d'imigh as an áit seo is a chuaigh anonn?**
MC: A, muise, chuaigh go leor acu, chuaigh go leor acu agus d'imíodar agus ní fhacadar a máthair ná a n-athair ariamh níos mó. Ach anois anseo inniu agus in Éirinn amárach, tá sé sin amhla. Agus nuair a cailltí duine in Éirinn, b'fhéidir go mbeadh sé mí nó dhá mhí go mbeadh scéal acu air. Bhí sé sin amhla. Ní raibh fón, ní raibh leictreachas, ní raibh tada. Bhí an saol crua. Bhí an saol crua i naoi déag tríocha's a dó, ní raibh an dole fhéin ann an t-am sin. Déarfainn gur i naoi déag tríocha's a ceathair a tháinig sé sin.

**KN: A raibh beagán airgid agaibh nuair a tháinig sibh abhaile?**
**MC:** A, bhí. Cheannaigh m'athair teach breá agus trí scóir acraí talún. A, bhí.

**KN: Sin é an t-airgead a bhí déanta aige..**
**MC:** Déanta acu i Meiriocá, aige fhéin is ag mo mháthair.

**KN: Ar oibrigh do mháthair thall?**
**MC:** Ó, d'oibrigh, bhí mo mháthair ocht mbliana déag ar fad i Meiriocá.

**KN: A raibh sí ag obair cuide den am?**
**MC:** Bhí sí ag obair nó gur phós sí.

**KN: A bhfuil fhios a'd céard a bhí sí a dhéanamh?**
**MC:** Obair tí, obair tí.

**KN: A raibh aon scéalta aici faoi sin?**
**MC:** Ní raibh, chuala mé go raibh sí ag obair ag dhá Albanach.

## Turas ar ais go Boston

**MC:** Bhí mé thall ansin naoi mbliana ó shin is chuaigh mé síos go Boston. Bhí mé ag bainis agus chuaigh mé fhéin agus m'iníon agus a fear céile, d'fhan muid ag motel. Ach ar maidin chuaigh mé amach le haghaidh bricfásta. Dúirt m'iníon "Fanfaidh mise sa leaba," deir sí, "ach tugaí tae chugam." Agus bhí muid inar suí ag boirdín beag anseo agus bhí beirt trasna uainn. Bhí mé fhéin agus fear m'iníne, b'as Carna é, caint Gaeilge bhí muid agus labhair an fear anall trasna uainn agus d'fhiafraigh sé cé mb'as muid. D'airigh sé ag caint Gaeilge mé. Is dúirt muid gur as Gaillimh. Is d'fhiafraigh sé, "Cén áit i nGaillimh?" Agus dúirt muid, "Carna." Dúirt an bhean go mb'as Carna a hathair agus nuair a chuaigh an seanchas ar bun, bhí fhios a'm cé hí fhéin. Dúirt an fear go mb'as Árainn a athair agus a mháthair. Chuir mé ceist air cén t-ainm a bhí ar a athair agus dúirt sé liom gur Mullen.

Agus dúirt sé liom, "Cailleadh Maggie Dirrane," (chuala tú caint uirthi a bhí sa bhfilm, ba colceathar do m'athair í). "Cailleadh Maggie Dirrane," adeir sé.

"Níor cailleadh," a dúirt mise.

"Ó cailleadh," a deir sé, "an tseachtain seo caite."

"Ba colceathar," dúirt mé, "do m'athair í."

"Agus Dirrane," a deir sé "a bhí ar mo mháthair."

"Ach," adúirt mise, "cén chéad ainm a bhí ar do mháthair?"

"Delia Dirrane."

"Nach shin í m'aint," a deirimse. "Nach shin í m'aint," a deirimse.

Chraith sé lámh liom. "Is mé do cholceathar," adeir sé.

Istigh i mBoston tharla sé sin!

*(Foilseofar an dara leath den chomhrá sa gcéad eagrán eile d'Iorras Aithneach).*


# Paddy Keane

## *Ó Catháin Teoranta*

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

## Gabhla

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276

# "A town without young men"

*Seosamh Ó Cuaig*

**I mí Lúnasa 1954 thug tuairisceoir as an "Irish Times" cuairt ar Charna agus scríobh sé píosa faoin áit agus faoina daoine. Alt sách duairc a bhí ann: "CARNA – A TOWN WITHOUT YOUNG MEN" an teideal a cuireadh air sa bpáipéar.**

Ba é Mack Moylette an chéad duine a dtug sé cuairt air. "He might be described as the resort's leading citizen," a dúirt sé. Mhínigh sé gur fear tí ósta, siopadóir, feilméara agus iascaire a bhí i Mack agus go raibh sé ag luí le réasún gurb é a bheadh ina Chomhairleoir ag an gceantar ar Chomharle Contae na Gaillimhe.

Ní raibh Mack sásta chor ar bith leis an gcaoi a raibh cúrsaí in Iorras Aithneach. Ní raibh na hiascairí ag fáil praghas ceart ar a gcuid gliomach, a dúirt sé: £1-14s i gCarna i gcomparáid le £2-10s i gCorcaigh agus ar an gcósta thoir. Ba é an chúis a bhí leis, a dúirt Mack, nach raibh an Sea Fisheries Association sásta na gliomaigh a cheannacht uathu agus go raibh na ceannaitheoirí príobháideacha in ann a bpraghas féin a shocrú.

Nuair a d'fhiafraigh an tuairisceoir de cén chaoi a raibh na daoine ag baint slí bheatha amach dúirt Mack leis gur fánach a raibh d'obair thart cés móite de chorr-sheachtain ar na bóithre.

Ba é an *dole* a bhí á gcoinneáil beo, sin agus an beagán a bhí siad a bhaint as an talamh agus as an bhfarraige.

Ba é barúil Mhack nach raibh sa *dole* sa deireadh ach cleas le vótaí a bhailiú agus leis na daoine a choinneáil sa bpuiteach.

"Má cheapann siad," a dúirt sé, "go gcoinneoidh siad an Ghaeilge beo le bheith ag coinneáil daoine sáinnithe sa nGaeltacht mar a dhéanfá le beithigh is mór an dul amú atá orthu."

Nuair a d'fhiafraigh an tuairisceoir de an ndearna rialtas ar bith de chuid na hÉireann a ndícheall ar son Chonamara tháinig olc dháiríre ar Mhack Moylette.

"Ní fhaca mise rialtas ar bith ag déanamh tada do Chonamara," a dúirt sé. "Ag caint agus ag bladaireacht a bhí siad. An t-aon fhear amháin a chonaic mé ag déanamh iarracht ar bith ba é James Dillon é nuair a thug sé Scéim Feabhsaithe na Talún isteach."

D'fhiafraigh an tuairisceoir ansin céard a d'féadfaí a dhéanamh in Iorras Aithneach. D'fhéadfaí monarcha cannaithe glasraí a chur ar bun, a dúirt Mack: d'fhéadfadh chuile líon tí leathacra meacna dearga agus meacna bána agus glasraí eile a fhás.

"Tá bradáin i gcannaí as an tSeapáin agus *sardines* as an Ioruaidh amuigh ansin ar na seilfeanna agam," a dúirt sé," i gceartlár ceantair a bhí ina cheantar mór iascaigh uair amháin. Cén bhrí ach an rud atá déanta anois acu – tógáil na muiríní curtha siar ó Shamhain go mí Eanáir.

D'fhiafraigh an tuairisceoir de an mbeadh aon chiall monarcha a dhéanamh le gliomaigh a phróiseáil agus a chur i gcannaí?

"B'fhéidir,"a dúirt sé "nuair a thiocfas an leictreachas go Carna an chéad bhliain eile."

Dúirt Mack freisin gur cheart báid a chur ar fáil a bheadh feiliúnach don chósta. Mheabhragh sé go raibh duine de na saortha cáiliúla, na Cathasaigh, ag obair i gcónaí agus go raibh ceathrar saortha i Maínis ar fad. Cuireadh bád trialach leis na Sea Fisheries Association go Carna roimhe sin, a dúirt sé, ach níor glacadh le ceathrar as an áit le dhul de chriú uirthi. Tugadh an bád go Tír Chonaill ansin. "Racket" eile polaitíochta, a bhí ann, a dúirt Mack.

Thréis dhó a bheith ag comhrá le Mack Moylette chuaigh tuairisceoir an Times ar chamchuairt ar fud an cheantair agus chonaic sé féin go raibh tábhacht mhór leis an iascach. £600 a rinneadh ar na gliomaigh i mí an **Mheithimh .**

Cheithre bhád déag a bhí ag plé leis na muiríní i mí Eanáir agus rinne siad £1,703. Ach bhí 700 duine ar an *dole*. Dúradh leis gurb é an chaoi a raibh faitíos ar chuid acu go dtosódh tionscal ar bith agus go gcaillfidís an dole.

Maidir le baile Charna féin cheap sé gur baile beag gleoite a bhí ann. 29 teach a chomhair sé –tithe maithe nua- aimseartha – agus 146 duine ina gcónaí iontu. Bhí *pump* le haghaidh uisce i lár an bhaile. Ní raibh séarachas ná soilse poiblí ann ach bhí siad ag súil leis

an E.S.B. roimh dheireadh an tsamhraidh.

Ní raibh aon phictúrlann ann ach thagadh "*show*" taistil ó am go ham. Bhí halla damhsa ann agus thagadh thart ar 120 duine ag céilí ann chuile oíche Dé Domhnaigh. Ní raibh aon bhialann thart. Bhí ag éirí sách maith leis an bhfoireann peile.

Trí phub a bhí ann , chúig shiopa, óstán breá a bhí dúnta go sealadach, séipéal, Clochar Mhná Rialta na Trócaire agus stáisiún Gardaí a raibh déanamh aisteach air. San Ind a bhí sé le cur suas i dtosach ach chuaigh na pleananna in aimhréidh agus i gCarna a chríochnaigh an múnla seo! Bhí Sáirsint agus beirt Ghardaí ag baint leas as seomra amháin ann agus lóistín in áiteacha eile acu. Bhí an sean-stáisiún le leagan anois agus ceann nua le cur ina áit.

Chuaigh an tuairisceoir ar cuairt ansin chuig Príomhoide bunscoile, Pádraic Mac Donncha – Pat Mór. Mhinigh seisean dhó go raibh airgead níos fairsinge ag na daoine ná a bhíodh ach nach raibh an tsuim chéanna in obair chrua acu. Ní fhanfadh na fir óga san áit, a dúirt sé. Roimh an gCogadh d'fhéadfadh foireann peile chúig dhuine dhéag a bheith i mbaile fearainn ach anois ní bheadh ach beirt nó triúr ag imirt peile i gcuid de na ceantair sin. Bhíodh foirne as Leitir Móir, as an gCeathrú Rua, as Ros a Mhíl, as an Tulaigh, as an gCnoc agus as an Spidéal ag imirt ar son an "Canon Donnelly Cup" ach ní raibh ach foireann amháin anois as Leitir Móir soir chomh fada leis an gCnoc. Bhí an imirce chomh tréan, a dúirt sé, nach raibh ach rud amháin ar intinn na bhfear óg chomh luath agus a shroichfidís ocht mbliana déag - imeacht.

D'fhiafraigh an tuairisceoir de Phádraic Mac Donncha an raibh an Ghaeilge ag dul ar gcúl. "Níl anseo," a dúirt sé: "go fiú na daoine a thagann abaile as Meiriceá agus as Sasana Gaeilge is fearr leo."

I scoil Loch Con Aortha a bhí Pat Mór ag múineadh. Aisteach go leor bhí líon na ndaltaí sa scoil sin ag méadú. Bhí scoil nua triúr oidí á tógáil. Beirt oidí a bhí sa scoil ag an am.

Céard iad na riachtanais is mó sa bpobal anois, d'fhiafraigh an tuairisceoir? Obair agus tithe, a dúirt Pat Mór. Bhí tithe nua á dtógáil de réir a chéile ach bhí riail ann go gcaithfeá gabhaltas talún a bheith agat sula bhfaighfeá an deontas Gaeltachta. Ba mhór an éagóir é sin ar dhaoine óga a raibh fonn orthu pósadh.

Chuir an tuairisceoir an cheist chéanna ar Phat Mór agus a chuir sé ar Mhack Moylette faoin rialtas – an raibh mórán déanta acu ar son na Gaeltachta? "Ní fhaca mé é," dúirt Pat Mór, "cés móite den deontas £5 ar son na Gaeilge agus Scéim na dTithe Trátaí."

Galway Glass Centre
Design ■ Supply ■ Fit

- Design glass / colour glass
- Bars / Restaurants / Hotels
- Burglary Repairs
- Temporary 'boarding up' service
- Leaded glass / sandblasted glass
- Laminated & toughened safety glass
- Fire glass
- Shop Fronts

*Visit our new showroom at:*
**Briarhill Business Park, Briarhill, Galway.**
**T: 091 770088 F: 091 751432**

# Sa mbaile as an Astráil don Nollaig

*Val Feeney*

**Bhí caitheadh ina dhiaidh ag peileadóirí agus ag lucht tacaíochta fhoireann Charna/an Chaisil nuair a d'imigh Val Feeney as Leitir Deiscirt don Astráil i mí na Samhna 2007. Bhí Val ar an gcéad duine as Carna a fuair áit ar fhoireann shinsir peile na Gaillimhe ó aimsir Hugo Carey sna 1930aidí. Bhí cúpla bliain caite aige ar fhoireann agus ar phainéal sinsir na contae agus, ar ndóigh, ba é an lán-chúlaí é ar fhoireann Charna/an Chaisil. Bhí Val ar dhuine de riar mhór d'imreoirí Charna a bhuail bóthar le bliain anuas – cuid mhaith acu don Astráil.**

**Tá Val Feeney agus a pháirtí Irene Cunningham as an gCaiseal sa mbaile le haghaidh na Nollag. Labhair Val le Máirtín Ó Catháin.**

**Máirtín Ó Catháin (MOC):** Ar ais sa mbaile a Val. Céard a cheapfá théis na hAstráile?

**Val Feeney (VF):** Tá an Astráil thar cionn siúráilte ach níl áit ar bith chomh maith leis an mbaile. Sé an t-aon rud é go n-airím an fuacht. Bhí an teocht chomh hard le 30 céim ceilsiús nuair a d'fhág muid Sydney. Ach is gearr go bhfaighidh muid cleachtaithe leis an aeráid seo aríst. Beidh mé thart ar feadh scaitheamh agus níor mhiste liom roinnt oibre a dhéanamh…ach is cosúil nach bhfuil mórán le fail in áit ar bith thart.

**MOC:** An mbeidh tú ag dul ar ais don Astráil.

**VF:** Beidh. Tá muid ag súil go mbeidh muid réitithe le filleadh ar Sydney amach i mí Eanáir. Tabharfaidh mé tamall eile ann pé ar bith scéal é. Beidh muid sa mbaile aríst am éicint i 2009 agus b'fhéidir go bhfanfadh muid in Éirinn an uair sin. Ní fheicim go bhfanfaidh mé san Astráil go buan.




*Val Feeney ag an bpáirc pheile – an Plantation – i gCarna i mí na Nollag.*

**MOC:** Tá slua mór daoine as Carna agus Cill Chiaráin i Sydney anois. Nach bhfuil sé ina bhaile agaibh anois ar bhealach?

**VF:** Ó tá crowd ann agus sílim nach bhfeicfidh tú cuid acu in Éirinn aríst…seachas ar cuairt. Tá mé a cheaptha go bhfuil 13 as an gceantar i bhfoisceacht tuairim míle go leith dá cheile i Sydney. Dháiríre, tá muid níos gaire dá chéile ná dá mbeadh muid sa mbaile.

**MOC:** Cén áit é sin i Sydney?

**VF:** Áit ar a dtugtar Chippendale...tá sé i bhfoisceacht 5 nóiméad siúil do lár na cathrach. Áit dheas. Ní fheicfeá thart ach Éireannaigh agus Sínigh.

**MOC:** Tá cuimse Éireannaigh ann…

**VF:** Ó chuile áit. Tá sé lán leo. Cloisfidh tú canúintí as chuile áit in Éirinn ann. Agus tá siad ag teacht ann as éadan i gcónaí. Tháinig roinnt as Ros Muc ann le gairid agus roinnt as Gaillimh.

**MOC:** Ar fonn a bhíonn ar dhaoine cuid den domhan a fheiceáil no ar cúiseanna oibre anois é?

**VF:** Bhí daoine ag dul ann go bhfeicfidis an tír ach tá daoine ag dul ann ag iarraidh oibre anois freisin. Tá mé a'cheaptha go bhfeicfidh tú go leor ag dul ann as Éirinn san athbhliain. Tá obair fairsing, go háirithe má tá ceird

agat. Silim gur tuairims 800 dollaer Astrálach an meán pháigh atá ann – sin tuairim €400 san airgead sin againne. Ach tá tú níos mo téagair san airgead san Astráil – tá an costas níos ísle ná anseo. Má tá tú ag iarraidh slám airgid a dhéanamh oibreoidh tú uaireannta fada – ón 6.30 ar maidir go 6.30 trathnóna agus roinnt taistil freisin.

**MOC:** Innealtóir thú féin a Val. An bhfuil difríocht sa jab san Astráil seachas anseo in Éirinn?
**VF:** Ó tá. Sé an téarmaíocht an rud is mó a chuirfidh as do dhuine. Caithfidh tú a dhul i gcleachtadh ar sin. Ní hiad na téarmaí céanna atá acu agus atá anseo. Bhí deacracht ag baint leis an gcuid sin dó, ceart go leor.

**MOC:** Céard faoin bpeil. Ar airigh tú uait é?
**VF:** Ó tá mé dá mhisseáil go mór. D'imir mé ar feadh tamaill le foireann Pádraig Pearses i Melbourne ach níor imir mé i Sydney. Ní raibh triáil cheart agam de bharr uaireannta fada oibre. Ach, tá rún agam iarraidh a thabhairt faoi i Sydney an chéad bhliain eile.

**MOC:** Breathnaíonn tú aclaí agus lom, láidir. An ndearna tú traeneáil éicint eile?
**VF:** Bhí mé féin agus cuid de na lads ag dul chuig an Gym seasta ar feadh tamaill mhaith. Meáchain is mó a rinne mise ann. Ach is beag triáil a bhí agam le scaitheamh.

**MOC:** An mbeidh tú ar is aríst i ngeansaí buí agus dubh Charna..meastú?
**VF:** Ó tá súil agam go mbeidh. Go deimhin, bhí súil agam go bhfaighinn deis an geansaí a chur orm dá bhfanfadh Carna san iomaíocht sa tSraith Idirmheánach. Chaill siad an cluiche sin in aghaidh Uachtar Ard dhá lá sul ar landáil mé ar ais in Éirinn. Bhí an-díomá orm faoi sin. Bhínn ag coinneáil ar an eolas fúthu san Astráil. Bhí súil agam go mbeadh tuilleadh cluichí fanta nuair a tháing mé. Sílim nár imir Carna/Caiseal go maith an lá sin…agus sé'n trua é gur tharla an rud eile faoin objection agus an cluiche a bhí ceaptha a bheith in Uachtar Ard. Ach, cén neart ar anois. Rinne siad thar cionn i mbliana nuair a chuimhneodh tú ar an méid lads atá imithe.

**MOC:** Beidh tú ar ais in Éirinn aríst, adeir tú. An mbeadh fonn ort cónaí anseo ina bhaile dúchais no in áit éicint eile?
**VF:** B'fhearr liom a bheith réasúnta gar do Ghaillimh. Tá tú níos gaire do rudaí go leor. Ach bheinn anseo go minic. Ar ndóigh, bhínn ag teacht amach 4 oíche sa tseachtain ag traeneáil leis an bhfoireann sul a ndeachaigh mé don Astráil.

**MOC:** Tá coiste tagtha le chéile anseo agus iad ag iarraidh seomraí nua feistis, Gym agus halla a thógáil. Céard a déarfá leis sin?
**VF:** Ó rud iontach a bheadh ann. Cur i gcás…bíonn na lads ag taisteal le dhul ag traeneáil le meáchain agus obair Gym. Ní gá gur áit an-mhór a bheadh ann. Tá tú inann go leor stuif a chur isteach in áit nach bhfuil mór. Tá súil agam go mbeidh sé ann.




Connie Ní Fhatharta

# CLINICÍ

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

An Dara Satharn sa Mí

| | |
|---|---|
| **Tigh Bhéara, Carna** | **10.00-11.00 r.n.** |
| **Tigh Keane, Cill Chiaráin** | **11.15-12.15 i.n.** |
| **An Tearmann, Camus** | **12.30-1.30 i.n.** |
| **Siopa Mhárta, Na Minna** | **2.00-3.00 i.n.** |
| **Ostán Crúiscín Lán, Spidéal** | **3.00-4.00 i.n.** |
| **Bearna Golf Club** | **4.15-5.15 i.n.** |

*Is féidir teagmháil a dhéanamh liom sa mbaile*

**Cladhnach, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Fón/Faics: 091 572140**
**An Comhairleoir Contae & Ball Tofa Údarás na Gaeltachta**




*Micheál Mac Oireachtaigh taobh amuigh dá shiopa i gCarna agus siopadóireacht na Nollag 2008 ag tosnú.*

*Tá gnó ag muintir Mhic Oireachtaigh i gCarna le 150 bliain ... agus b'fhéidir tuilleadh. Tá Micheál ag cuimhnú ar chúrsaí a thógáil níos réithe. D'fhéadfadh sé gurbh í seo an Nollaig dheireadh aige ag plé leis an ghnó. "Is maith an scéalaí í an aimsir", arsa Micheál "ach is leor nod don eolach!" Go n-éirí le Micheál, Maighréad agus muintir Mhic Oireachtaigh i 2009, bíodh siad ag plé leis an siopa nó ag tógáil an tsaoil níos réithe.*


# Comharchumann Chonamara Thiar Teo

## C.C.T. (Co-Op) Teo.

*Beannachtaí na Nollag*
*agus Bliain Nua faoi Mhaise*
*dar gcustaiméirí agus don Phobal ar fad*

**Comharchumann Chonamara Thiar Teo.**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**095-33436**
**Riomhphost: coopct@eircom.net**

NDP

Funded by the Irish Government under
The National Development Plan

teagasc

# REPS 4

# Teagasc REPS Planning Service

Avail of Increased Payments under REPS 4

**Free Consultation on the "pros and cons" of REPS 4**

**For further information contact:**

**Teagasc, Terryland Retail Park, Headford Road, Galway at (091) 562101**

**David Callinan – Connemara Area at (091) 562101**

# CUID 3
# idir 96-97

# Áras Shorcha Ní Ghuairim

# Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna



## Cúrsaí Réamhollscoile agus Cúrsaí Oideachais den dara seans

- An Clár i gCultúr Áitiúil – Tionscnamh Traenála Áitiúil i gComhar le FÁS a áiríonn Scileanna Teanga agus léargas ar an gCultúr Dúchasach cónasctha le scileanna ríomhaireachta.
- Ranganna labhartha Gaeilge do thosaitheoirí agus d'fheabhsóirí
- Ranganna ríomhaireachta do raon leathan spriocghrúpaí

## Cúrsaí Fochéime

- Dioplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó – Cúrsa bliana lánaimseartha dírithe ar dhaoine ar mhaith leo fostaíocht a aimsiú mar riarthóirí oifige agus mar chúntóirí riaracháin.
- Dioplóma sna Teicneolaíochtaí Gnó – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, dírithe ar dhaoine ar mhaith leo scileanna láidre nua-theicneolaíocha a aimsiú.
- Dioplóma i Léann an Traidisiúin – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, ar a dtugtar léargas thar a bheith spéisiúil ar an gcultúr traidisiúnta agus an béaloideas.
- Dioplóma sa Ghaeilge – Scileanna láidre teanga idir labhairt agus scríobh a roinnt le daoine

## Cúrsaí agus Deiseanna Iarchéime

- M.Sc. trí Thaighde sa Ríomhaireacht – deis do chéimithe cáilithe le Gaeilge tréimhse a chaitheamh i mbun taighde ar shainréimse de Theicneolaíocht na Faisnéise
- Tionscnaimh taighde a chonascann teanga agus teicneolaíocht ar bhealaí nuálacha
- Sainchomhairle i leith na Gaeilge agus na Nuatheicneolaíochta

**Tuilleadh eolais:**

Fón: 095 – 32834
Facs: 095 - 32836
Ríomhphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie
www.acadamh.ie

**COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE**
Co. Galway Vocational Education Committee

## Soláthraithe Oideachais san 21ú hAois

- **Raon iomlán Cúrsaí Lae á gcur ar fáil i nGairmscoileanna uile an Choiste Gairmoideachais (12), lena n-áirítear 3 Scoil Oileáin agus 3 Scoil i nGaeltacht Chonamara**
  - **Baile Átha an Rí**
  - **Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí**
  - **Baile Locha Riach**
  - **Tuaim**
  - **An Creagán**
  - **An Cnoc Breac**
  - **Indreabhán**
  - **Ros Muc**
  - **Corr na Móna**
  - **Inis Oírr, Oileáin Árann**
  - **Cill Rónáin, Oileáin Árann**
  - **Inis Meáin, Oileáin Árann**

- **Cláir faoin Scéim Deiseanna Oilúna Gairmoideachais ( VTOS), oideachas athdheise do dhaoine 21 bliain d'aois agus os a chionn atá ag fáil Sochair Leasa Shóisialaigh**
  - Ros Muc
  - Leitir Fraic
  - Tuaim
  - Béal Átha na Slua

- **Ionaid Ógtheagmhála, ag tairiscint oideachas athdheise do lucht luathfhágála scoile sna hionaid seo a leanas**
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Leitir Móir
  - Leitir Fraic
  - Port Omna (ag oscailt go luath)

- **Ionaid Oiliúna do Thaistealaithe Sinsearacha**
  - Béal Átha Ghártha
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Baile Locha Riach

- **Ionad Oideachais Allamuigh (faoin aer), ag tairiscint cóiríocht chónaithe do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh**
  - Ceapach na gCapall, An Fhairche, Co. na Gaillimhe

## Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Cuireann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe clár cuimsitheach aosoideachais ar fáil ar fud an chontae, cosúil le An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir litearthachta d'aosaigh, cúrsaí oíche, Filleadh ar Oideachas, Filleadh ar Fhoghlaim, Seirbhísí Rianaithe (tracking) & Aighneachta (advocacy), Seirbhís d'Oideachas Pobail agus cruthú Áiseanna Foghlama trí Ghaeilge ag *Breacadh.*

**Seosamh Mac Donncha**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

# JOSIE CONNEELY
## COMHAIRLEOIR CONTAE.

"MOLAIM SIBH AS BHUR GCUID
OIBRE I GCARNA AGUS CILL CHIARÁIN.
TÁ MÉ AR AN BPORT CÉANNA LÍBH –
JABANNA – BÓITHRE MAITHE – CEAD
PLEANÁLA – UISCE- SÉARACHAS".

<u>SEOLADH:</u> BAILE CONAOLA, CONAMARA.
<u>TEILEAFÓN:</u> 087-9528808.

NOLLAIG MHAITH AGUS BLIAIN NUA
MHAITH AGAIBH UILIG AR FUD
CHONAMARA.



TUGAIGÍ CUAIRT AR AN MAINNIN
BAY HOTEL I MBAILE CONAOLA.
IMEACHTAÍ NOLLAG, BÉILÍ, DEOCH
NO SEASAMH AR AN URLÁR.

095-23120

# NOEL GREALISH T.D.



**OIFIG TOGHCHEANTAIR**

**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**



# Frank Fahey T.D.

**BEANNACHTAÍ NA NOLLAG ORAIBH UILIG I GCARNA, I GCILL CHIARÁIN AGUS AR FUD CHONAMARA.**

**Oifig na Gaillimhe: ........ 091-771020**
**Fón Póca: ....................... 087-6976888**
**Dáil: ............................... 1890 337 889**

**Fair play dhibh as an Irisleabhar a chur amach aríst – is deas an rud é do dhaoine sa mbaile agus do dhaoine atá as baile an t-am seo den bhliain.**

# Jackie Ó Cualáin

## CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil***
***ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**"Member of Construction Industry Federation"**
**C.I.S.**
**"Member of Home Bound"**

# Thomas Welby

**Comhairleoir Contae**



Nollaig Mhaith Dhíbh Uilig Ar Fud Chonamara

**Tá fail orm ag: 091-552959**



RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an bhFóram Pobail as a bhfuil déanta acu.*



# TIGH MHORÁIN

**Marian Lydon-095 32987**

***Earraí Grósaera***
***Gual,***
***Briquettes***
***Gais agus Beatha Beithíoch***

***Ón Siopa díreach go dtí do dhoras***

**Oscailte ó 8:30 – 9:00**
**7 la na seachtaine**

# SEOSAMH Ó CUAIG

Áill na Brún, Cill Chiaráin



**Tá fáil orm i gcónaí …**

**095-33428**

**agus**

**087-2194247**

**Comhairleoir Contae**
**Comhalta Tofa - Údarás na Gaeltachta**

*Nollaig mhaith agaibh uilig*

# Frank Conroy

## M.I.P.A.V.

## CEANTÁLAÍ

***Seirbhís luachála talúna agus foirgintí***

*"Seirbhís thrí Ghaeilge má theastaíonn sin uait"*

**Uimhreacha teileafóin: 091-869997 nó 087-2231935**

# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

*Eolas iomlán ar fáil :*

**Rúnaí Áitiúil**

Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara
Fón: 095-33412

**Stiúrthóir**

Ciara Nic Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille
Inis, Co. an Chláir
Fón: 065-6839670



# Teach Ghlinnsge



Bar/Restaurant and craftshop

***"Comhghairdeachas leis an iris"***

Ó
Micheál & Séamus
Ó Chlochártaigh
Fón 095-32846/32279



# Séan Kyne

Comhairleoir Contae



Más féidir liom cabhrú leat ar bhealach ar bith ar fud Chonomara, thuaidh, theas, thiar nó thoir cuir glaoch orm.


**Seoladh:** Clydagh, Moycullen
**Teileafón:** 087 6137372
**rphoist:** kynesean@eircom.net

Nollaig shábháilte shéanmhar díbh go léir

## Seirbhísí Eolais don Phobal

*faoi scáth*

**Chumas Teo.**
Páirtíocht Chonamara & Árann




**Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal**

| CEANTAR | OIFIG FO-ROCHTA | LAETHANTA GACH MÍ | AM |
|---|---|---|---|
| **Ros Muc** | Beidh Oifigeach ar fáil i Ros Muc gach lá den tseachtain ón 9.30 r.n – 4.30 i.n. | | |
| **Iorras Aithneach** | Teach an Údaráis | An dara & an ceathrú Aoine | **10.30 r.n. – 1.00 i.n.** |
| **An Cheathrú Rua** | | An chéad & an tríú Déardaoin | **10.30 r.n. – 1.00 i.n.** |
| **Ceantar na nOileán** | Spórtlann Mhichael Mhóir, Páirc a'Mháimín | An chéad & an tríú Déardaoin | **02.00 i.n. – 4.00 i.n.** |
| **Cois Fharraige** | Oifig an Chomhar Chreidmheasa | An dara & an ceathrú Máirt | **10.30 r.n. – 1.00 i.n.** |
| **Dúiche Sheoighe** | Oifig C.D.S. | Gach Céadaoin | **02.00 i.n – 4.00 i.n** |
| **An Caiseal** | Ionad Pobail an Chaisil | An dara Céadaoin | **11.00 r.n. – 1.00 i.n.** |

**Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal**
**Na Trí Oilean Árainn**

| CEANTAR | OIFIG FO-ROCHTA | LAETHANTA GACH MÍ | AM |
|---|---|---|---|
| **Inis Mór** | Oifig an Chomhar-chumainn | An ceathrú Déardaoin | **10.30 r.n. – 4.00 i.n.** |
| **Inis Meáin** | Oifig an Chomhar-chumainn | An dara Déardaoin | **10.30 r.n. – 4.00 i.n.** |
| **Inis Oírr** | Oifig an Chomhar-chumainn | An tríú Máirt | **10.30 r.n. – 4.00 i.n.** |

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón … 095-32854/ 32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,**M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***

# Tigh Leavy

Aird Mhóir

## Siopa Grósaera
## Búistéara / Fíon

Fón / Facs: 095-32230



Seolann muid beannachtaí na Nollag
chuig ár gcustaiméaraí ar fad

# BARBARA





Guargaire

Muigh Iorras, Carna

**Dearbháin ar fáil**




Teileafón: (087) 6607587

Máirt – Satharn

*Is féidir coinnithe a dhéanamh sa tráthnóna*



# Lough Inagh Lodge Hotel








Inagh Valley Recess, Connemara, Co. Galway

Tel 095-34706
Fax E-mail:inagh@iol.ie

Web http://www.loughinaghlodgehotel.ie

# SEÁN Ó NEACHTAIN MEP

Toghacheantar an Iar Thuaiscirt



***"Ag Obair ar do Shon san Eoraip"***

*Beannachtaí na Nollag*
*agus Ath Bhliain faoi Mhaise*

42 Cnoc na Radharc
Oifig Togh Cheantair
Ar Oscailt Luan – Aoine 9r.n -5i.n
Fón: 091 560020 Faics: 091 560023

rphoist: seanoneachtain@eircom.net
idirlíon: www.oneachtain.com

# TIGH CHADHAIN

BAR & BISTRO

CILL CHIARÁIN — CONAMARA — IRELAND

**www.coynesbar.net**



## Camus Autos
## Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.


Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

**Feichín O'Flatharta**
**Seirbhís**
**Mionbhus/Hackney**

**087-2347776**



**Ait ar bith**
**Gaillimh,Clochán,Ceathrú Rua……..**

**Glaoith am ar bith…..**

*Beannachtaí na Nollaig don Phobal uilig.*

# Éisc Uí Fhlatharta Teo.

An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-32208 Fax: 095-32504

## FEILMÉIREACHT ÉISC

***An Bradán***

**STIÚRTHÓIRÍ:**
**DARA ÓG Ó FLÁTHARTA,**
**LIAM Ó FLÁTHARTA**

**Pádraig Mac Cormaic, T.D.**



"Mas grant le haghaidh na mbeithíoch é
No cúnamh le engine báid…
Scríobh do chás go pras ar pháipéar…
Mar sé Mac Cormaic an fear is fearr".

Nollaig mhait dhibh uilig.
Oifig : 114 Bóthar Mór, Gaillimh.
Fón: 091-568688.

**Ciarán Ridge**





**Plant Hire**

*Ros Dugáin*
*Cill Chiaráin*

***087-2113071***



**Tommie Stephen**

*Satellite Systems, Boiler Services*
*Cárna*
*Fón: 087 280 7137*

Sky News, Men + Motors, 5 Movie Channels
CNN, 2 Reality TV, 4 BBC, 2 Sports
UTV, 4 ITV Channel, 2 Cartoons

*Free to Air Box and Dish*




One Payment
No Bills

*Sky Digital Agent*

*Boxes and Dish Fitting – Repairs*

SKY DIGITAL



*New Sky Contracts*

Triaax Aerial Installation

RTE1, RTE2, TV3, TG4

Firebird Registered

■ *Riello* ■ *Efficiency Tested*

■ *Pump Pressure Set* ■ *Vacuumed*



**Mikie Ó Flátharta**



**Leitirdeisceart**
**Carna**
**Co. Na Gaillimhe**

**087 9593329**

*Garraíodóir Cáilithe/*
*Qualified Landscape Gardener*

# Mylotte's Carna





**Siopa Grósaera**

**Teil: 095 32256**
**Facs: 095 32951**

**Mylottes Funeral Directors**
**&**
**Funeral Home**
**Carna**

**Teil: 095 32256**
**Facs: 095 32951**

***Socraithe iomlán Sochraide agus Créamadh***
***Teach tórramh lonnaithe cóiriúil don Séipéal***



**Banc Ceannais na hÉireann**
**An Clochán**

**Save for a rainy day.**

Talk to Alice Black in AIB Clifden
095-21120 about our range of
Savings options today.

Whatever success means to you
be with AIB

Terms and conditions apply. Allied Irish Banks, p.l.c. is regulated by the Financial Regulator.



*Teach Ósta*
# *Tigh Mhóráin*

Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe Fón 095-32570

*Comhluadar Breá*
•
*Spóirt & Spraoi*

*ó Peter Fitzpatrick*

# Céad Fáilte Romhaibh

***Gasúir a baisteadh sa bpobal***
***idir 31/10/2007 agus 31/10/2008***

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Máirtín Ó Clochartaigh | Muigh Inis | Meán Fomh |
| Conall Páraic Ó Curraoin | Cill Chiaráin | Meán Fomh |
| Kaylaigh Canavan | Áill na Brún | 20-10-2007 |
| Naoise Bolger | Áird Mhóir | 27-10-2007 |
| Niall John Leavy | Carna | 24-11-2007 |
| Ella Mary Cloherty | Leitir Ard | 1-12-2007 |
| Caoilinn Páraic Murphy | Gabhla agus Tiobrad Árainn | 5-1-2008 |
| Joseph Moylan | Áird Mhóir | 26-01-2008 |
| Oisín Colm de Brún | Muigh Inis | 26-1-2008 |
| Amy Nicole Cloherty | Leitir Ard | 9-2-2008 |
| Caoimhe May Ní Cheannabháin | An Coillín | 5-4-2008 |
| Ella Ní Mhadaoin | Cill Chiaráin | 26-04-2008 |
| Michael Francis Fitzpatrick | Duibhithir | 27-4-2008 |
| Aisling Theresa Ní Chadhain | Cill Chiaráin | 10-05-2008 |
| Luke Patrick Ó Loideáin | Muighros | 24-5-2008 |
| Ciarán Colm Ó Labhrú | Muighros agus Baile Cláir na Gaillimhe | 31-5-2008 |
| Jeaic James ó Culán | Cill Chiaráin | 1-6-2008 |
| Conchur Mac Dara Ó Ceallacháin | Carna | 19-06-2008 |
| Elle May Dunworth | Muigh Inis | 22-6-2008 |
| Colm Joseph O Connell | Coill Sáile | 22-6-2008 |
| August Matthew Mac an Iomaire | Copenhagen | 2-8-2008 |
| Lorna Jade Casey | Coillín | 5-8-2008 |
| Seán Jamie Healy | Santiago, Meiriceá | 31-8-2008 |
| Kate Frances Ní Dhonnacha | Cill Chiaráin | 20-9-2008 |
| Renee Mary Devane | Aird Mhóir | 20-10-2008 |
| Grace Della Nic an Iomaire | Roisín na Mainoch | 15-11-2008 |


**Ollmhargadh Mhic Oireachtaigh**
Carna
Conamara
Co. na Gaillimhe

Fón (095)32239



*Búistéara*

*Lotto*
*Fíon*
*Bácús*




Óstán Chuan Charna
**Carna Bay Hotel, Carna, Connemara, Co. Galway, Ireland**



**Óstán 3* & restuarant Bar Food**

Proprietors: Mary & Páraic Cloherty

Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil/
all readily available locally

Fón 095 32255, Faics 095 32530
Riomhphost carnabay@iol.ie
www.iol.ie/~carnabay

# Bás
# I nGáirdín Dé

***Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 31- 10- 2007 go dtí 31- 10- 2008***

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Máirtín Seoige | Áill na Brún | Deireadh Fómhair 07 |
| Micheál Seoige | Sasana/Áill na Brún | Nollag 07 |
| Hughie Molloy | Coill Sáile | Nollag 07 |
| Mary Ann Walsh | Coill Sáile | 23 -11-2007 |
| Mary Lydon | Roisín na Mainíoch | 13 -12-2007 |
| Muiréad Ní Dhonnachadha | Aird Thiar | 27 -12-2007 |
| Cóilín Ó Cualáin | Boston / Roisín na Mainíoch | 14 -01-2008 |
| Cóilín Ó Suilleabháin | Loch Con Aortha / Carna | 04 -02-2008 |
| Máirín Bn. Uí Loideáin | Muighros | 05 -02-2008 |
| Kate Caulfield | Leitir Ard | 06 -02-2008 |
| Barbara Seoige | Bántrach Ard | 05 -03-2008 |
| Máirtín Mc Grath | Glinsce | 15 -03-2008 |
| Seán Mac an Iomaire | Muigh Inis | 15 -04-2008 |
| Seán Ó Cualáin | Caladh bhFuinnse | 20 -04- 2008 |
| Seán Ó Gaora | Muigh Inis | 22 -04-2008 |
| Bairbre Bean Uí Chathasaigh | Muigh Inis | 24 -04-2008 |
| Bríd Bean Uí Uaithnín | Más | 06-05- 2008 |
| Bríd Bean Uí Dhomhaill | Muigh Inis | 31-05- 2008 |
| Mairéad Bhreathnach | Roisín na Mainíoch | 01-06-2008 |
| Macdara Mac Donnacha | Áird Thoir | 04-07-2008 |
| Oliver Ó Cadhain | Gabhla | 07-08-2008 |
| Pat Cheoinín | Fínis agus Gaillimh | 27-08-2008 |
| Máirín Bean Uí Cheoinín | Leitir Ard agus Carna | 11-09-2008 |
| Pádraig Ó Conghaile | An Meall Rua | 20-09-2008 |
| Seamus Ó Cuaig | Cill Chiaráin agus Boston | 13-11-2008 |


**office chat**

**"your local office supplier"**

**Printers/Fax Machines/Telephones**
**Laminators/Shredders**
**Office Furniture**
**Photocopying/Faxing**
**Laminating/Binding/Printing**

**Mobile phone dealers for**

O2 meteor vodafone 3

**Galway Road, Clifden Tel 095-21911**
**Fax 095-21841 E-mail sales@officechat.ie**

**Joyce's Grocery**

Recess, Connemara, Co.Galway
Phone: 095 34658 Mobile: 087 2686946
joycesgrocery@hotmail.com

Opening Hours: 7.30am – 7pm Mon - Sat

**For All Your Farm Needs**

Cattle Feeds – Horse Feeds – Sheep Feeds –
Shavings – Coal – Briquettes – Wire & Stakes

**We deliver to your door.**


**Comhar Chreidmheasa an Chaisil**

**An Credit Union**

In Oifig Údarás na Gaeltachta i gCarna
6 go dtí an 7 trathnóna Déardaoin.

Teileafón 095-31128 - oifig an Chaisil
095-21101 - oifig an Chlocháin.

Iasacht uait?
Fan gar go bhaile leis an gComhar Chreidmheasa.



**Áilleacht**
**Stephanie Ní Dhúbhda**
**Carna**
**ITEC/CIBTAC**

**Telefón: 095-32277**
**087-6457715**



**Dip i gCéir na gCos/ Dip i Smidiú an Éadain**

**An t-éadan – na mailí, na feabhraí an smig- na cosa, na hingní srl.**

Cuirfidh Stephanie Ní Dhúbhda cóir mhaith ort.



**Rath agus séan agus aoibhneas na Nollag oraibh uilig –**
**Ón gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg, Áine agus a gclann.**



**Déan teagbháil liom ar ar bith de ló no d'oíche in Indreabhán.**
**Teileafón: 091-593084 no 086-3864179.**

# CARNA
## SEAIMPINÍ NA GAELTACHTA 1978



Foirean Charna a bhuaigh Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta í nGlean Cholmcille i nDún na nGall 25 bliain ó shin: An líne cúil, ó chlé: Pádraig O Cosgordha (roghnóir), Pádraig Mac an Iomaire, Peadar Ó Clochartaigh, Stiofán de Búrca, Seán Ó Loideáin, Máirtín Berry, Marcus Ó Maolchiaráin, Breandán Ó Cadhain, Máirtín Mac Craith, Seosamh Mac an Iomaire, Gearóid Ó Ceannabháin, Donnchadha Ó Gallchóir (Aire na Gaeltachta san am), Pádraig Ó Coirbín, Micheál Ó Cuaig, Liam Ó Críodhán, John Joe Seoige agus Cóilín Mac Craith (roghnóir).
An líne tosaigh: Seán Ó Ceoinín (roghnóir), Risteárd Ó hEidhin (roghnóir), Roibeáird Ó hÉilí, Seán Mac Donnchadha, Peadar Ó Ceannabháin , Seosamh Mac Donnchadha, Pádraig Ó Catháin, Seán Ó Conghaile, Gearóid Ó hIarnáin, Maitias Ó Coirbín, Colm Ó Ceannabháin agus Peadar Ó hIarnáin.




Foireann Idirmheánach Charna/an Chaisil 2008 – Chun tosaigh ó chlé: Colmán Ó Maoilchiaráin (captain), Colm Ó Looideáin, Seosamh Ó Cathasaigh, Seán Seosamh Ó Curraoín, Micheál Ó Clochartaigh, Seosamh Seoige, Dónal Ó Dúbhda, Cillian Ó Coirbín, Marcus Mac Fhlannchadha.

Ar gúl ó chlé: Seán Ó Cualáin, Colm Mac an Ríogh, Séamus Ó Clochartaigh, James Ó Flatharta, Dónal Ó Súilleabháin, Micheál Ó Coirbín, Seán Ó Cillín, Stiofán Ó Cuirrín agus an traeneálaí Pat O' Hanlon.

Tógadh an pictiúr seo théis an chluiche idir iad féin agus an Fháirche i gCarna ar an 28ú Meán Fómhair. Chrutaigh an fhoireann óg seo thar cionn i 2008 – fiú agus go raibh go leor lads imíthe don Astráil agus go háiteacha eile.